

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 1 Iúil 2014 – 30 Meitheamh 2015



Commission for
Communications Regulation

Sracfhéachaint ar an Straitéis

MISEAN COMREG

Chun éascú d'fhorbairt earnála cumarsáide iomaíche in Éirinn tríd an rialáil éifeachtach agus ábhartha, dá mealltar an infheistíocht, a spreagann an nuálaíocht agus a chumhachtaíonn tomhaltóirí chun seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid le hiontaoibh.

LUACHANNA COMREG

Ionracas
Neamhchlaontacht
Éifeachtacht
Feabhas
Trédhearcacht

Arna cur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i gcomhréir le hAlt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002

TOMHALTÓIRÍ A CHOSAINT AGUS A CHUMHACHTÚ



EOCHAIR-DHÚSHLÁIN do na blianta 2014-16

Na hoibleagáidí bunseirbhíse (lena n-áirítear seirbhís uilíoch) a choinneáil suas chun dáta de réir mar a athraíonn an teicneolaíocht.

ÁR dTOSAÍOCHTAÍ do na blianta 2014-16

Sásamh iomchuí bhunéilimh chumarsáide leictreonaí gach tomhaltóir a chinntiú, lena n-áirítear iad siúd le míchumais

Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go dtugtar cosaint don rochtain ar sheirbhísí 112/999 de réir mar a choinníonn athruithe reachtúla orthu ag teacht aníos

Leanúint ar aghaidh ag cosaint leasanna tomhaltóirí nuair a théann siad i ngleic leis an PRS

Líon na dteagmhas mar nach dtugann a soláthraí seirbhíse aghaidh ar chearta tomhaltóirí a laghdú.

Taithí tomhaltóirí i ndáil le conarthaí agus iompú a bharrfheabhsú Soláthraithe seirbhíse a stiúradh chun seasamh le cearta tomhaltóirí agus chun seirbhís a sheachadadh don chustaiméir

Tomhaltóirí a chumasú chun roghanna eolacha a dhéanamh nuair a éiríonn táirgí agus tairiscintí níos casta.

Éifeachtacht eolais agus cumarsáide ComReg leis na tomhaltóirí a uasmhéadú



BHEITH INA EAGRAS ÉIFEACTACH AGUS ACLAÍ

EOCHAIR -DHÚSHLÁIN do na blianta 2014-16

ÁR dTOSAÍOCHTAÍ do na blianta 2014-16

Freagairt go gasta d'athruithe móra beartais agus margaidh laistigh de shrianta soláthair acmhainní

AN IOMAÍOCHT INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN



EOCHAIR-DHÚSHLÁIN do na blianta 2014-16

Treocht na hiomaíochta miondíola méadaithí a chothabháil

Iomaíocht bunaithe ar bhonneagar a chumasú trí leas a bhaint as na glúnta den teicneolaíocht

Tairbhí tomhaltóirí ón iomaíocht bhonneagair a uasmhéadú sna ceantair le daonra níos duibhe iontu, agus cosaint a thabhairt do leasanna tomhaltóirí sna ceantair mar nach bhfuil an iomaíocht bunaithe iontu

ÁR dTOSAÍOCHTAÍ do na blianta 2014-16

Cur chun feidhme éifeachtach na leigheasanna mórdhiola reatha a chinntiú, agus an cur chuige á chur in oiriúint do na coinníollacha iomaíocha

An iomaíocht agus an infheistíocht a chur chun cinn agus cosaint a thabhairt do leasanna úsáideoirí sna ceantair le daonra níos báine iontu

An iomaíocht chothrom agus bhríomhar a chur chun cinn sa láthair mhargaidh mar a roghnaíonn úsáideoirí idir táirgí traidisiúnta agus nua, agus idir táirgí aonair agus cuachadh táirgí

A chinntiú go léirítear idir theicneolaíocht líonra oidhreacht agus den chéad ghlúin eile sna tairiscintí mórdhiola, ionas go gcuirfear an iomaíocht chun cinn bunaithe ar an leibhéal bonneagair is doimhne agus is féidir

Saothrú chun a chinntiú gur saor iad na margaí soghluaiste ó shaobhadh iomaíoch

ÉASCÚ DON NUÁLAÍOCHT, INFHEISTÍOCHT MARGADH INMHEÁNACH



EOCHAIR-DHÚSHLÁIN do na blianta 2014-16

Infheistíocht leanúnach sa leathanbhanda ardluais a chumasú

Speictream a chur ar fáil chun éilimh éagsúla na sochaí a shásamh

ÁR dTOSAÍOCHTAÍ do na blianta 2014-16

Rolladh amach tráchtála NGA a spreagadh an oiread agus is féidir Bailchríoch a chur le straitéis don bhanda UHF (470-790MHz)

Speictream breise a scaoileadh don leathanbhanda gan sreang

Tástáil & Triail Éireann: Clár taighde agus forbartha na hÉireann a chur chun cinn

Ár ndaoine a fhorbairt trí fheabhsú oilteachtaí agus feasa

Próisis agus cinnteoireacht thráthúil agus láidre rialúcháin a chumasú

Éifeachtacht agus éifeachtúlacht phróisis ghnó ComReg a fheabhsú

Éabhlóidiú an chomhshaoil rialacháin náisúnt agus idirnáisúnta a mhúnlú

Rannpháirtíocht a éascú trína chinntiú go dtuigeann na geallsealbhóirí a mbíonn ar bun againn

CLÁR ÁBHAR

Coimisinéirí	5
Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin	5
Maidir le ComReg	6
Forbhreathnú ar an Margadh Cumarsáide	9
Athbhreithniú an Chathaoirligh	14
Seirbhísí Miondíola agus Tomhaltóirí	16
An Iomaíocht	23
An Nuálaíocht	27
Bainistiú Speictrim Raidió	27
Ceadúnú Speictrim Raidió	29
Uimhriú	32
Rialáil Poist	35
Seirbhísí Corparáideacha	38
Gnóthaí Idirnáisiúnta	42
Ráitis Airgeadais	47

Coimisinéirí



Kevin O'Brien
Coimisinéir



Gerry Fahy
Coimisinéir



Jeremy Godfrey
Cathaoirleach

Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin



Caroline Dee-Brown
Ard-Abhcóide



Barbara Delaney
Stiúrthóir, Rannán Seirbhísí
Miondíola agus Tomhaltóirí



Joe Heavey
Stiúrthóir
Rannán Seirbhísí Corparáideacha



Donal Leavy
Stiúrthóir
Rannán Mórdhiola



George Merrigan
Stiúrthóir
Rannán Chreat Margaídh



Dr John Evans
Comhairleoir Sinsearach
Eacnamaíocht, Beartas agus Taighde



MAIDIR LE COMREG

Is é ComReg an comhlacht reachtúil atá freagrach as rialáil na seirbhísí cumarsáide leictreonaí (an teileachumarsáid, an chumarsáid raidió agus líonraí craolacháin), poist agus ardráta. Is é ComReg an t-údarás rialála náisiúnta do na hearnálacha úd, i gcomhréir le Dlí an AE agus na hÉireann. Ina theannta sin is amhlaidh a bhainistimid an speictream radaimhnicíochta agus an acmhainn uimhrithe náisiúnta, i measc freagrachtaí eile.

Struchtúr Eagrúcháin

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (ComReg) an 1 Nollaig 2002 agus is faoi cheannaireacht Coimisiúin suas le triúr Coimisinéirí é. Bhí triúr Coimisinéirí sa Choimisiún ag deireadh na tréimhse tuairiscithe sin: Gerry Fahy, Jeremy Godfrey agus Kevin O'Brien.

Is é an Coimisiún, i dteannta leis an bhFoireann Ceannaireachta, atá freagrach as bainistiú straitéiseach agus oibriúcháin an eagrais. Braitheann ComReg ar iarrachtaí ár bhfoirne go léir (lena n-áirítear dlíodóirí, eacnamaíthe, innealtóirí, cuntasóirí, anailísithe gnó agus speisialtóirí riaracháin) chun ár misean a sheachadadh agus chun ár gcuspóirí rialúcháin a shásamh.

Oibríonn ComReg mar chomhlacht coláisteach, agus glacann na Coimisinéirí cinntí i gcomhar a chéile. Feicimid é seo mar chéim thábhachtach chun brí an tAcht um Rialáil Cumarsáide 2002 a chomhlíonadh, lenar bunaíodh an Coimisiún. Tá ceithre Rannáin in ComReg, le tacaíocht ó Ard-Abhcóide agus Comhairleoir Eacnamaíoch Sinsearach. Tá an struchtúr bunaithe ar fhoirne trasfheidhmeacha ag oibriú i gcomhshaol ildisciplíneach.

Feidhmeanna ComReg

Is é ComReg atá freagrach as cur chun cinn na hiomaíochta, as cosaint tomhaltóirí agus as spreagadh na nuálaíochta. Pléimid le saincheistean casta an dlí, na heacnamaíochta, na cuntasáíochta, an rialúcháin agus na teicneolaíochta. Is aidhm linn a chinntiú go mínítear ár gcinntí go soiléir.

Leagtar amach ár gcuipóirí i gcomhréir leis an reachtaíocht phríomha agus thánaisteach araon, agus tá an creat reachtúil sin ag éabhlóidiú i gcónaí. Méadaíodh freagrachtaí agus cumhachtaí ComReg thiar sa bhliain 2007, chomh maith leis na bearta forghníomhaithe, leis an Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007. Tugadh cumhachtaí den Acht Iomaíochta do ComReg go sonrach i ndáil leis an gcumarsáid agus na seirbhísí leictreonacha. Aistríodh leis an Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta & Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí) 2010 an fhreagracht as rialúchán na seirbhísí ardráta, agus thosaigh ComReg ag rialáil an limistéir sin i mí Iúil 2010. Tagann an Rialúchán Poist faoi réir an tAcht Poist 2011.

Is faoi na hAchtanna um Rialáil Cumarsáide 2002 chuig 2011 a bhíonn réimse feidhmeanna agus cuipóirí ag ComReg i ndáil le soláthar líonraí cumarsáide leictreonaí, seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus poist.

Áirítear leo siúd:

- Comhlíonadh na n-oibreoirí le hoibleagáidí a chinntiú
- An iomaíocht a chur chun cinn
- Rannchur le forbairt an mhargaidh inmheánaigh
- Leasanna úsáideoirí laistigh den Chomhphobal Eorpach a chur chun cinn
- Bainistiú agus úsáid éifeachtúil an speictrim agus na n-uimhreacha radaimhinicíochta ón scéim uimhrithe náisiúnta a chinntiú
- Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn, agus infhaighteacht seirbhíse uilíche go sonrach
- Leasanna úsáideoirí deiridh na seirbhísí ardráta a chosaint

Clúdaíonn an Tuarascáil Bhliantúil ár n-eochairghníomhaíochtaí idir Dé Máirt 1 Iúil 2014 agus Dé Máirt 30 Meitheamh 2015.

Rannáin ComReg agus a Stiúrthóirí:

Creat Margaidh - Stiúrthóir: George Merrigan

Is é an Creat Margaidh atá freagrach as bainistiú an speictrim raidió. Maoirsíonn sí freisin an réimeas údarúcháin ghinearálta don earnáil cumarsáide leictreonáil in Éirinn, agus déanann monatóireacht ar chomhlíonadh le coinníollacha údarúcháin ghinearálta. Ina theannta sin is é atá freagrach as rialáil na hEarnála Poist. Is é an Creat Margaidh a bhainistíonn an speictream raidió agus eisiónn tuairim 16,000 ceadúnas Raidió-Theileagrafaíochta in aghaidh na bliana do chuideachtaí agus daoine aonair éagsúla. Ina theannta sin is amhlaidh a riarann an Creat Margaidh Plean Uimhrithe Náisiúnta na hÉireann, chomh maith leis an gcreat a sholáthar do cheangaltais rialaitheacha nua i leith uimhriú do na margaí seasta agus gan sreang araon.

Rannán Mórdhíola - Stiúrthóir: Donal Leavy

Is é an Rannán Mórdhíola a láimhseálann gach saincheist maidir le rialáil an mhargaidh mhórdhíola teileachumarsáide lena n-áirítear cúrsaí mar idirnascadh, réiteach díospóidí, díchuachadh na lúibe logánta agus praghsáil na dtáirgí mórdhíola rialaithe. Is é an Rannán seo freisin a mbíonn ról aici i ndáil le himlonnú leathanbhanda agus na rochtana den chéad ghlúin eile. Is faoin Mórdhíol an fhreagracht as comhlíonadh na teileachumarsáide. Is faoin Rannán seo freisin an fhreagracht as gnéithe airgeadais rialúcháin na hearnála teileachumarsáide.

Rannán Seirbhísí Miondíola agus Tomhaltóirí - Stiúrthóir: Barbara Delaney

Is é an Rannán Seirbhísí Miondíola agus Tomhaltóirí a láimhseálann an beartas i ndáil le hidirghníomhú tomhaltóirí go díreach le díoltóirí seirbhísí. Áirítear leis sin limistéir ar nós an tsoláthair sheirbhíse uilíoch de rochtain teileachumarsáide, ceartha do thomhaltóirí agus roinnt gnéithe den phraghsáil agus den fhánaíocht miondíola. Is eisean freisin atá freagrach as idirghníomhú ComReg le hinstiúidí an AE, lena n-áirítear Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha

um Chumarsáid Leictreonach (BEREC). Is iad Seirbhísí Miondíola agus Tomhaltóirí atá freagrach as monatóireacht ar cháilíocht na seirbhíse agus ar rialú praghsanna de chuid na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS). Is é an Rannán seo atá tar éis bheith freagrach as rialúchán na seirbhísí ardráta ón 12 Iúil 2010 i leith.

Rannán Seirbhísí Corparáideacha - Stiúrthóir: Joe Heavey

Forbraíonn agus forfheidhmíonn an Rannán seo gnóthaí corparáideacha agus straitéisí cumarsáide atá deartha chun feidhmíocht agus éifeachtacht eagrúcháin a fheabhsú. Is ise atá freagrach as na hacmhainní daonna, airgeadas, córais faisnéise, an tsaoráil faisnéise, caidreamh poiblí, agus feidhmeanna bainistithe saoráidí ginearálta agus as bainistiú straitéiseach don eagrais.

Ard-Abhcóide: Caroline Dee-Brown

Is é an tArd-Abhcóide a thugann comhairle i leith gnóthaí móra dlí agus i leith impleachtaí dlíthiúla na mbeartas cumarsáide in Éirinn agus san AE.

Comhairleoir Sinsearach - Eacnamaíocht, Beartas agus Taighde: John Evans

Is é an Comhairleoir Sinsearach um Eacnamaíocht & Taighde atá freagrach as comhairle eacnamaíoch a sholáthar don Choimisiún agus as rannchur eacnamaíoch d'eochairthionscadail a dhéanann ComReg.



FORBHREATHNÚ AR AN MARGADH CUMARSÁIDE

Líon na n-oibreoirí

Is faoin bpróiseas údarúchán a fhógraíonn oibreoirí in Éirinn do ComReg maidir lena rún chun líonraí nó seirbhísí a sholáthar do thríú páirtithe. Bhí tuairim 540 fógra mar sin cláraithe le ComReg faoi Mheitheamh na bliana 2015. Bhain 466 acu siúd le húdarú seasta/gan sreang, bhain 11 le húdaruithe teileafónaíochta soghluaiste agus b'údaruithe craolacháin a bhí i 63 acu.

Sciar Ioncaim den mhargadh seasta

Bunaithe ar shonraí oibreoirí arna dtaisceadh trí mheán an cheistneora don Tuairisc Ráithiúil, b'ionann sciar na nOibreoirí Údaraithe Eile (OAOí) agus 49.4% den mhargadh líne seasta iomlán i dtéarmaí an ioncaim fhoriomláin (idir mhiondíol agus mhórdíol) faoi Mheitheamh na bliana 2015 anuas ó 49.7% i mí an Mheithimh 2014. D'fhreagair Eircom d'fhuilleach an sciar den mhargadh.

CPS, WLR agus WLA seasta


Is féidir rochtain indíreach ar líonraí líne seasta do sheirbhísí glao a sholáthar trí Réamh-Roghnú Iompróra (CPS), mar a soláthraíonn oibreoir na seirbhísí glao ag baint leasa as líonra an oibreora reatha, leis an gcustaiméir ag íoc cíosa líne don oibreoir reatha.

Is trí Chíos Líne Mórdhíola (WLR) ar féidir le hoibreoir billeáil shingil a sholáthar don tomhaltóir as a gcíos líne seasta agus as a n-úsáid glao suite araon.

Is seirbhís ghutha gan lasc í an Rochtain Ghlór-Rochtana Lipéid Bháin (WLA-(Guth)) a cheadaíonn d'oibreoir chun seirbhísí glao ó cheann go ceann a cheannach gan aon ghá chun a chuid bonneagair idirnáisc féin bheith aige.

Faoi dheireadh Mheitheamh 2015, d'fhreagair WLR do 68.8% de gach líne a soláthraíodh tríd an rochtain indíreach, (aníos ó 66.5% ag deireadh Mheitheamh 2014), d'fhreagair WLA do 27.4% (anuas ó 28.9% i Meitheamh 2014) agus d'fhreagair CPS do 3.9% de línte (anuas ó 4.6% i Meitheamh 2014). Bhí 565,565 cosán rochtana indíreach ann san iomlán ag deireadh R2 2015, anuas faoi 0.2% ó Mheitheamh 2014.

Figióir 1: Cosáin Rochtana Indíreacha Caolbhanda



Cosáin rochtana seasta teileachumarsáide agus trácht glóir shuite


Bhí 1.57 milliún cosán rochtana díreach agus indíreach PSTN agus ISDN i margadh na hÉireann i R2 2015, ar mheath faoi 3.6% é ó Mheitheamh 2014. Freagraíonn an rochtain indíreach trí leas a bhaint as WLR nó CPS do 36.1% de gach cosán rochtana sa mhargadh copair shuite.

Tháinig meath go leanúnach ar an trácht glóir de bhunadh na líonraí seasta. Bunaíodh 154 nóiméad glórghlaonna seasta den mheánsíntiúsóir cónaitheach i R2 2015, i gcomparáid le 169 nóiméad i Meitheamh na bliana 2014.

Teileafónaíocht shoghluaiste

Bhí os cionn 5.78 milliún síntiús ann ag deireadh Mheitheamh 2015 le seirbhísí cumarsáide shoghluaiste in Éirinn, arbh ionann agus ráta dhul i bhfód de 124.9%.

Figióir 2: Síntiús Soghluaiste



Tháinig laghdú ar thoir na dteachtaireachtaí téacs faoi 9.7% i R2 2015 i gcomparáid le R2 2014, de bharr úsáide méadaithe na seirbhísí teachtaireachtaí meandracha ag tomhaltóirí. Sna trí mhí chuig Meitheamh 2015, sheol an meán-síntiúsóir shoghluaiste Éireannach 117 teachtaireacht in aghaidh na míosa ar an meán, i gcomparáid le meán de 129 in aghaidh na míosa sa ráithe chuig Meitheamh 2014.

Tháinig méadú ar mheánlíon na nóiméad glórghlaon míosúil in aghaidh an tsíntiúsóra shoghluaiste in Éirinn ó 198 nóiméad in aghaidh na míosa i Meitheamh 2014 chuig 208 nóiméad in aghaidh na míosa i Meitheamh 2015. Shroich an meántrácht míosúil in aghaidh an tsíntiúsóra shoghluaiste ag baint leas as seirbhísí sonraí 1.8 GB i Meitheamh 2015 i gcomparáid le 1.0GB i Meitheamh 2014.


B'ionann an Meán-Fháltas in aghaidh an Úsáideora (ARPU) i R2 2015 agus tuairim €24.8 in aghaidh na míosa i gcomparáid le tuairim €25 i R2 2014 agus le €27 in aghaidh na míosa i R2 2013. Is dócha go léirítear sa mheath sin san ARPU roinnt factóirí ar nós iad siúd is inchurtha le díolacháin mhéadaithe táirgí cuachta (meascán de ghlaonna shoghluaiste agus seasta agus uaireanta leathanbhanda agus/nó teilifís), agus laghduithe sna rátaí fánaíochta agus foirceanta shoghluaiste i measc factóirí eile.

Pórtáladh 386,236 uimhir shoghluaiste idir oibreoirí sa dá mhí dhéag anuas chuig Meitheamh 2015, rud arbh ionann agus 32,186 uimhir shoghluaiste á bpórtáil gach mí ar an meán.

Cé gur le Vodafone an sciar is mó de shíntiús go fóill (lena n-áirítear leathanbhanda soghluaiste agus síntiús mheaisín chuig meaisín) nuair a dhéantar comparáid idir R2 2015 agus R2 2014, is amhlaidh a chaill Vodafone sciar den mhargadh, síos chuig 38.4% ó 38.8%. Bhí 35.1% de na síntiúsóirí ag Three Group ag deireadh R2 2015, anuas ó 36.0% i R2 2014.


Tháinig méadú ar sciar Eircom Mobile den mhargadh faoi 0.4% ó R2 2014 i leith. Tháinig méadú ar sciar Tesco Mobile den mhargadh faoi 1.3%, agus tháinig laghdú ar sciartha margaidh na n-oibreoirí eile (lena n-áirítear Lycamobile) faoi 0.3% ó R2 2014 i leith.

Figiúr 3: Sciar den Mhargadh - Líon na Síntiús (lena n-áirítear leathanbhanda soghluaiste agus M2M)



D'fhreagair na síntiús leathanbhanda cábla i R2 2015 do 21.8%, DSL do 33.9%, VDSL do 16.6%, FWA do 2.7%, cinn eile do 0.6% agus leathanbhanda soghluaiste do 24.4% de na síntiús leathanbhanda go léir. Tá méadú tar éis teacht ar líon na síntiús VDSL agus cábla ó R2 2014, i gcodarsnacht le titim i líon na síntiús FWA, DSL, eile (snáithín/satailít), agus na síntiús leathanbhanda soghluaiste.

Figiúr 4: Próifíl na Síntiús Leathanbhanda Gníomhach de réir Cineáil



I dteannta le síntiús leathanbhanda, meastar 3,392 ball te WiFi bheith in Éirinn ag soláthar rochtana fánaí don leathanbhanda ar fud na tíre, go háirithe d'úsáideoirí ríomhaire glúine agus fón cliste. Tháinig méadú ar an bhfigiúr sin faoi 5.0% ag cur R2 2014 i gcomparáid le R2 2015.

An Leathanbhanda


Bhí 1,694,176 síntiúsóir idirlín ann faoi dheireadh Mheitheamh 2015. Freagraíonn na Línte Digiteacha Rannpháirtí (DSL) don mhórchuid de na síntiús úd go fóill ag 573,822, agus 412,610 síntiús leathanbhanda soghluaiste agus 370,112 síntiús cábla sna sála orthu. B'ionann an líon síntiúsóirí VDSL (leathanbhanda arna sholáthar thar líonra Eircom den chéad ghlúin eile) agus 281,022 ag deireadh Mheitheamh 2015.

Figiúr 5: Síntiúis agus Fás Leathanbhanda

Cineál Síntiúis	Síntiúis R2'15	Fás Ráithiúil	Fás Bliantúil R2'13 – R2'14
Leathanbhanda DSL ¹	573,822	-5.1%	-14.7%
Leathanbhanda VDSL ²	281,022	+17.3%	+111.7%
Leathanbhanda Cábla	370,112	+0.4%	+4.1%
Leathanbhanda FWA	46,140	-2.1%	-14.1%
Leathanbhanda Eile ³	10,470	-6.1%	-11.5%
Leathanbhanda seasta lomlán	1,281,566	+0.8%	+4.5%
Leathanbhanda Soghluaiste	412,610	-5.2%	-12.4%
Leathanbhanda lomlán	1,694,176	-0.7%	-0.2%

Léirítear i bhfigiúr 6 staid na hÉireann i gcomparáid le tíortha Eorpacha eile i dtéarmaí dhul i bhfód teaghlaigh an leathanbhanda shuite agus soghluaiste. Bhí Éire (80%) taobh thiar de mheán an AE28 (78%) i leith dhul i bhfód teaghlaigh an leathanbhanda (idir shuite agus shoghluaiste) sa bhliain 2014.

Figiúr 6: Comparáid Eorpach um dhul i bhfód teaghlaigh don leathanbhanda, 2014




1,2,3 Tagraíonn DSL do líne dhigiteach rannpháirtí, an meán trína seachadtar luasanna leathanbhanda (.i. sa bhreis ar 144k le sruth) thar an líonra teileachumarsáide copair.

Craolachán

Bhí seirbhís síntiúis chábla nó satailíte ag 69% de na 1.58 milliún teaghlach le teilifíseán in Éirinn, bhí seirbhís aerógach ag 41%, bhí seirbhís DTT Éireannach ag 40% agus bhí seirbhís satailíte shaor in aisce chun aeir ag 14%. Is cuibheasach íseal í fáil an chraolacháin trí mhodhanna eile/soláthraí áitiúil (seirbhísí sraonaire/leaschraolta), agus trí mhodhanna IPTV.

Figiúr 7: Tithe le Teilifíseán de réir Mhodh Fála




Forbairtí praghaís

Is i dtéarmaí foriomlána a léirítear i bhfigiúr 8 an t-athrú sa Phraghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI) agus san fho-chuid cumarsáide. Ualaíonn an CSO an chumarsáid mar 3.030% den CPI iomlán.

Agus leas á bhaint as mí na Nollag 2011 mar an bhuntréimhse, tháinig laghdú ar an CPI iomlán faoi 0.1% sa bhliain chuig Meitheamh 2015, agus tháinig méadú faoi 2.1% sna costais cumarsáide.

Figiúr 8: Praghasinnéacs Tomhaltóirí na Príomh-Oifige Staidrimh

Praghasinnéacs Tomhaltóirí agus Fo-chuid Cumarsáide,
Nollaig 2011 = 100



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

ATHBHREITHNIÚ AN CHATHAOIRLIGH



Choinnigh margadh cumarsáide leictreonaí na hÉireann air ag forbairt i rith na tréimhse arna hathbhreithniú (2014-2015), mar fhreagra d'éilimh de mhargadh athraitheach. I dtaca leis de, bhain ComReg leas as a chumhachtaí rialúcháin chun an iomaíocht a fheabhsú, an nuálaíocht a ghríosú agus chun tomhaltóirí a chur ar an eolas. Tiocfaidh tairbhí ónár saothar chun Rátaí Foirceanta Soghluaiste agus praghsáil líonra rochtana a ísliú d'úsáideoirí na seirbhísí cumarsáide.



Forbairtí sa mhargadh leathanbhanda

Bhí 1,694,176 síntiúsóir idirlín ann faoi dheireadh Mheitheamh 2015. Freagraíonn na Línte Digiteacha Rannpháirtí (DSL) don mhórchuid de na síntiús úd go fóill ag 573,822, agus 412,610 síntiús leathanbhanda soghluaiste agus 370,112 síntiús cábla sna sála orthu. B'ionann an líon síntiúsóirí VDSL (leathanbhanda arna sholáthar thar líonra Eir com den chéad ghlúin eile) agus 281,022.

Measadh 3,392 ball te WiFi bheith in Éirinn i Meitheamh 2015 ag soláthar rochtana fánaí don leathanbhanda ar fud na tíre, go háirithe d'úsáideoirí ríomhaire glúine agus fón cliste. Ba mhéadú faoi 5.0% é sin ar an mbliain roimhe sin é.



Forbairtí sa Mhargadh Soghluaiste

Bhí os cionn 5.78 milliún síntiús ann ag deireadh Mheitheamh 2015 le seirbhísí cumarsáide soghluaiste in Éirinn, arbh ionann agus ráta dhul i bhfód de 124.9%.

B'ionann an Meán-Fháiltas in aghaidh an Úsáideora (ARPU) i R2 ag deireadh na tréimhse tuairiscithe sin agus tuairim €24.8 in aghaidh na míosa i gcomparáid le tuairim €25 i R2 2014 agus le €27 in aghaidh na míosa i R2 2013. Is dócha go léirítear sa mheath sin san ARPU roinnt fachtóirí ar nós iad siúd is inchurtha le díolacháin mhéadaithe ttáirgí cuachta (meascán de ghlaonna soghluaiste agus seasta agus uaireanta leathanbhanda agus/nó teilifís), agus laghduithe sna rátaí fánaíochta agus foirceanta soghluaiste.



An Iomaíocht

Tharla roinnt forbairtí tábhachtacha le linn na tuarascála seo. Tháinig méadú ar an iomaíocht idir soláthraithe seirbhísí agus tháinig méadú gan staonadh ar sciar den mhargadh ag oibreoirí malartacha. Chlac ComReg cinntí tábhachtacha maidir le cuachadh táirgí, rátaí foirceanta, agus leathanbhanna mórthíola.

An Tomhaltóir

Bhí timpeall 23,778 saincheist ann i rith na tréimhse Iúil 2014 chuig Meitheamh 2015 faoina ndeachaigh tomhaltóirí i dteagmháil linn. Tá deighilt i measc na saincheisteanna úd idir saincheisteanna i ndáil leis an tSeirbhís Cumarsáide Leictreonaí, Seirbhísí Ardráta (SAR) agus gach cineál saincheiste eile. Bhain 20,861 de na saincheisteanna iomlána a tugadh aníos le saincheisteanna eile i ndáil le cumarsáid leictreonacha do thomhaltóirí. Ba ghearáin iad 45% de na saincheisteanna cumarsáide leictreonaí a tugadh aníos le ComReg sa tréimhse.

Dúnadh 83% de na saincheisteanna go léir a logáladh laistigh de 10 lá oibre agus dúnadh 91% acu laistigh de 20 lá oibre, agus 95% acu laistigh de 30 lá oibre..

Baineann móramh na saincheisteanna a tugadh aníos i ndáil le sainchúram ComReg leis an mbilleáil, díospóidí faoi mhuirir lena n-áirítear sonraí, cleachtadh díolachán míthreorach, seirbhís an tsoláthraí seirbhíse do chustaiméirí, iompú & iniomparthacht uimhreacha agus ró-ghearradh muirear líomhnaithe.

Choinnigh ComReg air i gcaitheamh na tréimhse ag déanamh monatóireachta ar chonarthaí do chomhlíonadh leis na rialacháin ábhartha, agus d'fhoilsigh faisnéis do thomhaltóirí i ndáil lena gcearta maidir le hathruithe do chonarthaí, agus foilseoidh sé tuilleadh nuashonruithe de réir mar is cuí.

Ghlac ComReg gníomh comhlíonta i ndáil le Yourtel Limited ("Yourtel") óir go bhfuair sé amach nár chloígh sé lena oibleagáid faoi mar a leagtar amach ag Rialachán 14(4) de na Rialacháin um Sheirbhís Uilíoch ach athrú conartha a chur chun feidhme, agus gur theip orthu chun fógairt do chustaiméirí faoin athrú agus faoina gceart chun tarraingt siar gan phionós ón gconradh sin mura nglacann siad leis an athrú.

Post

Choimisiúnaigh ComReg a thuilleadh taighde i rith na bliana freisin san earnáil poist: Díriodh an taighde i

mbliana ar earnáil na bpaicéad agus na mbeartán in Éirinn, agus d'fhoilsigh ComReg torthaí an taighde sin (Cáipéis Uimh. 15/47).

Ba iad na heochairthorthaí ná:

- Idir €430 milliún agus €520 milliún a bhí méid na hearnála. Ó thaobh na toirte de, bhí idir 83 milliún agus 94 milliún mír á n-iompar ar fud na hearnála.
- Beidh an toirt sa bhliain 2016 idir 90 milliún agus 109 milliún mír in aghaidh na bliana, agus is é luach na hearnála sa bhliain 2016 ná idir €470 milliún agus €593 milliún, rud a léiríonn fás faoi thuairim 2-4% in aghaidh na bliana thar na trí bliana tar éis 2013.
- Ó thaobh na toirte de, is ionann sciartha ochtar oibreoirí in Éirinn agus timpeall 90% d'earnáil na bpaicéad agus na mbeartán. Moltar sna meastacháin gurb é An Post an t-oibreoir is mó le hidir 30-40% de líon na bpaicéad agus na mbeartán. Is iad Nightline, DPD agus GLS na chéad chinn eile is mó le sciartha faoi seach idir 10-15%, agus meastar 5-10% de na líonta bheith ag Fastway agus DHL faoi seach.


Idirnáisiúnta

Is ball gníomhach é ComReg de Chomhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), agus d'fhóin Coimisinéir ComReg Kevin O'Brien mar leas-chathaoirleach de BEREC i rith na bliana 2015. Ghlac ComReg rannpháirt ar ghrúpa oibre amháin de chuid BEREC i rith na tréimhse úd.

Corparáideach

D'fhoilsigh ComReg a phlean gnímh bhliantúil chun teacht amach ag comhthráth le tús a Bhliana Airgeadais an 30 Meitheamh 2015. Is sa phlean a mhionsonraítear sruthanna oibre agus tionscadail eile a rachaidh ComReg ina mbun d'fhonn ár straitéis rialúcháin a chomhlíonadh.

Jeremy Godfrey
Cathaoirleach



SEIRBHÍSÍ MIONDÍOLA AGUS TOMHALTÓIRÍ

Is í sprioc fhoriomlán ComReg i ndáil le cosaint tomhaltóirí ná chun tomhaltóirí a chur ar an eolas, a chumasú agus a chosaint, idir chustaiméirí cónaitheacha agus ghnólachtaí, agus chun infhaighteacht seirbhíse teileachumarsáide uilíche a chinntiú.

Tugtar achoimre mar seo a leanas ar an dul chun cinn i ndáil leis na gnéithe éagsúla seo den ról:

- Tomhaltóirí a chur ar an eolas, a chumasú agus a chosaint
- Leas agus coimirce tomhaltóirí a chinntiú
- Infhaighteacht na seirbhíse teileachumarsáide uilíche a chinntiú.

Tomhaltóirí a chur ar an Eolas, a Chumasú agus a Chosaint

Féachann ComReg chun tomhaltóirí a chumasú trí phróiseas láimhseála gearán éifeachtach a thairiscint agus infhaighteacht na faisnéise iomchuí agus trédhearcaí a chinntiú. Féachann ComReg chun éilimh na ndeighleán tomhaltóirí ar nós gnólachtaí, tomhaltóirí aonair, daoine le míchumais agus tomhaltóirí leochaileacha a aithint i ndáil leis an gcumarsáid leictreonach. Déanann ComReg monatóireacht trí theagmháil a dhéanamh le geallsealbhóirí éagsúla ag baint leasa as éagsúlacht meicníochtaí ar nós ár Líne Tomhaltóirí; ár láithreán gréasáin; ár glcáir Fhor-Rochtana do Thomhaltóirí, Painéil Chomhairligh ComReg de Thomhaltóirí, an Fhóraitm do Sheirbhísí Cumarsáide Leictreonaí do Dhaoine le Míchumais; suirbhéanna ábhartha agus ionchur ó eagrais tomhaltóirí a mbímid i ndlúth-theagmháil leo.

Láithreáin ghréasáin do Thomhaltóirí

Coinníonn ComReg uirthi freisin ag cinntiú gur feasach do thomhaltóirí i leith forbairtí agus seirbhísí ábhartha nua tríd an bhfaisnéis neamhspleách ar ár láithreáin ghréasáin a fheabhsú: www.askcomreg.ie, www.callcosts.ie agus www.phonesmart.ie.

- **www.askcomreg.ie** ina soláthraítear eolas ginearálta do thomhaltóirí i ndáil leis an gcumarsáid leictreonach agus leis na seirbhísí poist.
- **www.callcosts.ie** arb é láithreán gréasáin inchoimparáide praghsanna ComReg do thomhaltóirí é.
- **www.phonesmart.ie**, faightear sa láithreán gréasáin seirbhíse ardráta saoráid áisiúil chun ainm agus sonraí teagmhála don soláthraí seirbhíse ardráta bunaithe ar uimhir chúig dhigit.

Trédhearcacht praghsanna agus airíonna seirbhíse eile

Aithníonn ComReg an gá go gcuirtear tomhaltóirí ar an eolas go hiomchuí d'fhonn roghanna a dhéanamh i ndáil leis an gcumarsáid leictreonach, ar tábhachtaí é de réir mar a ghéaraíonn an iomaíocht agus i bhfianaise na ndálaí eacnamaíocha. Is ina leith sin ar choinnigh ComReg ar aghaidh ag saothrú leis an tionscal chun a chinntiú go mbíonn faisnéis chruinn ar fáil do thomhaltóirí i bhformáid chomparáideach, struchtúrtha agus shothuigthe trí mheán láithreáin ghréasáin ComReg www.callcosts.ie, a feabhsaíodh ar fud na tréimhse.

Ceadaítear do thomhaltóirí le www.callcosts.ie chun comparáid a dhéanamh idir na pacáistí atá ar fáil ar an margadh agus chun deimhniú an pacáiste lena mbaineann an luach is fearr (i dtéarmaí praghaí, gnéithe, seirbhísí, srl.) as a n-úsáid agus riachtanais sonracha. Soláthraítear faisnéis chomparáideach freisin tríd an láithreán gréasáin maidir le praghas a bhaineann le glao a chur ar na Seirbhísí Fiosraithe Eolaire ó na líonraí éagsúla agus praghas fánaíochta soghluaiste Eorpaí.

Leanann ComReg ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar oibleagáidí trédhearcachta taraife ar na hoibreoirí. Cuirtear faisnéis neamhphraghsála ar fáil ar an láithreán freisin, a mbaineann tábhacht níos méadaíthí do thomhaltóirí léi. Áirítear léi sin, mar shampla, sonraí formáide billeála agus roghanna íocaíochta, muirir luathfhoirceanta conartha, uaireanta seirbhíse do chustaiméirí, fóstréimhsí achair chonartha agus teorainneacha úsáide teileafónaíochta agus leathanbhanda, de réir mar is infheidhme.

Is sa chomhrannóg a fhaightear faisnéis i leith pleananna cuachta. Bíonn an tsaoráid ag Soláthraithe Seirbhíse chun pleananna a áireamh ina bhfeictear seirbhís TV mar chuid den chuachadh. Gabhtar tuairisc ghairid ar an tseirbhís TV freisin (líon na gcainéal ar fáil srl.) agus léirítear leis na torthaí í. Tá cur na sonraí leis an rannóg shoghluaiste ar siúl, agus táthar ag pleanáil an t-áireamhán a fhorbairt chun cóiriú do chur seirbhísí soghluaiste leis an rannóg chuachta. Tá 30 soláthraí seirbhíse ann i láthair na huaire agus tá 280 plean taraife beo ar an láithreán.

Clár For-rochtana

Chothabháil Foireann Tomhaltóirí ComReg a Chlár "For-rochtana" chun feasacht custaiméirí i leith ComReg, a róil, agus don chaoi ar féidir leis cúnamh le tomhaltóirí cumarsáide a chur chun cinn, i bhfoirm seastán ag imeachtaí coitianta ar nós an Holiday Show Ireland, Taispeántas BT na nEolaithe Óga agus an Over-50s Show. Fógraíonn ComReg i bhfoilseacháin saindiríthe freisin ar nós an Senior Times Magazine agus The Pensioners' Handbook.

Fóram ComReg do Dhaoine le Míchumais

Coinníonn ComReg air ag saothrú leis an bhFóram do Sheirbhísí Cumarsáide Leictreonaí do Dhaoine le Míchumais, arna bhunú ag ComReg chun leanúint dá chuspóir reachtúil chun leasanna tomhaltóirí le héilimh shonracha a chur chun cinn. Saothraíonn ComReg in aice leis an Údarás Náisiúnta Míchumais agus le comhlachtaí tionsclaíocha agus ionadaíoch, trí mheán an Fhóraithe, chun leasanna úsáideoirí le míchumais a chur chun cinn. Chomh maith le bheith ag saothrú chun bearta a fhorfheidhmiú ar bhonn saorálacha, is amhlaidh a shaothraigh ComReg freisin leis an bhFóram chun a chomhairliúchán a ullmhú (ComReg 13/58) i ndáil le bearta chun rochtain agus rogha chothrom a chinntiú do thomhaltóirí le míchumais, i gcomhréir le Rialachán 17(a) de na Rialacháin Seirbhíse Uilíche. Ba tar éis an tsaothair sin a d'eisigh ComReg Cinneadh agus caithfear gach ceann de na bearta a liostaítear thíos a sholáthar faoi 29 Bealtaine 2015:

- Nósanna imeachta inrochtana do ghearáin
- Breiseáin inrochtana d'úsáideoirí deiridh fhón póca réamhíochta
- Fiosruithe eolaire inrochtana
- Billeáil inrochtana
- Saoráid inrochtana chun trealamh teirminéil a thástáil nó beartas iomchuí d'earraí ar ais
- Eolas inrochtana
- Saoráid do shíntiúsóirí le míchumais chun riachtanais a chlárú

D'eisigh ComReg Cinneadh ar leithligh ina theannta sin⁴ ina leagtar amach bearta nach gcaitheann ach amháin an soláthraí seirbhíse uilíche a comhlíonadh mar choinníollacha d'úsáideoirí deiridh le míchumais, nó go dtarlódh tuilleadh comhairliúcháin sa bhliain 2015, go sonrach i ndáil le trealamh teirminéil.

D'eisigh ComReg comhairliúchán i Meitheamh na bliana 2015 inar moladh go gcaithfeadh gach gnóthas Ráiteas Inrochtaineachta a fhorbairt, a chothabháil, a fhoilsiú agus a sholáthar i bhformáid inrochtana. Is sa Ráiteas Inrochtaineachta atáthar chun mionsonraí d'eolas inrochtana agus seirbhísí agus trealamh inrochtana a sholáthraíonn an soláthraí seirbhíse do dhaoine le míchumais.

Ba i ndáil leis na Seirbhísí Athsheachadta Téacs (TRS) a d'eisigh ComReg an 5 Márta 2015 comhairliúchán⁵ inar moladh bearta i ndáil le seirbhísí athsheachadta téacs agus le scéim lacáiste chomhbhainteach. Mhol ComReg go mba cheart do gach gnóthas a sholáthraíonn Seirbhís Teileafóin Infhaighte go Poiblí (PATS) TRS a thairiscint d'úsáideoirí deiridh le míchumais ar neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de í, agus a sholáthraíonn saoráidí d'fháil agus d'aistriú teachtaireachtaí glóir ina dtéacs agus do thíolacadh an téacs sin chuig faighteoir, agus droim ar ais.

LEAS AGUS COIMIRCE TOMHALTÓIRÍ A CHINNTIÚ

Teagmhálaithe Tomhaltóirí

Leanann ComReg ar aghaidh ag soláthar seirbhíse den scoth do láimhseáil gearán do thomhaltóirí. Is féidir le tomhaltóirí teagmháil a dhéanamh le ComReg trí na cainéil seo a leanas - guthán, ríomhphost, foirm gearán ar líne, litir agus comhrá gréasáin. Bíonn an rogha ag tomhaltóirí ina theanna sin chun téacs SMS⁶ a sheoladh le ceachtar den dá fhocal ComReg nó AskComReg chuig 51500 chun aisghlaoch a fháil nó chun téacs SMS ar ais a fháil ó dhuine amháin dár ngníomhairí. Bíonn seirbhís aisghlaoigh ar fáil freisin do na glaoiteoirí úd a bhíonn ar feitheamh ag an

nguthán ar feadh níos mó ná 20 soicind. Freagraíodh 92% de na glaonna tomhaltóirí go léir don líne tomhaltóirí laistigh de 20 soicind i rith na bliana.

Bhí timpeall 23,778 saincheist ann i rith na tréimhse Iúil 2014 chuig Meitheamh 2015 faoina ndeachaigh tomhaltóirí i dteagmháil linn. Tá deighilt i measc na saincheisteanna úd idir saincheisteanna i ndáil leis an tSeirbhís Cumarsáide Leictreonaí, Seirbhísí Ardráta (SAR) agus gach cineál saincheiste eile. Bhain 20,861 de na saincheisteanna iomlána a tugadh aníos le saincheisteanna eile i ndáil le cumarsáid leictreonacha do thomhaltóirí. Ba ghearáin iad 45% de na saincheisteanna cumarsáide leictreonaí a tugadh aníos le ComReg sa tréimhse.

As gach saincheist a logáladh, dúnadh 83% díobh laistigh de 10 lá oibre agus 91% acu laistigh de 20 lá oibre, agus 95% acu laistigh de 30 lá oibre..

Baineann móramh na saincheisteanna a tugadh aníos i ndáil le sainchúram ComReg leis an mbilleáil, díospóidí faoi mhuirir lena n-áirítear sonraí, cleachtadh díolachán míthreorach, seirbhís an tsoláthraí seirbhíse do chustaiméirí, iompú & iniomparthacht uimhreacha agus ró-ghearradh muirear líomhnaithe.

Tomhaltóirí Gnó

1,224 de na saincheisteanna; ba iad tomhaltóirí gnó a thug aníos iad, agus bhain siad den chuid ba mhó le hiompú agus le hiniomparthacht uimhreacha, muirir faoi dhíospóid, deisiú seirbhíse agus cleachtadh díolachán míthreorach.

Eisiúintí Seirbhíse Ardráta

Baineann 2,917 de na saincheisteanna go léir le PRS, agus baineann an mhórchuid díobh siúd le séanadh an úsáideora deiridh go ndeachaigh siad i rannpháirt leis an PRS nó nach bhfuil aon chuimhne acu ar rannpháirtíocht leis an PRS. Rinneadh na príomh-shaincheisteanna a thug tomhaltóirí aníos i ndáil le seirbhísí ardráta a chatagóiriú faoi na ceannteidil "séanadh síntiúis" agus "nach cuimhin leo dul i rannpháirt leis an soláthraí PRS".

⁴ Cinneadh 09/14, a fhaightear i gcáipéis ComReg 14/70 "Oibleagáid Seirbhíse Uilíche: Bearta d'Úsáideoirí Deiridh le Míchumais – Freagra do Chomhairliúchán agus Cinneadh".

⁵ http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg1521.pdf

⁶ Seirbhís Teachtaireachta Gairide

Ba é ComReg féin a ghéaraigh 182 saincheist PRS i rith na tréimhse sin faoi dhéin na Soláthraithe Seirbhíse PRS mar ghearáin ar son tomhaltóirí.

Saincheisteanna Conartha

Táthar tar éis cumachtaí forghníomhaithe ComReg's i ndáil le conarthaí tomhaltóirí a neartú mar thoradh ar an Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, arna trasuíomh le I.R. 484 de 2013 a tháinig i bhfeidhm i Meitheamh 2014.⁷ Ina theannta sin ab amhlaidh a fuair ComReg cumachtaí forghníomhaithe freisin i ndáil le téarmaí conartha éagóracha⁸. Is é rún ComReg é chun leas a bhaint as na cumachtaí dá bhforáiltear leis na rialacháin nua chun taithí tomhaltóirí de chonarthaí agus d'iompú a fheabhsú.

Fuair ComReg i mí Eanáir 2015 tar éis fiosrúcháin nach raibh Yourtel ag cloí le Rialacháin um Eolas do Thomhaltóirí toisc nár chuir sé custaiméirí ar an eolas faoina gcearta chun a gconarthaí a chealú de bhun na Rialachán 10, 14, 15, 17 agus 19. Sa chás go gcreideann ComReg gur sháraigh trádálaí éigin na Rialacháin um Eolas do Thomhaltóirí, bíonn an chumhacht aige i gcomhréir le hAlt 10 (1B) den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 (arna leasú) chun glacadh le Gealltanais scríofa ón trádálaí úd i ndáil leis an sárú ina bhfaightear na téarmaí agus coinníollacha, agus san fhoirm, de réir chinntiú ComReg, arb iomchuí do na cúinsí í. Ba tar éis ghníomh ComReg's a rinne Yourtel Limited Gealltanais de bhun Alt 73 de na hAchtanna um Chosaint Tomhaltóirí.⁹

Choinnigh ComReg air i gcaitheamh na tréimhse ag déanamh monatóireachta ar chonarthaí do chomhlíonadh leis na rialacháin ábhartha, agus d'fhoilsigh faisnéis do thomhaltóirí i ndáil lena gcearta maidir le hathruithe do chonarthaí, agus foilseoidh sé tuilleadh nuashonruithe de réir mar is cuí.

Ghlac ComReg gníomh comhlíonta i ndáil le Yourtel Limited ("Yourtel") óir go bhfuair sé amach nár chloígh sé lena oibleagáid faoi mar a leagtar amach ag Rialachán 14(4) de na Rialacháin um Sheirbhís Uilíoch ach athrú conartha a chur chun feidhme, agus gur theip orthu chun fógart do chustaiméirí faoin athrú agus faoina gceart chun tarraingt siar gan phionós ón gconradh sin mura nglacann siad leis an athrú.

D'fhógair ComReg do Imagine Telecommunications Business Limited ("Imagine") freisin i leith chinneadh neamh-chomhlíonta i ndáil le hoibleagáidí Imagine faoi na Rialacháin Seirbhíse Uilíche maidir le conarthaí áirithe.

Iompú

Choinnigh ComReg air i rith na tréimhse ag déanamh monatóireachta ar chleachtadh na soláthraithe seirbhíse i ndáil le hiompú, go háirithe do chustaiméirí lasmuigh den íostearma conartha.

Ghlac ComReg beart i ndáil le Rialachán 25(6) (b) de na Rialacháin Seirbhíse Uilíche faoina dteastaíonn ó sholáthraithe seirbhíse chun a chinntiú nach bhfeidhmíonn a gcuid coinníollacha agus nósanna imeachta d'fhoirceannadh conartha mar mhídhreasacht do thomhaltóirí ag iompú ó sholáthraí seirbhíse amháin dá chéile.

Tá ComReg tar éis a measann sé bheith ina chaighdeán inghlactha a shocrú tríd an mbeart comhlíonta¹⁰ i láthair na huaire, maidir le hoibleagáidí gnóthais ag Rialachán 25(6)(b) de na Rialacháin Seirbhíse Uilíche. Bíonn ComReg ag dúil leis go gclóifidh gach gnóthas leis an gcaighdeán chun a chinntiú go mbíonn siad comhlíontach ina leith sin, tá ComReg ag leanúint ar aghaidh lena chlár monatóireachta i ndáil le comhlíonadh gach gnóthas lena n-áirítear forfheidhmiú na muirear foirceanta in ionad fógra agus coinníollacha agus nósanna imeachta neamh-chomhlíontacha eile d'fhoirceannadh conartha.

7 Rialacháin (Eolas do Chustaiméirí, Cealú agus Cearta Eile) an Aontais Eorpaigh 2013 (I.R. Uimh. 484 de 2013)

8 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagothroma i gConarthaí Tomhaltóirí) 1995 (I.R. Uimh. 27 de 1995), arna leasú ag inter alia Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagothroma i gConarthaí Tomhaltóirí) (Leasú) 2014 (I.R. Uimh. 336 de 2014)

9 http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg1508.pdf
http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComRegPR30012015.pdf

10 http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg1477.pdf Socrú cúrsaí ag éirí as tuairim ComReg i leith neamh-chomhlíonadh Eircom le Rialachán 25(6)(b) de na Rialacháin Seirbhíse Uilíche

Seirbhísí Ardráta

D'eisigh ComReg Cód Cleachtais ¹¹ ("an Cód") an 5 Aibreán 2012, a tháinig i bhfeidhm an 25 Iúil 2012.

I gcomhréir lena oibleagáid reachtúil, is amhlaidh atá ComReg lántiomanta chun a chinntiú go dtugtar coimirce do leasanna úsáideoirí deiridh an PRS; agus creideann go bhforáiltear leis an gCód trédhearcacht níos mó d'úsáideoirí deiridh ina gcuid plé leis an PRS trí sholáthar faisnéise soiléire, go háirithe don phraghsáil, coinníollacha nithiúla agus cinnteacht fheabhsaithe sa phróiseas ceannaigh.

D'fhoilsigh ComReg i mí Mheán Fómhair 2013 a Chomhairliúchán i leith an Chóid Chleachtais do Sheirbhísí Ardráta, óir gur chreid sé i bhfianaise na taithí a gnóthaíodh i rith na bliana roimhe sin gur theastaigh roinnt mionathruithe agus soiléirithe ó roinnt forálacha den Chód. I dteannta leis na leasuithe molta sin, d'fhéach ComReg freisin chun aighneachtaí a fháil i leith ar cheart luach tairsigh a thabhairt isteach nach mbeadh nó a mbeadh feidhm leis na riachtanais Liostála Roghnaí Dúbailte faoina bhun ('na Riachtanais Liostála Roghnaí Dúbailte') ar bhealach mionathraithe.

D'fhoilsigh ComReg a Fhreagra do Chomhairliúchán i mí Aibreáin 2014, agus rinne cinntí deiridh a áireofar leis an gCód Cleachtais nuashonraithe do sholáthraithe PRS. Creideann ComReg go dtugtar coimirce níos mó leis an gCód nuashonraithe d'úsáideoirí deiridh ina gcuid plé leis an PRS trí sholáthar faisnéise soiléire, go háirithe trédhearcacht taraifí agus coinníollacha nithiúla agus cinnteacht fheabhsaithe sa phróiseas ceannaigh.

D'fhiosraigh ComReg roinnt soláthróirí PRS i gcaitheamh na bliana, agus tháinig ar chinneadh i roinnt ásc gur sháraigh na soláthróirí PRS roinnt forálacha den Chód. Thug ComReg treoir don soláthraí PRS sna cásanna úd chun an neamh-chomhlíonadh a leigheas agus chun úsáideoirí deiridh a aisíoc i dtaca leis an neamh-chomhlíonadh, ónar tháinig go leor tomhaltóirí ag fáil aisíoca as muirir a thabhaigh

siad go mícheart. Foilsítear mionsonraí na gcinntí neamh-chomhlíonta sin freisin ar láithreán gréasáin www.phonesmart.ie i ndáil leis an PRS. Mhainnigh roinnt soláthróirí PRS neamh-chomhlíontacha chun na haisíocaíochtaí a sholáthar a bhí de dhíth ar ComReg, agus chuir ComReg ceadúnais na soláthróirí sin ar fionraí ina dhiaidh sin nó gur eisíodh gach aisíocaíocht. Foilsítear mionsonraí na bhfionraíochtaí úd freisin ar www.phonesmart.ie

D'eisigh ComReg fógra eolais an 6 Márta 2015 inar deimhníodh gur aisíocadh tar éis an chomhlíonta €390,000 san iomlán le ní ba mhó ná 12,000 úsáideoir deiridh, a bhí nasctha le neamh-chomhlíonadh Dragonfly Ltd.¹² Tarraingíodh siar ceadúnais PRS sa chás sin, agus tarraingíodh siar freisin na huimhreacha a leithdháileadh dóibh.

Ina theannta sin, áirítear le www.phonesmart.ie "seiceálaí uimhreacha" a ligeann do thomhaltóirí chun bunús an ghearrchóid chúig dhigit (5XXXX) a cheadú, ag cur ar a gcumas dá réir chun dul i dteagmháil leis an soláthraí seirbhíse go díreach le haon fhiosrú maidir leis na muirir a d'fhéadfadh bheith tabhaithe acu. D'fhorbair ComReg a thairseach ríomh-Cheadúnaithe féin, ina ligtear do sholáthraithe PRS chun a gcuid iarratas ar cheadúnas PRS a bhainistiú níos fearr agus chun ceadúnais reatha a athbhreithniú agus a chatagóiriú. Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag tabhairt isteach feabhsúchán don ríomh-Cheadúnú leis an aidhm chun na próisis cheadúnaithe a dhéanamh níos fusa do na soláthraithe PRS, agus faisnéis níos fearr a sholáthar do thomhaltóirí ag an am céanna.

Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála

Is é ComReg atá freagrach go reachtúil as monatóireacht ar cháilíocht na seirbhíse de sholáthraí na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS) agus as athbhreithniú na dTáillí Láimhseála Glao (CHF) a fhéadann an soláthraí ECAS a ghearradh.

Coinníonn an tseirbhís ar aghaidh ag feidhmiú do na sonraíochtaí cáilíochta arna leagan ag an Aire

11 ComReg14/45

12 http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg1523.pdf

Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha sa bhunchonradh ón mbliain 2009 leis an soláthraí seirbhíse. Chinnigh ComReg i mí Eanáir 2015, tar éis athbhreithniú ar na costais a thabhaigh an soláthraí ECSA, CHF uasta de €3.82 in aghaidh an ghlaon don tréimhse idir Déardaoin 12 Feabhra 2015 agus Déardaoin 11 Feabhra 2016.¹³ Ní ghearrtar an tomhaltóir as glaonna chuig 999 nó 112 óir gurb é an líonra teileachumarsáide tíolactha a iompraíonn an costas sin.

Rialacháin Fánaíochta

Leanann ComReg ar aghaidh lena shaothar ar mhonatóireacht fhorfheidhmiú an Rialacháin Fánaíochta ag cuideachtaí Soghluaiste Éireannacha. Is iad seo a leanas na heochairphointí i dtuarascáil ComReg¹⁴ don tréimhse idir Dé Céadaoin 1 Deireadh Fómhair 2014 agus Dé Máirt 31 Márta 2015;

Glórghlaonna

- Tásctar leis na meánpragsanna fánaíochta miondíola Éireannacha a thuilltear agus a fhaightear bheith ag comhlíonadh go fóill leis na huasteorainneacha pragsanna de réir na rialachán, agus cé gur fhan na pragsanna do ghlaonna a fuarthas faoi bhun an mheáin don AE/LEE, b'airde ábhairín iad na pragsanna do ghlaonna a rinneadh os cionn mheán an AE/LEE sa tréimhse idir R2 2014 - R1 2015.
- B'ísle meánpraghas na hÉireann do ghlaonna chuig an saol mór (agus an glaoire lasmuigh den AE/LEE) ná an meán don AE/LEE thar gach ceann de na tréimhsí tuairiscithe. Tháinig méadú ámh ar mheánpraghas na hÉireann do ghlaonna a fhaightear ón saol mór (agus an faighteoir lasmuigh den AE/LEE) i R4 2013, ag sroicheadh buaice i R1 2014 sular laghdaigh sé de réir a chéile nó go dtí R3 2014, tháinig méadú ar an meánpraghas arís i R4 2014 sular laghdaigh sé ábhairín i R1 2015, tá sé fós os cionn mheán an AE/LEE do ghlaonna faighte.
- Tá an formhuirear do phragsanna billeáilte na hÉireann i gcomhair glaonna miondíola

"Eorataraipe" tar éis méadú ábhairín (ó 10.6% i R3 2014 chuig 11.1% i R1 2015) agus tá sé fós i bhfad níos airde ná an meán san AE/LEE (5.1% i R1 2015). Is léiriú é sin den chleachtadh billeála dár foráladh sa Rialachán maidir le glaonna a chuirtear. Tá an luaineacht inchurtha i leith líon na nglaonna a cuireadh d'fhad níos lú ná 30 soicind.

Teachtaireachtaí Téacs (SMS)

Tháinig laghdú ar an meánpraghas miondíola, le linn na tréimhse tuairiscithe, do sheoladh teachtaireachta téacs, agus tá sé beagáinín faoi bhun na huasteorann rialáilte de 6 cent.

Sonraí

- Tar éis an laghdaithe san uasteorann praghais rialáilte i mí Iúil 2013 chuig 45 cent agus an laghdaithe breise san uasteorainn praghais rialáilte i mí Iúil 2014 chuig 20 cent, is amhlaidh atá pragsanna sonraí miondíola Eorataraipe (€0.03 i R4 2014 agus R1 2015) fós faoi bhun ná meán an AE/LEE (€0.05 i R1 2015).
- Tá fás tréan tar éis teacht ar thoirteanna an tráchta fánaíochta sonraí miondíola thar na tréimhsí tuairiscithe. B'airde na toirteanna d'Éirinn faoi os cionn 4.7 uair i R1 2015 i gcomparáid le R1 2011.
- Fanann meánpraghas mórdíola comhiomlán na hÉireann in aghaidh an MB sonraí i measc cuideachtaí neamhghrúpa faoi bhun na huasteorann praghais rialáilte de 5 cent do R4 2014 agus R1 2015 agus tá sé tar éis laghdú faoi bhun mheán an AE/LEE (€0.02 i R1 2015).

Is chun feasacht agus trédhearcacht a chur chun cinn a thuilleadh do thomhaltóirí ar fánaíocht a sholáthraíonn láithreán gréasáin ComReg www.callcosts.ie/roaming an fhaisnéis do thomhaltóirí i leith na fánaíochta soghluaiste, treoir don fhánaíocht shoghluaiste agus áireamhán fánaíochta soghluaiste a thugann cúnamh do thomhaltóirí chun costas a n-úsáide fánaíochta pleanáilte a mheas.

¹³ http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg1502.pdf

¹⁴ http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg15129.pdf

Infhaighteacht na Seirbhíse Teileachumarsáide Uilíche a Chinntiú

Gné lárnach dár saothar ar chosaint tomhaltóirí is ea chun infhaighteacht seirbhíse Teileachumarsáide uilíche a chinntiú. Ainmníodh Eircom in Iúil na bliana 2014, tar éis sraith comhairliúcháin poiblí, mar an Soláthraí Seirbhíse Uilíoch (USP), i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí)(Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideoirí) 2011, as na seirbhísí seo a leanas:

- Rochtain ag Suíomh seasta ar feadh 18 mí nó go dtí 31 Nollaig 2015 (D10/14).
- Táillefóin Phoiblí ar feadh 4 bliana nó go dtí 20 Meitheamh 2018 (D07/14)
- Seirbhísí Eolaire ar feadh 4 bliana nó go dtí 30 Meitheamh 2018 (D08/14)

Cháilíocht Seirbhíse USO

Shonraigh ComReg spriocanna feidhmíochta bliantúla do cháilíocht seirbhíse thiar sa bhliain 2008 i ndáil le soláthar gnéithe áirithe den tseirbhís uilíoch. Bhunaigh Clár Feabhsaithe Feidhmíochta Cháilíocht Seirbhíse USO thiar i mí Lúnasa 2012 le spriocanna feidhmíochta bliantúla comhbhainteacha agus meicníocht airgeadais chun feidhmíocht a ráthú. Bhunaigh Eircom clár feabhsaithe feidhmíochta (PIP2) ina dhiaidh sin don dá thréimhse bhliantúla (2012/2013 agus 2013/2014).

Táthar tar éis comhaontú ar chlár breise d'fheabhsú feidhmíochta (PIP3), a thosóidh ar éag PIP2.

PIP 3

Bhunaigh Eircom agus ComReg clár feabhsaithe feidhmíochta nua (PIP3) don tréimhse idir 7 Iúil 2014 agus 31 Nollaig 2015. Baineann na spriocanna le tráthscálaí do nascadh, deisiúcháin fabhtanna agus teagmhas ráta na bhfabhtanna. Cé go gcoinníonn Eircom orthu ag tuairisciú feidhmíochta don tréimhse idir 7 Iúil 2014 agus 31 Nollaig 2014, d'aontaigh

ComReg gan measúnú comhlíonta a dhéanamh i gcoinne na spriocanna PIP3 ábhartha don tréimhse úd. Déanfaidh ComReg measúnú ar fheidhmíocht Eircom do chomhlíonadh i gcoinne na spriocanna PIP3 don tréimhse idir 1 Eanáir 2015 agus 31 Nollaig 2015. Tá Eircom tar éis gealltanais a thabhairt chun a chinntiú go n-aisiocfar le custaiméir ar bith (mórdhíola agus miondíola) má bhaineann éaradh seirbhís dóibh sa bhreis ar 10 lá oibre i rith na tréimhse den rochtain reatha ag Ainmniúchán (AFL) suímh sheasta.

Costas na USO

D'eisigh ComReg i mí na Bealtaine 2011, tar éis próisis chomhairliúcháin, Cáipéis Chinnidh ComReg D04/11 maidir leis na prionsabail agus modheolaíochtaí do bhunú an glanchostais a bhaineann le soláthar seirbhíse uilíche. Soláthraíodh an bunús leis an gcinneadh ar a ríomhtar an glanchostas a bhaineann le soláthar seirbhíse uilíche, agus cuirfidh sé ar chumas ComReg más ualach neamhchothrom don soláthraí seirbhíse uilíche é an glanchostas de, más ann dó.

Rinne Eircom iarratas do Chistiú Seirbhíse Uilíche don tréimhse idir na blianta 2009 – 2010 agus d'eisigh ComReg a Chinneadh (D01/14) ina dhiaidh sin nárbh ualach neamhchothrom a bhí sa glanchostas €5.1m ag éirí as soláthar na USO. Thug Eircom achomharc an 6 Feabhra 2014 chun na hArd-Chúirte i gcoinne Chinneadh D01/14 ComReg, agus socraíodh an t-ábhar an 11 Samhain 2014.

Cé gur chríochnaigh ComReg a mheasúnú d'iarratas Eircom ar chistiú don tréimhse 2009-2010, tá ComReg ag measúnú iarratais Eircom i láthair na huaire do chistiú i leith na dtréimhsí 2010-2011, 2011-2012, 2012-13, 2013-2014.



AN IOMAÍOCHT

Tharla roinnt forbairtí tábhachtacha le linn na tuarascála seo. Tháinig méadú ar an iomaíocht idir soláthraithe seirbhísí agus tháinig méadú gan staonadh ar sciar den mhargadh ag oibreoirí malartacha. Ghlac ComReg cinntí maidir leis cuachadh táirgí, rátaí foirceanta, agus leathanbhanda mórdhíola.

Treochtaí Miondíola

Bhí an t-ioncam miondíola iomlán sa dá mhí dhéag chuig Meitheamh 2015 ag €2.99 billiún síos ó ní ba mhó ná €3.06 billiún thar na 12 mí roimhe sin. D'fhan sciar miondíola Eircom de na fáltais líne seasta i rith na tréimhse cothrom ag 47% de na fáltais miondíola foriomlána líne seasta. Tháinig laghdú ar a sciar de na fáltais ghlóir lenar áiríodh fáltais a díorthaíodh ón rochtain (.i. cíós líne) ó 55% chuig 54%. Bhí 1,694,176 síntiús leathanbhanda ann, ar laghdú faoi 0.2% i gcomparáid le Meitheamh na bliana 2014 é.

Tháinig méadú ar dhul i bhfód teaghlaigh an leathanbhanda shuite ó 63% chuig 66%. De réir sonraí ó Eurostat, b'ionann ráta dhul i bhfód teaghlaigh na hÉireann agus 80% ag deireadh na bliana 2014 i gcomparáid le meánráta dhul i bhfód teaghlaigh don AE ag 78%. B'ionann sciar miondíola Eircom den mhargadh leathanbhanda shuite ag deireadh Mheitheamh 2015 agus 35.4% ó thaobh líon na síntiúsóirí de, ar thitim faoi 1.8 faoin gcéad i gcomparáid le bliain amháin ní ba luaithe. Tháinig laghdú ar sciar UPC ó 28.8% chuig 28.7% sa tréimhse sin. Ba iad na hoibreoirí eile a sholáthair 31.3% de na síntiús leathanbhanda suite ag baint leasa as táirgí mórdhíola srutha giotán, táirgí LLU agus VUA.

Bhí 5,783,731 síntiús soghluaiste in Éirinn ag deireadh Mheitheamh 2015 (lenar áiríodh leathanbhanda soghluaiste agus M2M), ar mhéadú faoi 0.3% é ar fhiigiúr Mheitheamh na bliana 2014. B'ionann an ráta dhul i bhfód soghluaiste agus 124.9% lenar áiríodh leathanbhanda soghluaiste agus síntiús Mheaisín go Meaisín, agus 105.2% cé is moite de shíntiús leathanbhanda shoghluaiste agus Meaisín go Meaisín.

Rochtain an Chéad Ghlúin Eile agus Leathanbhanda

Choinnigh Eircom ar aghaidh, tar éis dó seirbhísí NGA a sheoladh bunaithe ar theicneolaíocht vDSL i mí na Bealtaine 2013, lena chlár rollta amach. Amhail Meitheamh na bliana 2015 bhí an tseirbhís sin ar fáil do 1,250,000 teaghlach agus bhí 281,022 síntiúsóir san iomlán ag baint leasa as an tseirbhís. Ba é Eircom Miondíola a sholáthair 63.5% díobh siúd, agus b'oibreoirí eile a sholáthair 36.5% díobh trí leas a bhaint as tacar táirgí mórdhíola NGA de chuid Eircom.

Choinnigh UPC air de bheith ina rannpháirtí tábhachtach sa mhargadh, ag tairiscint luasanna os cionn 100Mbps le sruth. De réir na gcomhduithe poiblí,¹⁵ thug líonra UPC aghaidh ar 760,000 baile agus áitreabh amhail Dé Máirt 30 Meitheamh 2015. Bhí 367,300 síntiúsóir leathanbhanda aige an dáta úd, ag teacht chuig 28.7% den mhargadh leathanbhanda seasta.

Choinnigh meánluasanna leathanbhanda seasta orthu ag méadú. B'ionann nó ba mhó tuairim 65.1% de na síntiús leathanbhanda seasta go léir ná 10Mbps i R2 2015, aníos ó 59.0% i R2 2014. B'ionann nó ba mhó 51.1% de na síntiús leathanbhanda seasta go léir ná 30Mbps, aníos ó 40.1% i R2 2014.

Tháinig méadú ar na síntiús leathanbhanda seasta go léir ó 1.23m i Meitheamh 2014 chuig 1.28m i Meitheamh 2015. Ba é Eircom Miondíola a sholáthair timpeall 35% díobh siúd (anuas ó 37% i R2 2014); tháinig tuairim 29% ó UPC agus tuairim 26% ó oibreoirí ag baint leasa as táirgí srutha giotán agus Rochtana Díchuachta Fíorúla Eircom. Ba thar Dhíchuachadh Lúibe Logánta a soláthraíodh tuairim 6%, leis an bhfuilleach á sholáthar thar éagsúlacht bonneagar ar nós Rochtana seasta gan Sreang, Snáithín Oibreora Líonra Mhalartaigh, cábla (cé is moite de UPC) agus satailíte. Ba iad na dreamanna móra a bhí ag brath ar tháirgí mórdhíola Eircom iad Vodafone le sciar 18% de mhargadh na síntiús leathanbhanda go léir agus Sky le sciar 9% den mhargadh.

Anailísiú Margaidh

Cinntítear raon feidhme agus cineál na rialála teileachumarsáide in Éirinn trí phróiseas a leagtar amach sa dlí Eorpach ar a dtugtar anailísiú margaidh. Mar chuid den phróiseas ní foláir do ComReg ar dtús chun sainiú na margaí a fhéadann teacht faoi raon feidhme an rialacháin, ag féachaint do liosta margaí molta arna bhfoilsíú ag an gCoimisiún Eorpach. Tar éis dó an margadh ábhartha a shainiú, ní mór do ComReg measúnú a dhéanamh an bhfuil aon chuideachta ná cuideachtaí ceannasach laistigh den mhargadh sin ina n-aonar nó i gcomhar a chéile. Dá mba í a chonclúid gurb ann d'oibreoir ceannasach, ní foláir dó leigheas amháin ar a laghad a fhorchur chun éifeacht an cheannais sin a mhaolú, bunaithe ar liosta a leagtar amach sa reachtaíocht. Mar shampla, d'fhéadfadh ComReg iallach ar chur ar oibreoir ceannasach chun a líonra a oscailt amach d'iomaitheoirí ag an leibhéal mórdhíola. Díritear an chuid is mó den rialáil teileachumarsáide ag an leibhéal mórdhíola sa ghnáthchleachtadh; ní raibh ach margadh miondíola amháin faoi réir na rialála ag deireadh 30 Meitheamh 2015 - an margadh don rochtain miondíola ar an líonra teileafóin phoiblí ag suíomh seasta (cíos líne).

Foilsíodh cinneadh i leith an mhargaidh rochtana miondíola thuas ("Athbhreithniú Margaidh – Rochtain Miondíola ar an nGréasán Teileafón Poiblí ag Suíomh Seasta do Chustaiméirí Cónaitheacha agus Neamh-Chónaitheacha")¹⁶ i mí Lúnasa 2014, agus aithníodh Eircom le Cumhacht Shuntasach Margaidh (SMP) agus oibleagáidí éagsúla bheith curtha anuas orthu – go príomha chun forbairt na hiomaíochta chothú chun tairbhe na dtomhaltóirí sa deireadh thiar thall.

Tar éis stiúradh na gcomhairliúcháin ní ba luaithe, d'fhógair ComReg i mí an Mheithimh 2015 freisin a bhearta molta don Choimisiún Eorpach maidir lena anailís ar na margaí rochtana seasta mórdhíola agus céadghlaonna ('FACO'). Mhol ComReg don chéad mhargadh inter alia chun Cíos Líne Mórdhíola a thabhairt isteach mar leigheas mórdhíola. Ba mar leigheas a tugadh údarú dó sin sna margaí miondíola

¹⁵ See <http://www.libertyglobal.com/pdf/press-release/Liberty-Global-Earnings-Release-Q2-15-FINAL.pdf>

¹⁶ Athbhreithniú Margaidh – Rochtain Miondíola don Líonra Teileafóin Phoiblí ag Suíomh seasta do Chustaiméirí Cónaitheacha agus Neamh-Chónaitheacha, Cáipéis ComReg 14/89, Cinneadh D12/14 mí Lúnasa 2014.

roimhe sin. Mhol ComReg freisin gach rialachán a bhaint de mhargaí idirthurais ghlóir óir gur aithníodh iad siúd le cumas iomaíoch iontu.

Cuir ComReg tús leis na chéad chéimeanna dá anailís ar roinnt margaí mórdhíola eile freisin, lena áiríodh na margaí mórdhíola do:

1. Rochtain Ardcháilíochta (HQA): seirbhísí siméadracha leathanbhanda ardluais mhórdhíola go bunúsach as a mbaintear leas mar ionchur um sholáthar seirbhísí leathanbhanda le sruth/miondíola do ghnónna meánacha agus móra, chomh maith leis an leas a bhaineann soláthróirí seirbhíse astu chun teorainneacha a gcuid gréasán a shíneadh.
2. Rochtain Áitiúil Mhórdhíola (WLA) agus Rochtain Lárnach Mhórdhíola (WCA): dhá mhargadh mórdhíola as a mbaintear leas mar ionchur um sholáthar seirbhísí leathanbhanda agus teileafónaíochta le sruth/miondíola (i measc eile)

Tá ComReg tar éis bheith páirteach go mór i mbailiú eolais ó sholáthróirí seirbhíse ach leas a bhaint as a chumhachtaí bailithe eolais reachtúla. Agus an méid sin á dhéanamh is amhlaidh a tharla moilleanna nach beag de bharr neamh-chomhlíonadh oibreoirí áirithe leis na hiarratais eolais reachtúla úd, agus b'éigean do ComReg caingeán forghníomhaithe a thionscnamh agus a ghlacadh i roinnt cásanna.

Praghsáil

Bhí ComReg gníomhach thar réimse saincheistean na maidir le praghsanna rialaithe.

D'eisigh ComReg cinneadh¹⁷ i mí Iúil 2014 chun an oibleagáid claonta costais náisiúnta a shonrú ar sheirbhísí shruth giotán mórdhíola Eircom den ghlúin reatha. Ba ina theannta sin a gearradh leis an gcinneadh úd freisin tástáil brú ar chorrach miondíola lena tarraingíodh siar an rialáil praghais mhiondíola lúide roimhe sin a bhí i bhfeidhm.

17 Uimh. Cháipéis ComReg: 14/73R: Rochtain Leathanbhanda Mórdhíola: Oibleagáid rialála praghais i ndáil le Sruth giotán na glúine reatha; dátaíthe 9 Iúil 2014.

D'fhoilsigh ComReg tuairisc an 3 Samhain 2014 faoi na modheolaíochtaí praghais féideartha don phraghsáil Aisiompair arna Bhainistiú ag Sruth giotán.¹⁸ Chomhtharla sé sin le tabhairt isteach athraithe ag Eircom don chaoi inar ríomhadh an t-athrú praghais mhórdhíola d'Aisiompar arna Bhainistiú ag Sruth giotán. Measann ComReg go bhfuil cur chuige Eircom tar éis intuathacht níos mó a sholáthar d'oibreoirí maidir leis na muirir ar dócha go bhfeicfidh siad de réir mar a thiocfaidh éabhlóidiú ar a meánleibhéal úsáide leathanbhanda in aghaidh an chustaiméara.

Tar éis comhairliúcháin rinn ComReg cinneadh i mí na Nollag 2014 maidir leis an toradh iomchuí ar cheart do sheirbhísí rialaithe bheith i dteideal chun a ghnóthú. Cinneadh go mba chóir go meallfadh seirbhísí líne seasta ráta fáltais de 8.18%, seirbhísí soghluaiste ráta fáltais de 8.63% agus an craolachán ráta fáltais de 8.11% ar an gcaipiteal in úsáid.

Maidir leis an bhfoirceannadh soghluaiste, d'eisigh ComReg páipéar comhairliúcháin bhreise i mí Feabhra 2015 mar chuid den phróiseas comhairliúcháin leis an tionscal. Breithníodh sa chomhairliúchán breise Cáipéis ComReg Uimh.15/19¹⁹ inter alia, na modhnuithe nithiúla molta don dréachtsamhail (a cuireadh ar fáil mar chuid den Bhun-Chomhairliúchán MTR²⁰ – a foilsíodh i mí Aibreáin 2014).

Comhlíonadh Mórdhíola

Clúdaíonn an chuid seo fiosrúcháin i sárúithe na n-oibleagáidí rialaitheacha ag oibreoirí teileachumarsáide, teagmhais a bhain le mí-úsáid uimhreacha Éireannacha agus tuairiscí i leith teagmhas líonra nach beag.

Tuairim fhoirmiúil de neamh-chomhlíonadh ag oibreoir, íocaíocht riaracháin ag oibreoir, imeachtaí

18 http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg14116a.pdf

19 Uimh. Cháipéis ComReg 15/19: Rátaí Foirceanta Soghluaiste: Dréacht-Samhail Chostais Incriminteach Ghlan Fhadtéarmach; dátaíthe 26 Feabhra 2015.

20 Uimh. Cháipéis ComReg 14/29: Rátaí Foirceanta Soghluaiste: Dréacht-Samhail Chostais Incriminteach Ghlan Fhadtéarmach; dátaíthe Dé Luain 14 Aibreán 2014.

cúirte nó dúnadh cáis mar nach n-aithnítear aon saincheist nó dúnadh tar éis feabhsúcháin ag oibreoir mar a measann ComReg tuilleadh caingne gan bheith de dhíth; féadann siad teacht mar thoradh ar chríochnú cáis nuair a bhítear ag plé le fiosrúcháin oibleagáide rialaithe.

Áiríodh le gníomhaíochtaí comhlíonta teileachumarsáide i rith na tréimhse idir Dé Máirt 1 Iúil 2014 agus Dé Máirt 30 Meitheamh 2015:

- **Comhlíonadh rialaitheach**
- **58** **cás oscailte**
- **55** **cás dúnta**
- **Mí-úsáid uimhreacha Éireannacha**
- **78** **cás oscailte**
- **70** **cás dúnta**
- **Tuairiscí teagmhais líonra**
- **15** **teagmhas tuairiscithe**

D'eisigh ComReg fógra amháin d'oibreoir i ndáil le cinneadh neamh-chomhlíonta a bhaineann leis na cásanna comhlíonta rialúcháin.

Tháinig ComReg ar thuairim an neamh-chomhlíonta i gcás amháin. Rinne beirt oibreoirí íocaíochtaí riaracháin in dá chás, tar éis fiosrúcháin le ComReg, le ComReg in ionad ionchúiseamh.



AN NUÁLAÍOCHT

BAINISTIÚ SPEICTRIM RAIDIÓ

Is meán é an speictream raidió trínar féidir faisnéis a tharchur trí raidió thar achair idir cúpla méadar agus na mílte ciliméadar. Is bunriachtanas é do sholáthar na cumarsáide soghluaiste agus d'fháil trí raidió na seirbhísí craolacháin.

Is bunúsach é an speictream raidió freisin d'oibriú sábháilte an iompair aeir agus mhuirí, d'oibriú laethúil na bhfórsaí cosanta agus na seirbhísí éigeandála, chomh maith le bheith ríthábhachtach do go leor feidhmeanna tábhachtacha na heolaíochta. Is acmhainn nádúrtha chríocta í áfach, agus caithfear leas stuama a bhaint aisti dá réir i gcónaí.

I rith na bliana faoi athbhreithniú, lean ComReg ar aghaidh ag forfheidhmiú a straitéise bainistíochta speictrim raidió arna leagan amach i gCáipéis 11/89 agus roinnt eochairthionscadal bainistíochta speictrim a tosaíodh nó a críochnaíodh faoi mar a mhionsonraítear thíos. Is éard is aidhm le straitéis ComReg ná chun a chinntiú go mbaineann Éire na sochair uasta go heacnamaíoch, go straitéiseach agus go sóisialta as leas an speictrim raidió.

Straitéis don bhandá UHF (470 chuig 790 MHz)

D'éisigh ComReg a fhreagra i Lúnasa 2014 don chomhairliúchán um bainistiú agus úsáid amach anseo an bhandá radaimhinicíochta UHF idir 470 agus 790 MHz (Cáipéis 14/85). Feictear an banda sin, agus go háirithe an fo-bhandá 694 - 790 MHz (an "banda 700 MHz") mar eochairbhandá d'éagsúlacht ardseirbhísí cumarsáide i bhfianaise a shaintréithe forleata mealltacha agus na ngníomhaíochtaí comhchuibhithe idirnáisiúnta leanúnacha.

Tar éis dó na freagraí a fuarthas ón réamhchomhairliúchán (Cáipéis 14/13) agus an t-ábhar nithiúil eile a bhreithniú, thug ComReg achoimre dá chéad chéimeanna eile um bainistiú agus úsáid an bhanda seo. Áiríodh leo siúd:

- Leanúint ar aghaidh leis an saothar, ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, i leith athphleanáil speictream raidió an bhanda UHF sa chaoi is go bhféadfaí riachtanais speictrim do sheirbhísí Teilifíse Trastíre Digiteacha na hÉireann (DTT) a chóiriú sa bhanda UHF faoi bhun an bhanda 700 MHz; agus
- Stiúradh staidéir lánáitithe Anailíse Costais is Tairbhe (CBA) chun costais agus tairbhí dóchúlaithe na DTT (eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha) agus úsáideoirí Déanamh Clár agus Imeachtaí Speisialta (PMSE) ag aistriú amach as an mbanda 700MHz agus isteach i bhfuilleach an bhanda UHF.

Choimisiúnaigh ComReg Frontier Economics Ltd. i mí Lúnasa 2014 chun staidéar CBA a dhéanamh. Cuireadh torthaí an CBA i láthair i mí an Mheithimh 2015 (Cáipéisí 15/62, 15/62a agus 15/62b).

Is é an meastachán lárnach CBA ná dá mbainfí athchuspóir as an mbanda 700 Mhz in Éirinn sa bhliain 2018 b'amhlaidh a d'fhéadfadh tairbhe €103.5m teacht mar thoradh air sin, ar bhunús chostais iomlána roimh ré de €12.4m, le glantairbhe iomlán de €91m. Tháinig ComReg chun na conclúide gur féidir agus go mba cheart an banda 700 MHz a athchuspóiriú óir go mb'ionann sin agus an úsáid ab éifeachtaí as.

Thug ComReg faoi deara ámh go bhfuil roinnt ábhar tábhachtach le breithniú maidir le hathchuspóiriú an bhanda 700 Mhz, lena n-áirítear a uainiú, a chomhordú le tíortha comharsanacha, agus na costais ar dócha go dtabhódh na sealbhóirí reatha iad. Mhaígh ComReg chun breithniú na n-ábhar tábhachtach sin in Éirinn a fhorbairt go:

- rachadh sé i ngníomh le gach geallsealbhóir ábhartha, lena n-áireofaí an RCFAN agus na sealbhóirí reatha; agus

- go n-oibreodh sé chun a athphleanáil speictrim a chríochnú den phlean UHF chun DTT a aistriú faoi bhun an bhanda 700 MHz.

Ceadúnas Eatramhach GSM sa bhanda 1800 MHz

Rinne ComReg comhairliúchán i mí Lúnasa 2014 faoi thogra chun éascú do dheonú ceadúnais eatramhaigh raidió-theileagrafaíochta le Telefónica O2 Ireland Limited (Telefónica), lena sannfaí cearta speictrim GSM d'úsáid an bhanda 1800 MHz ar feadh tréimhse 6½ mí idir 1 Eanáir 2015 agus 12 Iúil 2015.

D'eisigh ComReg a fhreagra i mí na Samhna 2014 do chomhairliúchán agus cinneadh faoin ábhar sin (Cáipéis 14/121 agus Cinneadh Uimh. 13 de 2014). Ba é cinneadh ComReg:

- go gceapfaidh ComReg, faoi réir, agus ar fháil, toiliú an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha do cheapadh Rialachán Ceadúnas Eatramhach; na rialacháin sin faoi alt 6(1) den Acht Radio-Theleagrafaíochta 1926, ag leagan síos nithe ábhartha maidir le Ceadúnas 1800 Mhz Eatramhach.
- ar thaisceadh iarratais go hiomchuí leis ag Telefónica laistigh de théarmaí na Rialachán Ceadúnais Eatramhach, agus ar íoc na dtáillí i ndáil le Ceadúnas 1800 Mhz Eatramhach a ordáítear leis sin, is amhlaidh a dheonóidh ComReg Ceadúnas 1800 Mhz Eatramhach do Telefónica.

Glacadh leis na Rialacháin Raidió-Theileagrafaíochta (Ceadúnas Eatramhach Teileafónaíochta Soghluaiste GSM) 2014 (I.R. 554 de 2014) sa dlí i mí na Nollag 2014. Tar éis chríochnú an phróisis iarratais, eisíodh Ceadúnas Eatramhach GSM don bhanda Mhz do Telefónica.

Scaoileadh speictrim sna bandaí 2.6 GHz, 700 MHz, 1.4 GHz, 2.3 GHz, agus 3.6 GHz.

Sheol ComReg próiseas comhairliúcháin i mí Mheán Fómhair 2014 i leith dheonú féideartha na gceart speictrim sa bhanda 2.6 GHz (2500 – 2690 MHz) le háireamh féideartha na mbandaí 700 MHz (694

- 790 MHz), 1.4 GHz (1452 – 1492 MHz), 2.3 GHz (2300 - 2400 MHz) agus 3.6 GHz (3400 – 3800 MHz) (Cáipéis 14/101). Leagadh amach sa chomhairliúchán sin tuairimí tosaigh ComReg i leith roinnt cúrsaí lenar áiríodh na bandaí speictrim lena n-áireamh sa phróiseas deonaithe, an próiseas deonaithe féin agus na coinníollacha ceadúnais.

Tar éis dóibh na freagraí a fuarthas don chomhairliúchán sin a bhreithniú, d'eisigh ComReg i mí Feabhra 2015 Fógra Eolais (Cáipéis 15/14) inar thug sé faoi deara tacaíocht leathan na bhfreagróirí do scaoileadh na gceart úsáide sa bhandá 3.6 GHz i bpróiseas deonaithe ar leithligh. Thug ComReg le fios go raibh siad ag breithniú an togra sin agus táthar ag dúil go n-eiseoidh siad comhairliúchán ina leith sin le linn shamhradh na bliana 2015.

Plean Tionscadail Idirthréimhsigh do Shlisne Ama 2 den phróiseas Deonú Speictrim Il-Bhanda (MBSA).

Leag ComReg amach a bPlean Tionscadail Idirthréimhsigh (TPP) i mí na Bealtaine 2015 maidir leis an Slisne Ama 2 (TS") den phróiseas Deonaithe Speictrim Il-Bhanda (MBSA) (Cáipéis 15/41). B'éard ba chuspóir leis an TPP ná chun na gníomhaíochtaí agus spriocdhátaí idirthréimhseacha a chaitheann na Ceadúnaithe críochnú chun éascú do thoradh an phróisis MBSA. Leagadh amach gníomhaíochtaí agus spriocdhátaí idirthréimhseacha roimh thosú TS2 an 13 Iúil 2015 i leith gach Ceadúnaí, agus táthar ag saothrú sa limistéar sin tar éis fhoilsiú Cháipéis 15/41. Táthar ag dúil go dtiocfaidh gach gníomhaíocht idirthréimhseach chun conclúide roimh 13 Iúil 2015.

Na himeachtaí um athbhreithniú breithiúnach [2014/595/JR]

D'eisigh ComReg Fógra Eolais an 12 Meitheamh 2015 (Cáipéis 15/62) inar maíodh gur aontaigh Vodafone agus ComReg chun na himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a chaitheamh amach [2014/595/JR] inar thug Vodafone dúshlán don chaoi ar stiúir ComReg a ról bainistíochta speictrim, agus go

sonrach don chaoi ar stiúir siad a ról i gcomhthéacs éadail Telefónica Ireland Limited ("an Cumasc") ag Hutchinson 3G UK Holdings Limited sa bhliain 2014.

Go bunúsach, thug Vodafone an cás toisc nár chreid siad gur chleachtaigh ComReg a bhfeidhm bainistíochta speictrim i gcomhthéacs an Chumaisc. Áitíonn ComReg ar a son féin gurbh aireach dóibh i gcónaí a gcuid feidhmeanna, dualgas agus oibleagáidí reachtúla, agus gur chleachtaigh siad ina leith sin, roimh an gCumasc, i gcomhthéacs an Chumaisc, agus tar éis an Chumaisc, agus go gcleachtaíonn siad i gcónaí a ról bainistíochta speictrim go hiomchuí, i gcomhthéacs gach banda speictrim lena n-áirítear iad siúd atá i gceist.

Rinne ComReg measúnú ar an gCumasc ó pheirspictíocht na bainistíochta speictrim agus coinníonn siad orthu ag monatóireacht úsáid an speictrim in Éirinn (lena n-áirítear an chaoi a ndeachthas an Cumasc i bhfeidhm uirthi) i gcomhréir lena bhfeidhmeanna, dualgais agus oibleagáidí reachtúla ábhartha.

Tástáil & Triail Éireann

Tugann suíomh tíreolaíochta na hÉireann ar imeall thiar na hEorpa agus a dlús daonra íseal eochair-bhuntaiste nádúrtha di, eadhon flúirse coibhneasta an speictrim gan úsáid. Is seirbhís í Tástáil & Triail Éireann inar féidir le fiontraithe, taighdeoirí agus forbróirí leas a bhaint aisti chun raidió-theicneolaíochtaí a thástáil agus a thriail thar éagsúlacht leathan bandaí minicíochta, lena n-áirítear codanna de na bandaí soghluaiste agus craolacháin. D'eisigh ComReg i rith na bliana faoi athbhreithniú 21 ceadúnas Tástála & Trialach do chliaint éagsúla, lena áiríodh ollscoileanna agus lárionaid taighde. Leagtar amach a thuilleadh sonraí ag Test & Trial Ireland; www.testandtrial.ie.

CEADÚNÚCHÁN SPEICTRIM RAIDÍO

Teastaíonn údarú ó ComReg do sheilbh agus úsáid an trealamh raidió in Éirinn. Féadann an t-údarú sin teacht i bhfoirm ceadúnais nó díolúine ó cheadúnas. Is féidir ceadúnais a eisiúint i gcomhréir leis an reachtaíocht seo a leanas:

- An tAcht Radio-Theleagrafaíochta 1926 (arna leasú);
- An tAcht um Údarás Craolacháin 1960, arna leasú (i gcás Údarás RTÉ);
- An tAcht Raidió agus Teilifíse, 1988 (i gcás Choimisiún Craolacháin na hÉireann); nó
- An tAcht Craolacháin (Leasú) 2007 don Chraolachán Digiteach.

Amhail 30 Meitheamh 2015, b'ionann líon iomlán na gceadúnas raidió beo ar ár mbunachar sonraí agus 17,301, arbh ionann agus laghdú beag faoi 0.2% ón mbliain 2014. Próiseáladh ní ba mhó ná 4,000 iarratas ar cheadúnas raidió sa tréimhse chéanna.

Ceadúnú Teiliméadrachta

Is córas raidió-theileagrafaíochta é córas teiliméadrachta trínar féidir toisí uathobrithe a dhéanamh agus trína mbailítear sonraí eile ag ionaid chianda nó do-rochtana, agus tarchuirtear iad chuig stáisiúin ghlactha chun cuspóirí monatóireachta, taifeadta nó rialaithe chianda. Baintear leas as na córais sin le heagrais ar nó cuideachtaí fóntas agus tionsclaíocha, mar a dteastaíonn monatóireacht leanúnach d'oibríochtaí agus de rialú trealaimh ag ilionaid chun feidhmiú ceart na bpróiseas agus an trealaimh a chinntiú. Ba tar éis dóibh glacadh leis na Rialacháin um Raidió-Theileagrafaíocht (Ceadúnú Córas Teiliméadrachta) 2014 I.R. 240 de 2014 a d'eisigh ComReg 3 cheadúnas Teiliméadrachta Náisiúnta i mí Iúil 2014.

Raidió Gnó

Eisítear ceadúnais Raidió Gnó le cuideachtaí mar a dteastaíonn córas cumarsáide soghluaiste príobháideach, mar shampla, mar a dteastaíonn raidiúnna ó chuideachtaí don chumarsáid dhíreach débhealaigh idir ceanncheathrú agus pearsanra soghluaiste. Is iondúil go mbaianeann cuideachtaí slándála, tacsáí agus iompair leas as na córais úd. Eisíodh 228 ceadúnas raidió gnó nua nó leasaithe sna blianta 2014 - 2015, i gcomparáid le 336 sa tréimhse 2013 - 2014 roimhe sin.

Naisc Raidió

Agus toilleadh tarchurtha á sholáthar, is minic arb é an raidió seachas an cábla an réiteach is fearr mar a mbíonn srianta ar nós costais, topagrafaíochta áitiúla (m.sh. tír shléibhtiúil, cosáin thar uisce) i gceist, agus mar ar ábhair ríbhunúsacha iad an gá do rochtain ar shuíomhanna tuaithe iargúlta. Bíonn eochair-ról le feidhmiú ag na córais raidió seasta sna cnámha scéil úd chun cumarsáide soghluaiste agus leathanbhanda a thabhairt do na SMEí agus do thomhaltóirí óir go gcuireann siad ar chumas na n-oibreoirí a rolladh amach go tapa agus go dtugann siad an inniúlacht dóibh chun cosáin tarchurtha a shuiteáil de réir mar is gá leo. Eisíodh 2,796 ceadúnas nua nó leasaithe do nasc raidió i gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe, ar mhéadú faoi 13% thar an tréimhse roimhe sin é. Tháinig an laghdú de bharr oibreoirí ag comhdhlúthú agus ag comhtháthú a ngréasán i gcásanna áirithe.

Raidió Gnó Sealadach

Tháinig fás leanúnach ar an éileamh i gcomhair ceadúnas raidió gnó sealadach i rith na tréimhse tuairiscithe sin. Eisíodh 363 ceadúnas sealadach san iomlán d'imeachtaí spórtúla agus ceolmhara éagsúla ó cheann ceann na bliana, lenar áiríodh na craobhchomórtais iomána agus peile de chuid an CLG, an Chomórtais Treabhdóireachta, an Electric Picnic 2014 agus Ceolchoirm Bhaile Shláinte 2015. Tá sé mar mhéadú faoi 27% ar an tréimhse thuairiscithe roimhe sin. B'éigean ceadúnais a fháil i ndáil le roinnt de na himeachtaí úd do chórais satailíte i gcomhair cuspóirí craolacháin agus bailithe nuachta chomh maith le ceamaraí gan sreang agus micreafóin gan sreang.

Comhlíonadh Speictrim

Cinntíonn Aonad Comhlíonta Speictrim ComReg go gcloíonn gach úsáideoir den speictream raidió leis na coinníollacha nó rialacháin cheadúnais ábhartha ionas go gcuirfí cosc le trasnaíocht ar úsáideoirí raidió eile; agus is é ComReg a bhíonn freagrach nuair a tharlaíonn an trasnaíocht as fíorú an ábhair thar ceann an cheadúnaí.

Tuairiscíodh 126 cás den trasnaíocht i rith na tréimhse idir Iúil 2014 – Meitheamh 2015, ar bhain trasnaíocht le Rialú Aerthráchta nó le Seirbhísí Éigeandála le 3 acu sin. Chuathas i mbun suirbhéanna ar dhíreach os cionn 100 píosa trealamh raidió, trealamh naisc mhicreathonnaigh den chuid ba mhó, in úsáid sa Stát; chun comhlíonadh le coinníollacha ceadúnais a chinntiú chun a chinntiú go n-oireann an speictream raidió dá úsáid ag gach úsáideoir.

Is iad ComReg atá freagrach freisin as bearta a ghlacadh de réir mar ba ghá faoin Acht Radio-Theleagrafaíochta 1926 chuig an Acht Raidió-Theileagrafaíochta 2009, faoin Acht Craolacháin agus Raidió-Theileagrafaíochta, 1988 agus faoi na Treoracha R&TTE agus EMC. Áirítear leis an mbeart úd forghníomhú barántaí cuardaigh ar áitribh a bhfuiltear in amhras fúthu go bhfaightear trealamh raidió neamhcheadúnaithe, trealamh mídhleathach nó taifid iontu a bhaineann le hallmhairiú mídhleathach an trealamh agus ionchúiseamh iad siúd a bhíonn cúisithe leis na cionta ábhartha. Rinneadh 7 n-oibríocht ar scála mór i dteannta leis na gníomhaíochtaí laethúla i rith na tréimhse i gceist,²¹ agus bhí 4 chás ar feitheamh na cúirte tráth na tuarascála seo..

An Treoir maidir le R&TTE (Teirminéal Raidió & Teileachumarsáide), agus an Treoir maidir le EMC (Comhoiriúnacht Leictreamhaighnéadach), a chinntíonn an dá cheann acu go gcloíonn gach trealamh leictreonach agus raidió a chuirtear ar an margadh in Éirinn leis na caighdeáin ábhartha den AE, agus go mbíonn an marc CE orthu;v tagann siad faoi shainchúram ComReg freisin. Chuathas i mbun ní ba mhó ná 200 fiosrúcháin i rith na tréimhse idir Iúil 2014 – Meitheamh 2015 i dtáirgí á gcur ar an margadh in Éirinn, ónar tháinig ní ba mhó ná 120 táirge neamh-chomhlíontach á n-aithint agus á mbaint den mhargadh.

Bíonn ComReg ag comhoibriú leis an tionscal agus le húdaráis rialaitheacha eile in Éirinn agus ar fud an AE araon. Glacann ComReg rannpháirt i bhFeachtais Faireachais Mhargaidh ag leibhéal náisiúnta agus an AE a bhíonn dírithe ar anailísiú táirgí ar an margadh agus ar fhorghníomhú na gcaighdeán ábhartha. B'éard ba phríomhaird sna feachtais i mbliana ná aerfheithiclí cianoibrithe ag feidhmiú sa speictream 2.4Ghz agus táirgí soilsithe LED. Téann ComReg i gcomhairle le húdaráis forghníomhaithe dlí eile laistigh d'Éirinn, go háirithe leis na Custaim agus leis An Garda Síochána chun cuidiú chun teacht isteach an trealamh neamh-chomhlíontaigh sa Stát a chosc.

Tá ComReg ag síneadh a Ghréasáin Mhonatóireachta Cianda i láthair na huaire chun monatóireacht a dhéanamh ar an speictream raidió ar fud na hÉireann. Beidh sé sin mar chúnamh le fiosrú na saincheisteanna trasnaíochta agus na ngníomhaíochtaí forghníomhaithe comhbhainteacha araon. Bíonn Stáisiúin Mhonatóireachta Cianda i mbun oibre ag ComReg i láthair na huaire i ngach aon mhórlíonad uirbeach ar fud na tíre, agus tá an rolladh amach ag leanúint ar aghaidh sna bailte chúigeacha.

Coinníonn ComReg orthu ag glacadh ról ghníomhaigh sna gníomhaíochtaí comhlíonta speictrim ag an leibhéal Eorpach, ag freastal ar an nGrúpa Oibre um Chomhoibriú Riaracháin (ADCO do R&TTE), ar fóram é don chomhoibriú agus d'irdimhailtú faisnéise idir údaráis faireachais mhargaidh náisiúnta, agus ar an gCoiste um Measúnú Comhréireachta Teileachumarsáide agus Faireachas Margaidh (TCAM).

Clár Tomhais Radaíochta Neamh-ianúcháin

Tá na hastuithe radaíochta neamh-ianúcháin (NIR) ó na suíomhanna tarchuradóirí fós mar ábhar inspéise don phobal. Is í An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil a bhíonn freagrach as tionchair shláinte an NIR, agus teastaíonn ó ComReg, mar choinníoll leis na ceadúnais raidió-tarchurtha, go gcaitheann oibreoirí na stáisiún tarchurtha a chinntiú go gcloíonn a gcuid suiteálacha leis na teorainneacha d'astuithe NIR a shonraítear sna treoirilínte is déanaí arna

21 Pléitear leis an gcuid is mó de na cásanna a bpléánn ComReg leo trí fholáirimh ar an toirt a eisiúint agus trí thabhairt ar láimh shaorálach an trealamh neamh-chomhlíontaigh, ní theastaíonn caingean dlí chun réiteach a fháil ach amháin i mionlach na gcásanna.

bhfoilsíú ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint in aghaidh na Radaíochta Neamh-lanúcháin (ICNIRP²²).

Is iad ComReg a stiúran na hiniúchtaí comhlíonta bliantúla ag oibreoir le coinníollacha ceadúnais lena n-áirítear na huasteorainneacha d'astuithe ICNIRP. Baineann suirbhéireacht ar líon suíomhanna agus cineálacha tarchuardóirí samplach (cinn tarchurtha, teileafónaíochta soghluaiste, leathanbhanda gan sreang srl.) ar fud na tíre. Rinneadh torthaí gach suirbhé suímh a stiúradh i rith na tréimhse tuairiscithe sin (Iúil 2014 – Meitheamh 2015) a achoimriú agus a fhoilsíú i gceithre thuairisc ráithiúla atá ar fáil ar www.comreg.ie. Cuireadh cóipeanna de na tuairiscí suirbhé suímh aonair ar fáil ar láithreán gréasáin ComReg chomh maith le trí mheán www.siteviewer.ie, ar saoráid ar líne í arna soláthar ag ComReg, ina ligtear don phobal chun amharc ar mhionsonraí na stáisiún bunáite teileafónaíochta soghluaiste GSM, 3G agus LTE ar fud na hÉireann.

Fuarthas toisí na n-astuithe NIR de bheith go mór faoi bhun na n-uasteorainneacha sna treoirlínte ICNIRP ag gach ceann de na suíomhanna a ndearnadh suirbhé orthu sa tréimhse thuairiscithe sin.

UIMHRIÚ

Bainistiú na Scéime Uimhrithe Náisiúnta

Bhíodh na huimhreacha gutháin, na cóid ródaithe gréasaín agus na hacmhainní seolacháin eile ina n-eochair-chumasóirí riamh annall do sheirbhísí teileachumarsáide lena gcinntítear ródúchán éifeachtach na cumarsáide náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tacaíonn siad freisin le feidhmiú ceart na réimeas billeála agus socraithe a théann i dteannta leis na seirbhísí úd. Is é ComReg an comhlacht a bhíonn freagrach as bainistiú scéim uimhriúcháin náisiúnta na hÉireann, ról a chaitheann sé a chomhlíonadh i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leag Aontas Idirnáisiúnta na Teileachumarsáide (ITU)

síos, agus a thagann faoi reir reachtaíochta sonraí Náisiúnta agus Eorpaí. Is eochair-riachtanas é go gcaitheann dóthain toillidh uimhrithe bheith ar fáil i gcónaí - thar gach réimse uimhreacha - chun foráil do sheirbhísí reatha agus amach anseo, agus leis sin chu an iomaíocht bhríomhar a chur chun cinn sa mhargadh cumarsáide.

Caithfear bheith aireach chun cothromaíocht a fháil idir cur ar fáil dóthain uimhreacha do na seirbhísí sin atá ag teacht aníos agus an riachtanas d'úsáid éifeachtúil na n-uimhreacha, d'fhonn lánidiú na n-acmhainní uimhrithe a chosc. Is cás síoraí do phleananna uimhrithe náisiúnta é lánidiú na n-uimhreacha, agus tagann implteachtaí costais ghéara do chách leis an ngnáthleigheas chun athruithe uimhreacha a thabhairt isteach chun toilleadh a fhormhéadú.

Is chun a chinntiú nach n-ídítear acmhainní uimhrithe ar bith is amhlaidh a dhéanann ComReg iniúcháireacht mhinic ar acmhainní úsáidte agus infhaighte, ag ceapadh ullmhúchán luath d'athruithe uimhreacha nó d'fhormhéadú réimse na n-uimhreacha de réir mar is gá – suas le trí bliana roimh an dáta ídithe ionchasach de ghnáth. Tharla na hathruithe ba dhéanaí sna huimhreacha thiar sa bhliain 2009, agus tá bearta caomhnaithe ar bun anois leis an aidhm chun uimhreacha geografacha agus soghluaiste gan úsáid a aisghabháil, rud a chiallaíonn nach samhlaíonn ComReg aon ghá do bhreis athruithe do na huimhreacha sa todhchaí díreach amach romhainn. Tugann tionscal teileachumarsáide na hÉireann lántacaíocht don saothar sin, a dhéantar le cúnamh ó chomhairligh ComReg, ar feasach dóibh gurb é an t-aon leigheas malartach chun athruithe fíorchostasacha d'uimhreacha a chur i gcrích.

Saothraíonn ComReg lena gcomhleacaithe freisin i riaracháin náisiúnta eile agus le ITU-T chun a chinntiú go n-éiríonn uimhreacha gutháin nua Éireannach agus eachtracha feidhmiúil go pras ar gach gréasán náisiúnta agus idirnáisiúnta.

22 Is comhlacht saineolaithe eolaíochta neamhspleácha é an ICNIRP a shaothraíonn leis an Eagraíocht Dhomanda Sláinte chun na treoirlínte a fhorbairt.

Is dócha go dtiocfaidh tuilleadh éileamh ar uimhreacha agus seoltaí ar dócha go dtiocfaidh siad ó sheirbhísí nuálaíocha 'thar barr', ó Idirlíon na nEarraí agus ón gcumarsáid idir meaisíní (Iot & M2M), chomh maith le coinbhéirseacht leanúnach na seirbhísí seasta agus soghluaiste - a dtiocfaidh cumais bhríomhara agus ardchumais leo go léir. Tá ComReg ag saothrú lena chomhpháirtithe Eorpacha chun a chinntiú go bhfanann Éireann chun tosaigh le gach tionscnamh sna limistéir úd.

Coinníollacha Úsáide Uimhrithe

Tá ComReg tar éis athbhreithniú mór a dhéanamh ar a nGnásanna Uimhrithe Náisiúnta agus ar a gcáipeis d'Iarratais Uimhrithe, agus tá siad tar éis ²³ réimse leathan athruithe a mholadh i leith na gcáipéisí úd. Táthar tar éis cáipéis ionaid amháin a tháirgeadh ²⁴ lenar áiríodh gach athrú molta, agus seoladh ar aghaidh don chomhairliúchán poiblí í an 25 Meitheamh 2015. Is díol suntais í an cháipeis nua, dar teideal "Coinníollacha Úsáide agus Próiseas Iarratais don Uimhriú", sa mhéid go bhfuil go leor coinníollacha úsáide uimhrithe ceaptha le bheith bunaithe go dlíthiúil ar an Údarú Ginearálta, seachas ar choinníollach a cheanglaítear leis na cearta úsáid d'uimhriú, faoi mar ab amhlaidh go nuige seo.

Saol Athraitheach an Uimhrithe Geografaigh agus Shoghluaiste

D'fhostaigh ComReg comhairligh sa bhliain 2013 chun tabhairt faoi staidéir a bhí dírithe ar uimhreacha geografacha agus ar an uimhriú M2M, ónar tháinig cinntí chun bearta saindírithe a dhéanamh leis an aidhm, faoi seach, chun uimhreacha geografacha agus soghluaiste a aisghabháil a bhí leithdháilte ar ghnóthais cheana féin²⁵. Ina theannta sin, bhíodhas chun na bearta a fhorlíonadh le forbairt spriocanna úsáide sonracha do bhloic uimhreacha a bhí leithdháilte ar na gnóthais úd, ionas nach dtarlóidh leithdháiltí uimhreacha breise ach amháin ach a ngnóthaítear na spriocanna úd.

Tá comhléanna diana ar siúl leis na hoibreoírí móra chun na bloic uimhreacha úd a aithint ar féidir iad a aisghabháil agus chun patrúin agus éilimh ídithe uimhrithe na n-oibreoírí aonair a bhunú ionas gur féidir figiúirí úsáide iomchuí a leagan síos. Ina theannta sin, táthar tar éis cainníochtaí fóinteacha d'uimhreacha geografach gan úsáid a aisghabháil cheana féin, ónar tháinig suíomh cúlchiste ní ba chompordaí do Bhaile Átha Cliath, mar shampla, leis an spriocdháta d'idiú na n-uimhreacha²⁶ do Bhaile Átha Cliath á chur siar roinnt blianta. Táthar ag dúil go ngnóthófar macasamhail de sin i leith réimsí uimhreacha eile leis an saothar leanúnach sa bhliain amach romhainn.

Cumarsáid ó Mheaisín go Meaisín (M2M)

Feictear fás as cuimse san earnáil M2M thar gach tír fhorbartha agus tá móramh na ngnóthas rannpháirteach go gníomhach inti nó ag staidéar an chaoi is fearr chun rannpháirt a ghlacadh inti. Tá na tráchtairí ag tuar gur féidir linn bheith ag dúil le hollchruinne idirnasctha idir 25-50 billiún²⁷ gaireas deiridh idirnasctha go domhanda, chomh luath leis an mbliain 2020 le réamhthuar do 7 Trilliún earraí idirnasctha ag an gCoimisiún Eorpach²⁸. Teastóidh cumais seolacháin uathu sin go léir, ar dócha go sásófar iad trí mheán meicníochtaí Ipv6 san fhadtéarma, le Ipv4 agus uimhreacha (uimhreacha fóin phóca den chuid is mó) á n-úsáid san idirlinn.

Tá ComReg ag glacadh rannpháirte sa saothar atá ar bun ag an leibhéal Eorpach (in CEPT agus BEREC) i leith na n-ábhar úd, agus bhí comhphléanna acu freisin leis na gnóthais aonair i leith a mianta M2M, ar sloinneadh roinnt acu freisin sna freagraí comhairliúcháin. Is féidir a fheiceáil go gcaithfear tionchair fhéideartha an M2M agus an IoT araon a bhreithniú nuair a bhítear ag glacadh gach cinneadh uimhrithe amach anseo.

²³ ComReg 15/60: Comhairliúchán: Coinníollacha Úsáide agus Próiseas Iarratais don Uimhriú

²⁴ ComReg 15/60a

²⁵ Cáipéisí ComReg 13/122 agus 13/109 faoi seach.

²⁶ Baineann sé sin leis an réimse '01' d'uimhreacha.

²⁷ Gartner 25 Billiún; Ericsson 50 Billiún

²⁸ Taighde le EU Focus Magazine Uimh. 15 le DG Connect

Uimhreacha Comhchuibhithe do Sheirbhís Comhchuibhithe lena mbaineann Luach Sóisialta

Is tionscnamh de chuid an CE é Uimhreacha Comhchuibhithe do Sheirbhís Comhchuibhithe lena mbaineann Luach Sóisialta chun is go mbeidh an 'uimhir chéanna don tseirbhís chéanna' i ngach aon Bhallstát. D'éirigh go fíormhaith le hÉireinn i gcoibhneas lenár gcomhpháirtithe AE ag tabhairt cúig cinn de na sé Sheirbhís Chomhchuibhithe de chuid an AE lena mbaineann Luach Sóisialta chun úsáide gníomhaí, faoi mar a thaispeántar sa tábla seo a leanas:

Cé nach bhfuil aon fheidhm ag ComReg maidir le cur chun cinn 116 seirbhís, leanann sé ar aghaidh ag soláthar comhairle agus treorach do 116 soláthraí seirbhíse.

Fuair an tseirbhís Línte Cabhrach 116123 is Tacaíocht Mhothúcháinach arna réachtáil ag na Samáraigh ardmholadh le deireanas ón Aire White²⁹ agus ó Chomh-Choiste an Oireachtais um Iompar agus Cumarsáid³⁰, de bharr na fáilte a d'fhear siad roimh ghlaonna saora in aisce ó Chónaidhm Thionscal na Teileachumarsáide (TIF), agus an trácht isteach sa líne chabhrach ag méadú go mear thar na chéad ionchais..

Líon	Ainmiú Seirbhíse Comhchuibhithe lena mbaineann Luach Sóisialta	Arna bh-Forchoimeád ag ComReg	Líon Iarrtas a Fuarthas	Sannta	Seirbhíse
116000	Beolínte do leanaí ar iarraidh	✓	✓	✓	✓
116006	Líne chabhrach d'íospartaigh na coireachta	✓	✓	✓	✓
116111	Línte cabhrach do leanaí	✓	✓	✓	✓
116117	Seirbhís míochaine neamh-éigeandála ar glao-dhualgas	✓	✗	✗	✗
116123	Línte cabhrach do thacaíocht mhothúcháinach	✓	✓	✓	✓

29 <http://www.dcenr.gov.ie/news-and-media/en-ie/Pages/PressRelease/Minister-White-commends-telecommunications-industry-partnership-with-Samaritans.aspx>

30 <http://oireachtasdebates.oireachtas.ie/Debates%20Authoring/DebatesWebPack.nsf/committeetakes/TRJ2015070800002?opendocument#A00200>

RIALÁIL POIST

Ba san Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011 a ainmníodh An Post mar an soláthraí seirbhíse poist uilíche (USP) síos go dtí an bhliain 2023. Ba san Acht 2011 freisin a leagadh amach roinnt tascanna do ComReg, mar an tÚdarás Rialúcháin Náisiúnta d'earnáil an phoist in Éirinn, i ndáil le rialáil An Post mar USP.

Is iad feidhmeanna reachtúla ComReg chun soláthar seirbhíse poist uilíche a chinntiú chun éilimh réasúnta na n-úsáideoirí seirbhíse poist a shásamh agus chun comhlíonadh ag soláthraithe seirbhíse poist leis na hoibleagáidí a chuirtear orthu a mhonatóireacht agus a chinntiú.

Is iad cuspóirí reachtúla ComReg:

- forbairt na hearnála poist agus infhaighteacht seirbhíse poist uilíche go sonrach a chur chun cinn, laistigh, chuig agus ón Stát ag praghas inacmhainne chun sochair gach úsáideoir;
- leasanna úsáideoirí na seirbhíse poist a chur chun cinn;
- éascú d'fhorbairt na hiomaíochta agus na nuálaíochta sa mhargadh do sholáthar na seirbhíse poist.

Áirítear le feidhmeanna sonrach ComReg monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an USP le treoracha arna n-eisiúint ag ComReg, mar shampla, nósanna imeachta cuntasíochta lena nglacadh agus a chuntais rialaitheacha á n-ullmhú agus monatóireacht ar fheidhmíocht i gcoinne cháilíocht an chaighdeáin seirbhíse a shocraítear.

Chuaigh ComReg i gcomhairle i rith na bliana ar an straitéis don rialú poist do na blianta 2015 – 2017, agus d'fhoilsigh siad í freisin. Feidhmíonn Ráiteas Straitéise Poist ComReg 2015 – 2017 (Cáipéis 15/18) mar chreatlach do ghníomh ag ComReg thar an gcéad dhá bhliain eile, agus í dírithe ar sheachadadh sásúil na n-eochairthosaíochtaí aitheanta laistigh de na tráthscálaí tascacha a shocraítear.

Chríochnaigh ComReg na tascanna éigeantacha seo a leanas den Acht 2011 i gcaitheamh na bliana freisin:

Nósanna imeachta neamhspleácha réitigh aighneas

Tugtar le hAlt 43(3) den Acht 2011 cumhacht lánroghnach do ComReg, nó do cheapachán le ComReg, chun aighnis úsáideoirí na seirbhíse poist a réiteach, ar aighnis iad a bhíonn fós gan réiteach tar éis chríochnú cuí gach nós imeachta de chod cleachtais sholáthróir na seirbhíse poist.

Tar éis comhairliúcháin phoiblí, shocraigh ComReg nósanna imeachta i gCáipéis Uimh. 15/07 chun úsáid i gcásanna mar a dteastaíonn réiteach ó aighneas úsáideoir na seirbhíse poist, a fhanann gan réiteach tar éis chríochnú cuí gach nós imeachta de chod cleachtais an tsoláthraí seirbhíse poist. Is éagsúil go bunúsach é an réiteach aighneas, faoi alt 43(3), le hais aon phróisis réitithe aighnis arna soláthar ag na soláthróirí seirbhíse poist féin, óir go réitítear aighnis faoi alt 43(3) le páirtí neamhspleách ón soláthraí seirbhíse poist féin.

Agus na nósanna imeachta do réiteach aighneas á mbunú faoi alt 43(3), b'fheasach do ComReg dá bhfeidhmeanna agus cuspóirí reachtúla faoin Acht 2011, agus, go sonrach d'alt 43(5) óna dteastaíonn go mbeidh na nósanna imeachta úd (a) trédhearcach, (b) simplí, (c) saor, agus (d) mar chumasú do réiteach aighneas go cothrom agus go pras.

Téarmaí agus coinníollacha na seirbhíse poist uilíche

Is iad na téarmaí agus coinníollacha an bunús den chomhaontú idir custaiméir agus soláthraí seirbhíse. Comhlíontar leo an ról ríbhunúsach chun gach páirtí le conradh éigin a chur ar an eolas agus a chosaint. Baineann tábhacht nach beag leis sin i gcás seirbhísí tomhaltóirí mar a bhféadfadh éagothromaíocht bheith idir an t-eolas i measc na bpáirtithe conarthacha. Is seirbhís amháin mar sin iad na seirbhísí poist.

Is bunriachtanas iad na téarmaí agus coinníollacha na seirbhíse poist uilíche do gach úsáideoir seirbhíse poist. Is in Ailt 22, 23 agus 24 den Acht 2011 a leagtar amach an chreatlach reachtúil i ndáil le téarmaí agus coinníollacha don tseirbhís phoist uilíoch. Tá cuspóir

reachtúil ag ComReg chun leasanna úsáideoirí na seirbhíse poist a chur chun cinn, agus measann sé go dteastaíonn téarmaí agus coinníollacha glana soiléire ó úsáideoirí na seirbhíse poist uilíche.

Thug ComReg, trí Chomhairliúchán 15/37, achoimre dá réamhthuairimí i leith téarmaí agus coinníollacha molta An Post don tseirbhís phoist uilíoch. Tá ComReg ag dúil go rachaidh siad ar aghaidh an bhliain seo chugainn, tar éis bhreithniú gach freagra don chomhairliúchán, chun faomhadh a thabhairt, le leasú nó gan leasú, do na téarmaí agus coinníollacha molta don tseirbhís phoist uilíoch.

Maolú ón tseirbhís phoist uilíoch i ndáil le laethanta oibre áirithe

Socraítear le hAlt 16(1)(a) d'Acht 2011 raon feidhme "na seirbhíse poist uilíche" leis an mbrí go ndéantar ar a laghad gach lá oibre bailiú amháin agus seachadadh amháin chuig baile nó áitreabh gach duine sa Stát, seachas sna cúinsí nó le linn coinníollacha geografacha de réir mar a mheasann ComReg bheith eisceachtúil.

Rinne An Post iarratas i rith na bliana i gcomhair maoluithe ón tseirbhís phoist uilíoch i ndáil leis na laethanta oibre seo a leanas:

1. Aoine na Cásca,
2. Lunta tar éis lae saoire phoiblí a tharlaíonn ar an Satharn nó ar an Domhnach,
3. 24 Nollaig (Oíche Nollag)(maolú do bhailiúcháin amháin), agus
4. An chéad lá oibre tar éis 26 Nollaig (Lá 'le Stiofáin).

Tar éis comhairliúcháin phoiblí, cheadaigh ComReg na maoluithe sin ón tseirbhís phoist uilíoch.

Cáilíocht na Seirbhíse

Is eochairchuspóir do gheilleagar iomaíoch nua-aimseartha ar nós cheann na hÉireann é infhaighteacht seirbhíse poist arb éifeachtúil í agus lena mbaineann ardchaighdeán. Ar cheann de chuspóirí ríbhunúsacha na dTeoracha Poist Eorpacha is ea chun feabhsuithe a shlánú i gcáilíocht na seirbhíse don tseirbhís phoist uilíoch; agus ní foláir do ComReg de réir an dlí chun sprioc cáilíochta seirbhíse a shocrú don USP dá sholáthar seirbhíse poist uilíche.

Is iad An Post, mar an USP i láthair na huaire, a fhaigheann treoir chun caighdeán an tseachadta don chéad lá eile de 94% a ghnóthú do phost tosaíochta píosa shingil a sheachadtar laistigh den Stát. Is iad ComReg a dhéanann monatóireacht ar fheidhmíocht An Post i gcoinne an chaighdeáin 94% sin, ar bhonn leanúnach, i gcomhréir leis na caighdeáin tomhais idirnáisiúnta, agus foilsíonn ComReg tuairiscí feidhmíochta bliantúla ar a láithreán gréasáin. Tá an conradh ag Ipsos MRBI ó ComReg chun cáilíocht seirbhís An Post a thomhas don phost tosaíochta píosa shingil (an gnáth-chomhfhreagras laethúil a sheolann daoine aonair agus gnólachtaí, idir mhór agus bheag). D'eisigh ComReg comhairliúchán poiblí i rith na bliana arbh iomchuí fós iad na caighdeáin sin do cháilíocht na seirbhíse. Tá ComReg ag dúil an bhliain seo chugainn, tar éis bhreithniú gach freagra a fuarthas don chomhairliúchán, go rachaidh siad ar aghaidh ag socrú chaighdeáin cháilíochta seirbhíse de bhun Acht 2011.


Taighde in earnáil na bpaicéad agus na mbeartán in Éirinn

Choimisiúnaigh ComReg a thuilleadh taighde i rith na bliana freisin san earnáil poist. Díríodh an taighde i mbliana ar earnáil na bpaicéad agus na mbeartán in Éirinn, agus d'fhoilsigh ComReg torthaí an taighde sin (Cáipéis Uimh. 15/47).

Ba iad na heochairthorthaí ná:

- Idir €430 milliún agus €520 milliún a bhí méid na hearnála sa bhliain 2013. Tá sé sin tar éis fáis faoi timpeall 5-6% in aghaidh na bliana le trí bliana anuas chuig deireadh na bliana 2013. Ó thaobh na toirte de, bhí idir 83 milliún agus 94 milliún mír á n-iompar ar fud na hearnála sa bhliain 2013.
- Beidh an toirt sa bhliain 2016 idir 90 milliún agus 109 milliún mír in aghaidh na bliana, agus is é luach na hearnála sa bhliain 2016 ná idir €470 milliún agus €593 milliún, rud a léiríonn fás faoi thuairim 2-4% in aghaidh na bliana thar na trí bliana tar éis 2013.
- Ó thaobh na toirte de, is ionann sciartha ochtar oibreoirí in Éirinn agus timpeall 90% d'earnáil na bpaicéad agus na mbeartán. Moltar sna meastacháin gurb é An Post an t-oibreoir is mó le hidir 30-40% de líon na bpaicéad agus na mbeartán. Is iad Nightline, DPD agus GLS na chéad chinn eile is mó le sciartha faoi seach idir 10-15%, agus meastar 5-10% de na líonta bheith ag Fastway agus DHL faoi seach.

Maidir le sciartha de luach na hearnála paicéad agus beartán in Éirinn, moltar sna meastacháin gurb é An Post an t-oibreoir is mó le hidir 20-30% den sciar de réir luacha. Is lú sin ná sciar An Post de réir toirte, go príomha de bharr fáлтаis níos airde in aghaidh na míre bheith ag na mear-oibreoirí. Meastar 10-15% bheith ag DHL agus UPS faoi seach de réir luacha, ag léiriú meánfháлтаis de réir na míre agus an dá oibreoir sin ag freastal den chuid is mó ar na mearchodanna agus idirnáisiúnta den earnáil.



SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Is éard is aidhm le ComReg bheith ina eagrais rí-éifeachtúil nuálaíoch a aithnítear mar lárionad feabhais ag feidhmiú a rannpháirte iomláine chun geilleagar eolas-bhunaithe a mhúnlú agus a sheachadadh.

Struchtúr Eagrúcháin

Bunaíodh ComReg faoin Acht um Rialáil Cumarsáide 2002. Is é an Coimisiún, i dteannta leis an bhFoireann Ceannaireachta, atá freagrach as bainistiú straitéiseach agus oibriúcháin an eagrais. Braitheann ComReg ar iarrachtaí ár ndaoine go léir (lena n-áirítear dlíodóirí, eacnamaíthe, innealtóirí, cuntasóirí, anailísithe gnó agus speisialtóirí riaracháin) chun ár misean a sheachadadh agus chun ár gcuspóirí rialúcháin a shásamh.

An Próiseas Pleanála Straitéiseach

Faoi mar a theastaíonn i gcomhréir leis an Acht um Rialáil Cumarsáide, ab amhlaidh a foilsíodh Ráiteas Straitéise ComReg do na blianta 2014 – 2016 i mí Iúil 2014 (ComReg 14/75) tar éis próisis chomhairliúcháin fairsing. Is ann sa Ráiteas Straitéise a leagtar amach plean ComReg do sheachadadh ár n-eochairthosaíochtaí agus tá Plean Gnímh Bhliantúil ComReg mar bhonn taca faoi, ina leagtar amach tráthchláir mhionsonraithe, agus a nuashonraítear go rialta ar ár láithreán gréasáin. Feictear na gníomhartha sin i limistéir eochairthorthaí ar leithligh, arb iad an bunús iad dár bpróiseas bainistíochta feidhmíochta. Is í an Fhoireann Cheannaireachta agus an Coimisiún a bhainistíonn go gníomhach an dul chun cinn i ndáil lenár dtionscadail rialúcháin.

Seirbhísí Corparáideacha

Is ann sa Ráiteas Straitéise don tréimhse idir 2014 agus 2016 a leagtar amach ceithre sprioc ardleibhéil de chuid ComReg, lena n-áirítear sprioc chun bheith ina eagrais éifeachtach agus aclaí a thacaíonn lena dhaoine agus a chuireann ar a gcumas chun cuspóirí an eagrais a ghnóthú.

Is í an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha a thacaíonn le saothar ComReg agus a mhúnlaíonn é trí straitéisí forásacha a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú, atá deartha chun feidhmíocht den scoth a chothú agus a chumasú ag daoine inniúla agus tiomanta. Áirítear leis an limistéar Seirbhísí Corparáideacha na feidhmeanna seo a leanas: Acmhainní Daonna, Oiliúint agus Saoráidí, Airgeadas agus Rialachas, Teicneolaíocht na Faisnéise agus an Chumarsáid.

An Rialachas Corparáideach

Is éard is cuspóir leis an gCoimisiún ná chun comhlíonadh a chinntiú i gcónaí leis an dea-chleachtas sa Rialachas Corparáideach.

Is é beartas ComReg chun cloí leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, agus thuairiscigh sé faoina chloí leis na hailt ábhartha den Chód, bíodh sé ina Thuarascáil Bhliantúil nó ar leithligh trí mheán litreach chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha.

Tá clár fairsing iniúchta i bhfeidhm ag ComReg, arna mhaoirsiú ag an gCoiste Iniúchta a bhuail faoi chéile 3 huaire i gcaitheamh na bliana. Déantar an fheidhm iniúchta a fhoinsiú go hallamuigh. Tá iontaobhaí neamhspleách den scéim pinsin i bhfeidhm freisin, ag cloí leis an dea-chleachtas.

Is dúshlán leanúnach é mar chomhlacht poiblí ag feidhmiú i gcomhshaol deacair chun luach a chur leis agus chun oibriú laistigh de shrianta acmhainne. Déanaimid athbhreithniú agus leasú go leanúnach ar bheartais agus nósanna imeachta i ndáil leis an gcaiteachas, an soláthar agus an bainistiú riosca. Bíonn ComReg freagrach don Oireachtas trí mheán a Choistí.

Ba mheán tábhachtach freisin é forfheidhmiú leanúnach an phlean soláthair chun cuspóirí beartais nua a sheachadadh m.sh. ionchais na ngnóthachan éifeachtúlachta sna costais neamhrialúcháin. Rinneamar atairiscint i rith na bliana reatha seo ar líonn seirbhísí foinsithe allamuigh, agus chuireamar tús leis an bpróiseas soláthair i ndáil le creat-chomhaontuithe do sheirbhísí taighde, seirbhísí gairmiúla agus comhairle rialaitheach.

Is aidhm linn gach sonrasc bailí a íoc laistigh de 15 lá agus foilsímid ar ár láithreán gréasáin líon agus luach na n-íocaíochtaí a dhéantar go ráithiúil. Coinnímid orainn ag feabhsú achair na dtimthrialta do phróiseáil an tsaothair, le cúnamh ó chomhoibriú gach foireann agus ó na tionscnaimh theicneolaíochta nua arna bhforbairt go himmheánach chun an phróiseáil a fheabhsú. Rinneadh 74% de na híocaíochtaí sa bhliain anuas chuig 30 Meitheamh 2015 laistigh den tréimhse ama éigeantach.

Bainistiú Daoine

Aithnímid gurb iad na daoine an tsócmhainn is luachmhaire dúinne. Is éard a n-oilteacht, a ndíograis agus a ndúthracht a chumasaíonn ComReg chun ár ról a chomhlíonadh chun an iomaíocht a chur chun cinn, chun custaiméirí a chosaint agus chun spreagadh don nuálaíocht. Féachaimid chun comhshaol a shaothrú ina dtugtar spreagadh don fhorbairt, ina n-uasmhéadaítear an cumas agus ina n-éiríonn leis an nuálaíocht.

Bíonn sé ríthábhachtach de réir mar a athróidh ár sainchúram de réir a chéile go meallfaimid agus go gcoinneoimid daoine aonair leis na speisialtachtaí agus inniúlachtaí iomchuí. Is gné ríbhunúsach í chun a chinntiú go mbíonn an líon daoine oile againn a theastaíonn chun ár gcuspóirí rialaitheacha a ghnóthú.

Tá fás ag teacht ar an éileamh i dtionscal nateileachumarsáide san earnáil phríobháideach, agus táimid ag dul san iomaíocht le fostóirí san earnáil phríobháideach agus phoiblí araon i gcomhair acmhainní le hoilteachtaí rí-speisialaithe. Cé gur cuireadh srian linn maidir le hearcú chun folúntais a líonadh, ghlac an fhoireann freagrachtaí breise chucu, agus líonamar na poist an-tábhachtacha úd ar bhunúsach do scaoileadh ár gcuspóirí príomha iad.

Is comhchuid mhór d'fhoireann uirlisí acmhainní daonna an eagrais í an fhoghlaím agus an fhorbairt. Dírítear ár n-aird ar spreagadh a thabhairt don fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Is cúis mhórtais dúinn chun aitheantas seachtrach a fháil trí chreidiúnuithe leanúnacha ag comhlachtaí ar nós an NSAI (An Feabhas trí Dhaoine), Innealtóirí na hÉireann agus ag roinnt comhlachtaí cuntasachta gairmiúla. Déanaimid ár gcaighdeáin sláinte agus sábháilteachta a thagarmharcáil freisin trí iontráil a ghlacadh i ngradaim Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann. Feictear an rannpháirteachas sin agus na gradaim a fuaireamar mar aitheantas don tiomantas a bhíonn againn do ghnóthú agus chothabháil an deachleachtais.

Chomhshaothraigh foireann ComReg chun clár oiliúna saincheaptha um Bainistiú Tionscadail a dhearadh, a aithníodh mar an scoth dá aicme. Is trínár gcoiste CPD a bhíonn an fhoireann bainteach freisin le dearadh na gclár Forbartha Gairmiúla (CPD). Tá foireann thrasfheidhmeach sa choiste ag feidhmiú thar ceann cuntasóirí, eacnamaíthe, innealtóirí agus dlíodóirí.

I dteannta leis an oiliúint fhoirmiúil, is amhlaidh a reáchtálaimid Clár Meantóireachta bliantúil. Le haitheantas seachtrach le hInnealtóirí na hÉireann agus leis an CIPD is éard is cuspóir leis an gclár chun éifeachtacht ComReg a uasmhéadú trí dhul i ngleic le daoine agus trí spreagadh a thabhairt dóibh chun a gcumas a ghnóthú trí roinnt an eolais agus na taithí ar fud an eagrais.

Leanaimid orainn ag tacú le daoine aonair chun cáilíochtaí tríú agus ceathrú leibhéal a ghnóthú, chun oilteachtaí ceannaireachta, bainistíochta agus gairmiúla fhorbairt. Freastalaíonn go leor foirne ar chlár ceannaireachta rialaitheach arna reáchtáil ag Foras Bainistíochta na hÉireann (IMI), ba iad ComReg i gcomhar leis an IMI a d'fhorbair an cúrsa sin, agus é coitianta anois le gach eagrais Éireannach ag a mbíonn sainchúram rialaitheach suntasach.

Tógtar gnóthachain ComReg ar an gcáilíocht, tiomantas agus caighdeáin ghairmiúla na ndaoine a oibríonn anseo. Táimid ag súil le bheith ag cur leis sin trí thabhairt isteach tionscnamh athnuaite agus nua amach anseo.

Láirionad feabhais

Infheistíonn ComReg acmhainní nach beag sa chomhairliúchán ar chinntí rialúcháin, agus is amhlaidh a leanfaidh sé ar aghaidh mar sin. D'eisíomar 188 foilseachán le linn na tréimhse faoi athbhreithniú. Cinntímid freisin gurb iomchuí é an rialúchán trí Mheasúnachtaí Tionchair Rialúcháin (RIA) a stiúradh de réir mar is cuí, mar eochairmheán chun ualaigh rialúcháin a íosmhéadú.

Aithnímid go mbaineann tábhacht leis an taighde príomha in eacnamaíocht fhorbairt na hearnála do gach geallsealbhóir, agus d'oibríomar go dlúth leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) i leith cláir thaighde sa chumarsáid. Cuirtear ár bpróisis agus córais in oiriúint ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go leanaimid ar aghaidh ag seachadadh ár gcuspóirí agus go soláthraímid seirbhís éifeachtach.

Fónann an fheidhm Theicneolaíocht na Faisnéise go sonrach chun feidhmiú mar chumasóir gnó luachmhara do ComReg, ag feabhsú na taithí do gheallsealbhóirí. Gnóthaítear an méid sin trí sholáthar agus feabhsú na seirbhísí ar líne agus na gcóras agus seirbhísí cúloifige, lena n-áirítear láithreáin ghréasáin saintiomanta chun líon seirbhísí sonracha ComReg a sholáthar d'úsáideoirí (m.sh. iarratais ar Cheadúnais Raidió, clárúchán seirbhíse Poist srl.). Táimid ag tabhairt isteach ní ba dhéanaí spás comhoibritheach comhroinnte faisnéise do thionscadail sa tsúil chun comhsheasmhacht a fheabhsú go leanúnach sa chaoi ina n-oibrímid, ag comhroinnt na ndea-chleachtas inmheánach agus seachtrach. Féachaimid chun a chinntiú go mbíonn gach seirbhís a sholáthraítear ar fáil i bhformáid ar líne. Soláthraímid eolas neamhspleách, comparáideach, áisiúil do na tomhaltóirí i leith seirbhísí malartacha, gnéithe agus praghsanna ar ár láithreán gréasáin www.callcosts.ie agus tacaítear le rannóg eolais ar ár láithreán gréasáin do thomhaltóirí www.askcomreg.ie/business le deasc chabhrach shaintiomanta do ghnólachtaí beaga agus do thomhaltóirí oifige bige/baile. Is samhail atá sa láithreán gréasáin Tástáil agus Triail Éireann www.testandtrial.ie don nuálaíocht a bhfuil comhlachtaí idirnáisiúnta eile tar éis é a athbhreithniú.

I gcomhréir lenár Straitéis ríomh-Rialtais is amhlaidh a chuireamar roinnt tionscnamh chun cinn i mbliana:

- Tacú le cuspoirí faisnéise agus cosanta do thomhaltóirí, lena n-áirítear tuilleadh forbartha de www.phonesmart.ie.
- Athbhreithniú ar láithreáin ghréasáin ComReg chun a chinntiú go sásaítear cuspoirí eagrúcháin sonracha ar bhealach chomh héifeachtúil agus chomh caighdeánaithe agus is féidir, lena n-áirítear feabhsú na gcaighdeán inrochtaineachta.
- Feabhsú na socruithe ríomh-cheadúnaithe a thuilleadh, lena n-áirítear modúil PRS agus raidió amaitéaraigh. Tá fás gan staonadh ar líon na gceadúnas agus na gcáipéisí arna n-eisiúint, agus tagann laghdú ar an achar riaracháin, bunaithe ar na forbairtí úd.

Ó thaobh na dtionscnamh oibre cliste de, áiríodh leis an dul chun cinn i mbliana:

- Tuilleadh forbartha dár dtuairisciú airgeadais chun feidhmiúlacht tuairiscithe a fheabhsú.
- Forbairt leanúnach na dteimpléad caighdeánaithe um chruthú cáipéise agus rialáil leagain.
- Nuashonrú ár socruithe Pleanála Leanúnachais Ghnó chun faisnéis agus achair fhreagartha a fheabhsú.
- Caighdeánú ár gcur chuige agus próiseas don bhainistiú tionscadail, ag cinntiú na comhsheasmhachta agus na cáilíochta.
- Ceardlanna intí a sholáthar faoi dhea-shaothrú na bpacáistí éagsúla bogearraí ríomhaireachta in úsáid, ag tapú an tsaineolais inmheánaigh chun seachadadh.

Ina theannta sin ab amhlaidh a cuireadh chun cinn roinnt tionscadal i mbliana chun a chinntiú gur cobhsaí agus slán é ár mbonnagar theicneolaíocht na faisnéise, lena n-áirítear slándáil ríomhphoist. B'fhiú go mór an t-aistriú chuig comhshaol fíorúlaithe, ag cur ar ár gcumas éifeachtúlachtaí fíorshuntasacha a ghiniúint. Agus ár n-acmhainní á mbainistiú, is feasach do ComReg saincheistanna na hinbhuanaitheachta. Thugamar isteach go leor tionscnamh glas m.sh. araidí

athchúrsála, cothú úsáid an iompair phoiblí ag foireann faoin scéim coigilte cánach, cur chun cinn na scéime rothaíochta chun na hoibre, agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh lena n-áirítear suiteáil soilse brathlasta in oifigí agus in ionaid ghinearálta eile, agus uaineadóirí ar théamh an uisce. Coinníonn ComReg air go rathúil ag lorg agus ag brú ar aghaidh a thuilleadh modhanna agus tionscnamh chun ár lorg coise carbóin a laghdú.

Ba faoin bpróiseas um Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí a d'fhorbraíomar plean gnímh uailmhianach, ina n-implínítear scála na ngnóthachan éifeachtúlachta molta. B'éard ab aird le Plean Gnímh ComReg ná gníomhartha a bhí ag teastáil chun éascú do sheachadadh go héifeachtach ar fhormhéadú an tsainchúraim le ní ba lú acmhainní. B'éard ba chiall leis na srianta don Chreat Rialála Fostaíochta i rith na tréimhse ná go raibh teorainneacha arna ngearradh go lárnach ar ár n-infhaighteachtaí acmhainne a chuir isteach ar ár gclár saothair.

Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag feabhsú na feidhmíochta daoine aonair agus eagrúcháin, in éineacht le bealaí a aimsiú chun saothrú níos éifeachtúla agus chun costas an rialúcháin a íoslaghdú, idir go himheánach agus ag plé le geallsealbhóirí lucht tionscail agus eile nach iad.

Rannpháirtíocht le Geallsealbhóirí

Is eochairghné den dea-rialúchán agus chun tacú le geilleagar Digiteach na hÉireann í an rannpháirtíocht lenár ngeallsealbhóirí. Féachaimid chun rannpháirtíocht a ghlacadh lenár ngeallsealbhóirí ar bhonn rialta le bheith comhoibritheach agus freagrach d'éilimh athraitheacha.

Feidhmíonn ComReg i gcomhshaol dinimiciúil agus casta. Áirítear lenár ngeallsealbhóirí tomhaltóirí seirbhísí leictreonacha, aonáin údarathe, ranna rialtais, comh-rialtóirí, Coistí Oireachtais, corparáidí móra, fontair bheaga agus ar mheánmhéid, an tAE agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile nach iad.



GNÓTHAÍ IDIRNÁISIÚNTA

Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC)

Bunaíodh Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) chun éascú do chomhoibriú ní ba dhlúithe idir rialtóirí Teileachumarsáide Eorpacha le Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ó 25 Samhain 2009, mar chuid den phacáiste Athchóirithe Teileachumarsáide.

Rannchuireann BEREC le forbairt agus le feidhmiú níos fearr an mhargaidh inmheánaigh do líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Déanann sé amhlaidh trína iarracht a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirtear chun feidhme go comhsheasmhach creatlach rialaitheach an AE agus trí dhíríú chun margadh inmheánach éifeachtach a chur chun cinn in earnáil na Teileachumarsáide, d'fhonn sochair níos fearr fós a thabhairt do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí araon. Ina theannta sin is amhlaidh a thugann BEREC cúnamh leis an gCoimisiún agus leis na NRAí chun creatlach rialúcháin an AE don chumarsáid leictreonach a chur chun feidhme, chun comhairle a thabhairt ach iarratas a fháil agus dá thionscnamh féin do na hinstiúidí Eorpacha agus chun na tascanna a fheidhmíonn na húdaráis rialúcháin ag an leibhéal náisiúnta a chomhlánú ag an leibhéal Eorpach. Caitheann na NRA agus an Coimisiún aon tuairim, moladh, treoirlínte, comhairle nó dea-chleachtas rialaitheach lena nglacann BEREC a thabhairt san áireamh ar a saindhícheall.

Ní foláir do BEREC:

- dea-chleachtais rialaitheacha a fhorbairt agus a scaipeadh i measc na NRA, ar nós cur chuige, modheolaíochtaí nó treoirlínte comónta i leith fhorfheidhmiú na creatlaí rialúcháin an AE;
- cúnamh a sholáthar do na NRA ar shaincheistean rialúcháin;
- tuairimí i leith dréachtchinntí, moltaí agus treoirlínte an Choimisiúin a sheachadadh faoi mar a shonraítear sa chreatlach rialúcháin;
- tuairiscí a eisiúint agus comhairle a sholáthar, ach iarratas réasúnaithe a fháil ón gCoimisiún nó dá thionscnamh féin, agus tuairimí a sheachadadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle Eorpach, nuair a theastaíonn, i leith aon ábhair faoina chumas;
- cúnamh a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do na NRA i dtaca le caidreamh, comhphlé agus malartú tuairimí le tríú páirtithe agus cúnamh leis an gCoimisiún agus leis na NRA i leith scaipeadh na ndea-chleachtas rialúcháin le tríú páirtithe.

Is é Bord Rialtóirí lena mbaineann Ceannairí nó ionadaithe ardleibhéil na 28 NRA de chuid an AE atá in BEREC. Glacann Coimisiún an AE agus na NRA ó thíortha neamh-AE (na 9 mball eile den IRG) rannpháirt i gcumas neamhvótála mar bhreathnóirí don Bhord Rialtóirí. Tugann Oifig BEREC cúnamh do BEREC. Is Comhlacht Comhphobail í an Oifig atá suite i Ríge agus a oibríonn faoi threoir Choiste Bainistíochta le hionadaíocht ó gach NRA de chuid an AE agus ón gCoimisiún féin air. D'éirigh Oifig BEREC neamhspleách ó thaobh oibriúcháin de i rith na bliana 2011, agus soláthraíonn sí tacaíocht riaracháin iomlán anois do shaothar BEREC.

Thogh BEREC a Chathaoirleach don bhliain 2016, Wilhelm Eschweiler, Leas-Uachtarán Bundesnetzagentur (BNetzA), ag an 21ú Cruinniú Iomlánach (An Bhruiséil) i mí na Nollag 2014. Ceapadh Kevin O'Brien, Coimisinéir ComReg, mar Leas-Chathaoirleach BEREC don bhliain 2015 ag an gcruinniú céanna.

Clár Saothair BEREC³¹

Glacann an Bord Rialtóirí Clár Oibre Bliantúil BEREC roimh dheireadh gach bliain tar éis comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Forbraítear na Cláir Oibre BEREC trí chur chuige ilbhliantúil a chur chun feidhme ina dtugtar an tsolúbthacht éigeantach do BEREC chun plé le cineál dinimiciúil na hearnála cumarsáide leictreonaí.

Leithdháileann BEREC codanna aonair den Chlár Oibre, chun a Chlár Oibre a chomhlíonadh, do Ghrúpaí Oibre Saineolacha (EWG). Is riachtanas den chreatlach rialúcháin é chun rannpháirt a ghlacadh i gClár Oibre BEREC, ach is tiomantas nach beag ag na NRA é. Is mar gheall ar an riachtanas chun an taisteal a íoslaghdú a choinnítear líon na gcruinnithe EWG don íosmhéid is gá chun a chinntiú go ndéantar an Clár Oibre go héifeachtach. I dteannta leis na cruinnithe, is amhlaidh a stiúrann na EWG a gcuid gníomhaíochtaí go leictreonach trí mheán glaonna comhdhála agus idirmhalartuithe ríomhphoist. Glacann ComReg rannpháirt go díreach i roinnt EWG agus bíonn baint ghníomhach aige le gach aschur. Cothabhálann BEREC dlúthchaidreamh leis an gCoimisiún Eorpach, leis an gComhairle agus le Parlaimint na hEorpa, agus féadann siad siúd go léir, i gcomhréir le Rialachán BEREC, a thuairim a fhiafraí. Tugann BEREC ardtosaíocht do na hiarratais úd agus is amhlaidh dá réir a chaitheann sé a chinntiú gur féidir dóthain acmhainní a chur ar fáil ach gearrfhógra a fháil. B'fhéidir go n-éireoidh sé riachtanach chun na hiarratais úd a shásamh chun atosáíochtaí nó athruithe a dhéanamh don chlár oibre, go háirithe maidir le huainiú na míreanna aonair den chlár oibre féin.

Ina theannta sin is amhlaidh a leanann BEREC ar aghaidh ag comhoibriú le comhlachtaí comhairleacha eile, ar nós an Ghrúpa Beartais don Speictream Raidió (RSPG)³² agus na Gníomhaireachta Eorpaí um Shlándaíl Líonra agus Faisnéise (ENISA)³³ mar

31 Is féidir rochtain a fháil ar a thuilleadh eolais i leith Chláir Oibre Bliantúil BEREC agus ar gach cáipéis eile de chuid BEREC ag <http://www.berec.europa.eu>

32 www.rspg-spectrum.eu

33 An Gníomhaireacht Eorpach um Shlándaíl Líonra agus Faisnéise; <http://www.enisa.europa.eu/>

a rannchuireann an comhoibriú sin le leasanna na saoránach agus le cur chun cinn na hiomaíochta.

Ó mhí Iúil 2013 i leith is amhlaidh atá BEREC tar éis glacadh le roinnt cáipéisí lenar feabhsaíodh soiléire an chur chuige rialúcháin agus lenar féachadh chun gníomh rialúcháin chomhaontaithe na todhchaí a chinntiú araon.

Mar shampla, ba ag a 21ú Cruinniú Iomlánach, a d'fhoilsigh BEREC tuairisc³⁴ faoin 'Treoir maidir leis an gcur chuige cuntasáíochta rialaitheach don tástáil inmhacasamhlaitheachta eacnamaíoch (tástálacha fáiscithe corrlaigh ex-ante)' Guidance on the regulatory accounting approach to the economic replicability test (ex-ante margin squeeze tests)'. B'éard ba chuspóir leis an gcáipéis sin ná chun treoir a sholáthar do na NRAí ó radharc na cuntasáíochta rialaithe de faoin gcaoi chun na forálacha ábhartha de Mholadh an Choimisiúin a thuiscint agus chun plé leo i leith oibleagáidí neamh-idirdhealaitheacha comhsheasmhacha agus modheolaíochtaí costála chun an iomaíocht a chur chun cinn agus comhsaol na hinfheistíochta leathanbhanda a fheabhsú, a bhaineann leis an tástáil inmhacasamhlaitheachta eacnamaíoch ex-ante faoi mar a thugtar uirthi (i gcreatlach Choibhéis na nIonchur (Eol) nó nós imeachta coibhéiseach) agus an chaoi chun an tástáil inmhacasamhlaitheachta eacnamaíoch ex-ante sin a rith i gcomhréir le hlarscríbhinn II de Mholadh an Choimisiúin.

Ag an 22ú cruinniú Iomlánach (Berne, An Eilvéis) i mí Feabhra na bliana 2015, phléigh BEREC na príomhdhúshláin a bheidh os comhair na hearnála sna chéad chúig bliana eile, mar chuid d'iarracht chun scrogaill féideartha a aithint le haghaidh a thabhairt orthu sa chéad athbhreithniú eile de Chreatlach Rialaitheach an AE don ríomh-Chumarsáid. B'in í an chéad cheann de shraith seisiún do mhalartú tuairimí leis an aidhm chun tacú leis an gCoimisiún in ullmhú athbhreithniú na rialacha teileachumarsáide den AE i gcomhthéacs Thionscnamh an Mhargaidh Dhigitiúil

Aonair. Tháinig Ceardlann phoiblí BEREC roimh na cruinnithe i leith Anailís agus Rialú Olagaplachta. D'fhreastail ní ba mhó ná 160 rannpháirtí ar an gceardlann (lenar áiríodh eochair-gheallsealbhoirí) ó 64 eagrais éagsúla. B'éard ba chuspóir leis an gCeardlann ná chun tuilleadh machnaimh a ghiniúint maidir le cur chun feidhme na creatlaí rialaithe reatha do chúinsí olagaplachtacha agus a dtionchar ar an rialú margaidh.

Ba ag an 23ú cruinniú Iomlánach (Bergen, An Iorua) i mí an Mheithimh 2015 a thug BEREC faomhadh d'fhoilsiú tuairisce chun tuiscint faoi dhinimic an mhargaidh a thabhairt do na NRAí maidir le neodracht an Idirlín, go háirithe ó thaobh an úsáideora deiridh de. Choimisiúnaigh Oifig BEREC staidéar taighde tomhaltóirí chun tuiscint a fháil ar an gcaoi ina gcuireann tomhaltóirí luach le neodracht an Idirlín agus taighde deisce chun eolas a bhailiú a bhí amuigh go poiblí cheana féin ar úsáid an Idirlín ag tomhaltóirí. Bunaithe ar an bhfianaise a bailíodh tríothu siúd a ndearnadh staidéar orthu is amhlaidh a bhaineann cineál tuairisciúil leis an tuairisc, agus nach ndéantar aon mholtaí inti faoin gcaoi ar cheart do na NRAí rialáil a dhéanamh sa limistéar sin. Díritear an Tuairisc ar BEREC agus na NRAí araon, agus d'fhéadfaidís úsáid a bhaint aisti ina n-anailís amach anseo ar mhargaí an Ae/náisiúnta, chomh maith le rannchur leis an díospóireacht phoiblí reatha i leith saincheist chasta neodracht an Idirlín. Tháinig ceardlanna na gCeannairí roimh an gcruinniú an 3 Meitheamh 2015, a bhí tiomanta don athbhreithniú amach anseo de Chreatlach Rialaitheach an AE do líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus do thodhchaí na hearnála teileachumarsáide.

Cásanna Airteagal 7 / 7a

Is ag an gCoimisiún Eorpach atá cumhachtaí maoirseachta i dtaca leis na bearta a fhéadann na NRA a ghlacadh maidir le staid iomaíocht na margáí ag an leibhéal náisiúnta, chun comhsheasmhacht níos mó a ghnóthú sna bearta rialúcháin úd. Tagann sé sin aníos faoi Airteagal 7 agus 7a den Chreat-Treoir. Is amhlaidh a chuirtear síneadh le tréimhse fiosrúcháin an Choimisiúin nuair a léiríonn sé amhrais

34 <http://www.berec.europa.eu/eng/events/2014/59-21st-berec-plenary-meeting-in-brussels>

tromchúiseacha agus a osclaíonn sé cás ar a dtugtar Cás Chéim II, faoi dhá mhí i leith cásanna Airteagal 7, nó faoi thrí mhí sna fiosrúcháin Airteagal 7a. Caitheann BEREC tuairim a nochtadh má tharlaíonn cás mar sin an bhfuil bunús leis na hamhrais tromchúiseacha úd. Is chun an cuspóir úd a bhunaigh BEREC nós imeachta chun Grúpa Oibre Saineolach a bhunú do dhréachtú tuairime.

Amhail mí na Bealtaine 2011, ní féidir cumhachtaí an Choimisiúin a chleachtadh ach amháin tar éis a shaindícheall a dhéanamh chun Tuairimí BEREC a thabhairt san áireamh. Bhí 7 gcás aonair ann sa dá mhí dhéag anuas go dtí Meitheamh 2015 mar ar léirigh an Coimisiún amhais tromchúiseach i leith bearta a raibh na NRA ag pleanáil chun glacadh leo. Ba sna cásanna úd a chealaigh fiosrúcháin Chéim II an Choimisiúin glacadh na NRA le dréachtbhearta, agus b'éigean do BEREC sna sé seachtaine ina dhiaidh sin a thuairim a thabhairt i leith amhras tromchúiseach an Choimisiúin trí mhóramh simplí dá 28 ball. Níor bhain bearta a mhol ComReg le haon cheann de na cásanna úd. Bunaíodh Grúpaí Oibre Saineolacha, lenar bhain saineolaithe ó na baill de BEREC, chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna úd. Ba de bharr acmhainní srianta ab amhlaidh nach raibh ComReg ina bhall ach in EWG amháin i rith na tréimhse úd. Rannchuireann ComReg go gníomhach áfach le tuairimí agus moltaí i gcaitheamh gach cás Chéim II. Foilsítear gach Tuairim BEREC a nglacann an Bord Rialtóirí leo ar láithreán gréasáin BEREC féin³⁵.

Straitéis Margaidh Aonair Dhigitigh an Choimisiúin Eorpaigh

Bhí cruthú Margaidh Aonair Dhigitigh ar cheann de na tosaíochtaí ba thábhachtaí a leag Uachtarán nua an Choimisiúin Eorpaigh amach, Jean-Claude Juncker, i mí Iúil 2014 ina chuid treoirlínte polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile. Thug sé tiomantas "chun céimeanna reachtaíochta uailmhianacha a ghlacadh i dtreo margaidh aonair dhigitigh nasctha" laistigh de shé mhí ó thús a shainordaithe an 1 Samhain 2014 lenar áiríodh:

- Idirbheartaíochtaí a thabhairt chun conclúide go luath faoi rialacha comónta Eorpacha um chosaint sonraí;
- uailmhian breise a chur leis an athchóiriú leanúnach de rialacha na teileachumarsáide;
- rialacha cóipchirt a nuachóiriú i bhfianaise na réabhlóide digití agus an iompair athraithe ag tomhaltóirí; agus
- rialacha do thomhaltóirí a shimpliú i leith ceannachán ar líne agus digiteach.

Áirítear leis an straitéis don Mhargadh Digiteach Aonair (DSM), a fógraíodh an 6 Bealtaine 2015 16 beart le seachadadh ag an gCoimisiún faoi dheireadh na bliana 2016. Tógtar ar thrí cholún í, mar atá:

- rochtain níos fearr do thomhaltóirí agus gnólachtaí ar earraí agus seirbhísí ar líne ar fud na hEorpa;
- cruthú na gcoinníollacha cearta do bhláthú na ngréasán agus na seirbhísí digiteacha; agus
- uasmhéadú chumas an fháis sa gheilleagar digiteach Eorpach.

Tograí an Choimisiúin Eorpaigh i gcomhair Margaidh Aonair sa Teileachumarsáid)

Ghlac an Coimisiún Eorpach le dréacht-Rialachán an 11 Meán Fómhair 2013 chun Margadh Teileachumarsáide Aonair a ghnóthú. Bhíothas ag iarraidh earnáil teileachumarsáide Eorpaí le hiomaíocht dhomhanda a chinntiú leis an togra ach an margadh teileachumarsáide aonair a chríochnú. Bhain conspóid le pleananna an Choimisiúin ón tús, óir gur áiríodh leo roinnt athruithe suntasacha maidir le heochair-shaincheisteanna beartais. Bhí Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle fíor-cháinteach dá réir faoi eochairghnéithe den togra.

Tar éis 18 mí d'idirbheartaíochtaí, tháinig na ballstáit (sa Chomhairle) ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún an 30 Meitheamh 2015 i leith rialacha neodrachtacha an Idirlín agus i leith dhíothú na muirear fánaíocht miondíola ó Mheitheamh 2017. Ba tar éis deimhniú deiridh an

35 <http://berec.europa.eu>

téacs chomhréitigh leis an gComhairle agus leis an bParlaimint, ar cheart go dtiocfadh an Rialachán TSM nua i bhfeidhm i mí Aibreáin 2016.

Táthar tar éis gach ábhar seachas neodracht an Idirlín agus an fhánaíocht (.i. Údarú AE aonair, athruithe don nós imeachta um anailís margaidh, táirgí mórdhíola leathanbhanda san AE, bearta cosanta breise do thomhaltóirí agus athruithe institiúideacha BEREC), a dhíothú i rith na n-idirbheartaíochtaí.

An Grúpa Rialtóirí Neamhspleácha (IRG)
Bunaíodh an Grúpa Rialtóirí Neamhspleácha (IRG) thiar sa bhliain 1997 mar ghrúpa Údarás Rialúcháin Náisiúnta Eorpach don Teileachumarsáid (NRA) chun taithí agus dearchtaí a chomhroinnt idir a chuig ball i leith saincheistanna tábhachtacha maidir le rialáil agus forbairt an mhargaidh theileachumarsáide Eorpaigh. Tá NRA 37 tír san IRG - na 28 Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh (AE), 4 bhallstát de chuid Chomhlachais Saorthrádála na hEorpa (CSTE)(an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Eilvéis) agus 5 thír is iarrthóirí don AE (an Albáin, Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine, Montainéagró, an tSeirbia agus an Tuirc). Oibríonn an IRG i ndlúth-chomhoibriú le BEREC (Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach). Is baill nó breathnóirí in BEREC iad gach ball den IRG freisin.

Is í Rúnaíocht IRG a sholáthraíonn ionadaíocht bhuan do BEREC sa Bhruiséil agus a chomhoibríonn go dlúth le hOifig BEREC chun na críche úd. Is tríd an IRG a thugtar an deis do na NRA chun bualadh le húdaráis rialúcháin eile chun saincheistanna forfheidhmiúcháin a phlé. Tá an fóram tar éis láthair díospóireachta fhóinteach a sholáthar i leith chur i bhfeidhm na creatlaí rialúcháin agus mar idirmhalartán faisnéise. Ina theannta sin is amhlaidh a sholáthraíonn an IRG saoráidí tacaíochta, de réir mar is gá, ag a áitreabh istigh sa Bhruiséil i gcomhair cruinnithe de Ghrúpa Oibre Saineolacha BEREC.

An Coiste Cumarsáide (CoCom)

Bunaíodh an Coiste Cumarsáide (CoCom) thiar sa bhliain 2020 faoin gCreat-Treoir mar choiste comhairleach don Choimisiún Eorpach. Is iad ionadaithe na mBallstát atá ar CoCom, agus is é an príomhról atá aige ná chun tuairimí a sholáthar i leith dréachtbheart ar mian leis an gCoimisiún glacadh leo. Ina theannta sin is amhlaidh atá sé ceaptha mar fhóram mar ar féidir leis na Ballstáit idirghníomhú leis an gCoimisiún, chun plé a dhéanamh agus a comhairle a thabhairt i leith cúrsaí agus i leith fhorbairt na ngníomhaíochtaí rialaitheacha maidir leis an gcumarsáid, líonraí agus seirbhísí leictreonacha. Pléitear sa CoCom leis na saincheistanna reatha atá mar chuid den Chlár Digiteach. Áirítear le hábhair chláir CoCom dá bplé le déanaí:

- Forfheidhmiú Threoir 2014/61/CE i leith bearta chun costas imlonnaithe na ngréasán cumarsáide leictreonaí ardluais a laghdú
- Córais Satailíte Soghluaiste – Úsáid na gComhchodanna Talún Comhlántacha do sheirbhísí aer-loingseoireachta
- Rialachán lena leagtar síos rialacha beartais phoiblí maidir le forfheidhmiú agus feidhmeanna an Fhearainn Bharrleibhéil .eu agus na prionsabail lena rialaítear an clárúchán.
- Scéim uimhrithe Eorpach don chumarsáid M2M.

Is iondúil go mbuaileann baill den Choiste le chéile ceithre huaire in aghaidh na bliana thall sa Bhruiséil. Glacann breathnóirí ó na tíortha is iarrthóirí agus ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) rannpháirt sna cruinnithe. Thairis sin, is féidir cuireadh a thabhairt do shaineolaithe ó chumainn theileachumarsáide Eorpacha chun na gcruinnithe i gcomhair ábhar sonrach sa chlár. Is é an Coimisiún a eagraíonn seisiúin faisnéisithe freisin do pháirtithe leasmhara chun iad a chur ar an eolas faoi thorthaí na gcruinnithe CoCom. Is in éineacht le hionadaithe ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha a ghlacann ComReg rannpháirt mar chuid den toscaireacht Éireannach.



RÁITIS AIRGEADAIS

TUAIRISC AN CHATHAOIRLIGH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEITHEAMH 2015

Is cúis áthais dom an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide don bhliain dar críoch Dé Máirt 30 Meitheamh 2015.

Príomh-Ghníomhaíochtaí

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (ComReg) an 1 Nollaig 2002. Sonraítear feidhmeanna an Choimisiúin san Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus san Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007. Baineann na feidhmeanna sin le rialáil agus ceadúnú an tionscail chumarsáide leictreonaí (lena n-áirítear raidió agus tarchur craolacháin), rialáil na seirbhísí poist, rialáil na seirbhísí ardráta agus rialáil an ainm fhearainn .ie. Is trí ioncam ó na tionscail chumarsáide leictreonaí, poist agus seirbhís ardráta a lánmhaoinítear an Coimisiún.

Ioncam

Gearrtar tobhaigh ar sholáthraithe áirithe cumarsáide leictreonaí, seirbhísí poist agus seirbhísí ardráta, as a mbaintear leas chun costas na rialála a mhaoiniú.

Is é an Coimisiún freisin atá freagrach as bainistiú an speictrim raidió agus is é a eisíonn agus a athnuaíonn líon mór ceadúnas Radaiteileagrafaíochta d'oibreoirí éagsúla, comhlachtaí poiblí, cuideachtaí agus daoine aonair phríobháideacha. Is leis na ceadúnais a ghintear an chuid is mó d'ioncam an Choimisiúin. Áirítear le ceadúnais áirithe freisin ceangaltas chun foc as an gceart chun leas a bhaint as an speictream raidió.

Torthaí Airgeadais

Leagtar amach mionsonraí torthaí airgeadais an Choimisiúin sna Ráitis Airgeadais agus sna nótaí a thacaíonn leis na Ráitis Airgeadais.

Iniúcháir agus Cuntais

Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, is amhlaidh a choinneoidh an Coimisiún sa chaoi atá formheasta ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gach cuntas cuí agus gnách i leith gach airgead a fuair sé nó a chaith sé. Taiscfidh an Coimisiún cuntais i ndáil le gach aon bhliain leis An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste. Laistigh de 42 lá ó iniúchadh na gcuntas, ní foláir don Choimisiún cóip de na cuntais sin a chur faoi bhráid An Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, in éineacht le tuairisc iniúchta an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste.

An Rialachas Corparáideach

Tá an Coimisiún tiomanta chun na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a chothabháil. Is é an Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an bunús ar a mbunaítear ár mbeartais rialachais chorparáidigh.

Teastaíonn ó Alt 33 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, go nglacann an Coimisiún, le faomhadh an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le cód bainistíochta airgeadais agus chun a fhoilsiú a eagrú tar éis an fhaofa úd. Ní foláir don Choimisiún leis sin a chód bainistíochta airgeadais a athbhreithniú go tréimhsiúil agus chun an cód a leasú agus a athfhoilsiú de réir mar is cuí. Tá ceangaltas ann freisin don Choimisiún chun tuairim a thabhairt sa tuarascáil bhliantúil i leith an chomhlíonta leis an gcód.

Tá an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis faomhadh a thabhairt dár gcód bainistíochta airgeadais (atá bunaithe ar an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit

arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe). Foilsítear an cód úd ar ár láithreán gréasáin, agus is é beartas an Choimisiúin chun comhlíonadh leis an gcód a chinntiú.

Gnóthas Leantach

Creideann na Coimisinéirí, tar éis fiosruithe a dhéanamh, go bhfuil dóthain acmhainní ag an gCoimisiún chun leanúint ar aghaidh i mbun oibre go ceann i bhfad eile, agus gurb oiriúnach é chun glacadh leis an mbunús gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Íoc Pras na gCuntas

Aithníonn an Coimisiún a fhreagracht as comhlíonadh a chinntiú, i ngach gné ábhartha, le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 ("na Rialacháin"). Táthar tar éis nósanna imeachta a chur i dtoll a chéile chun na dátaí ar a n-éiríonn sonraisc dlite le híoc aithint, agus chun a chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí sin faoin dáta úd. Is trí na nósanna imeachta úd a sholáthraítear ráthaíocht réasúnta i gcoinne neamh-chomhlíonta ábhartha leis na Rialacháin. Ba é an beartas íocaíochta i rith na bliana faoi athbhreithniú ná chun comhlíonadh le ceanglais na Rialachán.

Jeremy Godfrey

Cathaoirleach

An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh

16 Márta 2016

RÁITEAS UM FHREAGRACHTAÍ AN CHOIMISIÚIN

Teastaíonn ó Alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, go gcoinníonn an Coimisiún sa chaoi atá formheasta ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha, le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gach cuntas cuí agus gnách i leith airgead a fuair sé nó a chaith sé, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe, agus idirdhealú á dhéanamh iontu idir:

- (a) a fheidhmeanna i ndáil leis an gcumarsáid leictreonach,
- (b) a fheidhmeanna i ndáil le cúrsaí poist agus
- (c) a fheidhmeanna i ndáil le seirbhísí ardráta.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní foláir don Choimisiún:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastachán a dhéanamh ar réasúnta agus stuama iad;
- na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhmithe a leanúint, faoi réir ag aon imeachtaí nithiúla a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh murab iomchuí chun talamh slán a dhéanamh de go mbeidh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide fós i mbun oibre.

Is é an Coimisiún atá freagrach as leabhair chuntais chúí a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta, tráth ar bith, seasamh airgeadais an Choimisiúin agus a chuireann ar chumas an Choimisiúin chun a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le ceanglais an Ahta. Is é an Coimisiún atá freagrach freisin as cosaint sócmhainní an Choimisiúin agus dá réir as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun an chalaiois agus neamhréireachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Jeremy Godfrey
Cathaoirleach

An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
16 Márta 2016

TUAIRISC UM RIALÁIL AIRGEADAIS INMHEÁNACH

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEITHEAMH 2015

Freagrachas as Rialáil Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide, aithnímhse freagracht an Choimisiúin chun a chinntiú go gcothabháiltear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta a thabhairt, nach absalóideach í, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaítear idirbhearta agus go dtaifeadtar go hiomchuí iad agus go gcoisctear earráidí nó neamhréireachtaí nithiúla nó go mbraithfí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Eochair-Nósanna Imeachta

Ghlac an Coimisiún céimeanna chun a chinntiú go bhfuil comhsaol rialála iomchuí i bhfeidhm ach:

- cúraimí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú do thuairisciú teipeanna rialála suntasacha agus chun gníomh ceartaitheach iomchuí a chinntiú.

Bhunaigh an Coimisiún próisis chun rioscaí gnó a aithint, a bhreithmheas agus a bhainistiú:

- cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí os comhair an chomhlachta a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé de bheith inghlactha;
- an dóchúlacht go dtarlódh na rioscaí aitheanta a mheasúnú;
- measúnú ar chumas an chomhlachta chun rioscaí a bhainistiú agus chun maolú na rioscaí a tharlaíonn;
- measúnú ar chostais na rialuithe sonracha oibriúcháin i gcoibhneas leis an sochar a ghnóthaítear.

Is ar chreatlach na faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta, a bhunaítear an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh. Áirítear leis, go sonrach:

- córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil arna athbhreithniú agus arna chomhaontú leis an gCoimisiún;
- athbhreithnithe rialta ag an gCoimisiún i leith tuairiscí tréimhsiúla agus airgeadais bhliantúla ina dtugtar feidhmíocht airgeadais le fios os coinne réamh-mheastachán;
- spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlínte sainithe go soiléir chun rialú na hinfheistíochta caipitiúla;
- disciplíní bainistíochta tionscadail fhoirmiúla.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gCoimisiún a oibríonn i gcomhréir leis an gCreat-Chód Dea-Chleachtais a leagtar amach sa Chód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Múnlaítear saothar an iniúchta inmheánaigh trí anailís ar na rioscaí dá nochtar an Coimisiún, agus is ar an anailís úd a bhunaítear na pleananna iniúchta inmheánaigh bhliantúla. Is é an Coiste Iniúchta a athbhreithníonn an anailís ar riosca, agus is iad an Coiste Iniúchta agus an Coimisiún a thugann faomhadh do na pleananna iniúchta inmheánaigh. Soláthraíonn an t-iniúcháir inmheánach tuairisc bhliantúil ar a laghad i leith gníomhaíochta iniúchta inmheánaigh, don Choiste Iniúchta agus don Choimisiún. Áirítear leis an tuairisc tuairim an iniúcháir inmheánaigh i leith leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Múnlaítear monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh trí shaothar an iniúcháir inmheánaigh, an Choiste Iniúchta a mhaoirsíonn saothar an iniúcháir inmheánaigh, na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Choimisiún, ar a mbíonn freagracht as forbairt agus cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais, agus moltaí leis an Ard-Reachttaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhnímhse don bhliain dar críoch Dé Máirt 30 Meitheamh 2015 go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe airgeadais inmheánaigh.

Jeremy Godfrey

Cathaoirleach

An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh

16 Márta 2016

TUAIRISC AN ARD-AIGHNE CUNTAS AGUS CISTE

LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide don bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2015, arna fhoráil in Alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002. Is iad an ráiteas um beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an cuntas leithreasaithe, an ráiteas um ghnóthachain agus caillteanais iomlána aitheanta, an clár comhardaithe, an ráiteas um shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagadh amach ansin. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais sa chaoi a bhforordaítear faoi Alt 32 den Acht, agus i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a nglactar go coitianta leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Is é an Coimisiún atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor cothrom iontu ar ghnóthaí an Údaráis agus ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is í m'fhreagrachta sa ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú ina leith i gcomhréir leis an dlí is infheidhmithe.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do dhálaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (An RA agus Éire) agus ag comhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

Raon feidhme iniúchadh na ráiteas airgeadais

Baineann fáil fianaise le hiniúchadh i leith na méideanna agus na nithe a nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leordhóthanach iad chun ráthaíocht réasúnta a sholáthar gur saor iad na ráitis airgeadais ó mhíríteas ábhartha, bíodh sé de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis sin measúnú

- arb iomchuí iad na beartais chuntasaíochta do chúinsí an Údaráis, agus ar cuireadh chun feidhme go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad
- ar réasúntacht meastachán cuntasaíochta suntasach a dhéantar in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- ar léiriú foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaimse freisin chun fianaise a fháil i leith rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh an iniúchta.

Ina theannta sin, léimse tuarascáil bhliantúil an Údaráis chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Breithnímse na himpleachtaí do mo thuairiscse má éirím feasach i leith aon mhíríteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha.

Tuairim i leith na ráiteas airgeadais

Is í mo thuairimse, go dtugtar léargas fíor cothrom sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a nglactar go coitianta leis in Éirinn, ar ghnóthaí an Choimisiúin an Dé Máirt 30 Meitheamh 2015, agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is í mo thuairimse gur choinnigh an Coimisiún leabhair chuntais chuí. Tagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Cúrsaí ar a dtuairiscímse trí eisceacht

Tuairiscímse trí eisceacht

- Mura bhfuair mé gach eolas agus míniú ar theastaigh ó m'iniúchadhsa, nó
- má rinneadh nóta i m'iniúchadhsa d'aon ásc ábhartha nár cuireadh an t-airgead poiblí chun feidhme chun na críocha a bhí ceaptha dó nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis dá rialú, nó
- sa chás nach comhsheasmhach an t-eolas a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Choimisiúin leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an ráiteas i leith rialaithe airgeadais inmheánaigh comhlíonadh an Choimisiúin leis an gCód Cleachtas do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, nó
- Má fhaighimse amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann i ndáil leis an gcaoi ina ndearnadh an gnó poiblí.

Scaoilíocaíocht

Tarraingím aird do nóta 2 leis na ráitis airgeadais ina nochtar costais a thabhaigh an Coimisiún arbh ionann agus €221,900 iad i ndáil le comhaontú scaoilíocaíochta lenar bhain íocaíocht foirceanta de €185,000 agus ranníocaíocht le costais dlíthiúil arbh fhiú €36,900 í.

Seamus McCarthy

An tArd-Aighne Cuntas agus Ciste

23 Márta 2016

RÁITEAS UM BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1. COINBHINSIÚN CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaítear na ráitis airgeadais don Choimisiún ar bhonn fabhrúithe seachas mar a shloinntear thíos, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta leis in Éirinn; atá i gcineál arna fhormheas ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha, le comhthoilíú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Glactar le caighdeán tuairiscithe airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a éiríonn siad infheidhmithe Is é an euro an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear an ráitis airgeadais.

2. AITHEANTAS IONCAIM

Tugtar an t-ioncam ó thobhach riaracháin na Cumarsáide Leictreonaí, ón tobhach riaracháin Phoist agus ó thobhach na Seirbhísí Ardráta chun cuntais thar an tréimhse lena mbaineann sé, agus aisíoctar aon bharrachas do na costais riaracháin ábhartha, lena n-áirítear soláthairtí.

Tugtar an t-ioncam ó cheadúnais Raidió, MMDS agus Sraonaire chun cuntais thar an tréimhse lena mbaineann an ceadúnas.

Is ionann an t-ioncam Speictrim agus ioncam táille a íoctar leis an gCoimisiún don cheart chun leas a bhaint as an speictream raidió. Tugtar an t-ioncam sin chun cuntais sa tréimhse nuair a éiríonn sé dlite. Sa bhliain chuig Dé Máirt 30 Meitheamh 2015, an t-ioncam a fhaightear ón speictream raidió 3G agus Úsáide Léirscaoilte.

Tugtar an t-ioncam eile chun cuntais thar an tréimhse lena mbaineann sé.

Cuirtear an t-ioncam ó cheant chun cuntais ar bhunús na bhfáltais airgid.

3. LEITHREASÚ AN BHARRACHAIS OIBRIÚCHÁIN

Is sa Chuntas Leithreasaithe a leagtar amach leithdháileadh an bharrachais ag éirí aníos i rith na bliana. Is faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, a fhéadann an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha an Coimisiún a stiúradh chun cibé suim a íoc leis an Státchiste agus a fhéadann sé nó sí sonrú, ar suim arb ionann í agus an méid ar mó an lánsuim a fhaigheann an Coimisiún i ngach aon bhliain airgeadais ná na costais chomhiomlána a thabhaítear ar riarachán sa bhliain úd. Caitear leis na suimeanna úd mar ranníocaíocht ón mbarrachas coinnithe a ghintear ó oibríochtaí.

4. SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Glacann an Coimisiún le tairseach fosta caipitliúcháin de €1,000. Sloinntear sócmhainní seasta ag costas lúide dímhéas carntha. Ríomhtar an dímhéas chun costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh de réir méid chothroim (glanluach iarmharach i ndáil le Mótárfheithicilí) thar a saolré fhóinteach mheasta ag na rátaí seo a leanas:

Trealamh teicniúil	-15%
Trealamh ríomhaireachta	-33 1/3%
Daingneáin, feistis & trealamh oifige	-15%
Mótárfheithicilí	-20%

5. CÚLCHISTE CAIPITIÚIL

Is ionann an cúlchiste caipitiúil agus an méid ioncaim gan amúchadh as ar baineadh leas chun sócmhainní seasta a cheannach.

6. AIRGEADRAÍ COIGRÍCHE

Aistrítear na hidirbhearta a ainmnítear in airgeadraí coigríche i ndáil le fáлтаis agus costais isteach sa euro ag na rátaí malairte i bhfeidhm na dátaí ar ar tharla na hidirbhearta.

Aistrítear na sócmhainní airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí coigríche isteach sa euro ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe.

7. PINSIN

Is iad Coimisinéirí agus fostaithe earcaithe go díreach atá ar fhoireann an Choimisiúin. Tá scéim pinsin le sochar sainithe i bhfeidhm do Choimisinéirí agus d'fhostaithe an Choimisiúin. Cistítear an scéim trí ranníocaíochtaí ó Choimisinéirí, fostaithe agus ón gCoimisiún féin, a aistrítear chuig ciste ar leithligh faoi riarachán ag iontaobhaithe.

Ghlac an Coimisiún le Sochair Scoir FRS 17. Déantar sócmhainní na scéime pinsin a thomhas ag luach cóir. Déantar na dliteanas scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint leasa as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Is mar dhliteanas a chuirtear barrachas na ndlitéanas scéime thar shócmhainní na scéime sa Chlár Comhardaithe.

Baineann an costas seirbhíse reatha móide an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní scéime agus costas úis na ndlitéanas scéime leis an muirear pinsin sa chuntas loncaim agus Caiteachais.

Is sa Ráiteas um Ghnóthachain agus Caillteanas Aitheanta lomlána a aithnítear gnóthachain nó caillteanas achtúireacha ag éirí as athruithe sna toimhdithe achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí; agus aithnítear sa bhliain ina dtarlaíonn siad.

8. CÁNACHAS

Ní dhlítear Cáin Chorporáide ar an gCoimisiún. Ní ghearrtar CBL ar an ioncam a thuilleann an Coimisiún. Déantar foráil don chánachas ar an ús éarlaise a fhaightear.

9. LEITHDHÁILEADH COSTAS

Ní mór don Choimisiún faoi Alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002 (arna leasú), chun idirdhealú idir a fheidhmeanna maidir leis an gcumarsáid leictreonach, a fheidhmeanna i ndáil le cúrsaí poist agus a fheidhmeanna maidir leis na seirbhísí ardráta. Aithnítear fáлтаis agus caiteachais i ndáil le gach feidhm ar leithligh sna cuntais. Leithdháiltear forchostais chomhroinnte ar gach feidhm i gcomhréir le líon na mball foirne a bhíonn rannpháirteach le gach aon fheidhm.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch Dé Máirt 30 Meitheamh 2015

						An bhliain dar críoch 30 Meitheamh	An bhliain dar críoch 30 Meitheamh
		2015	2015	2015	2015	2015	2014
	Nótaí	Cumarsáid Leictreonach		Post	Seirbhísí Ardráta		
		Tobhach	Eile	Tobhach	Tobhach	lomlán	lomlán
		€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
IONCAM							
Tobhach		7,606		1,723	439	9,768	9,533
Táillí Ceadúnúcháin	1		43,734			43,734	40,851
Ioncam Speictrim	1		26,091			26,091	24,100
Ioncam Eile	1		2,924			2,924	631
OLL-IONCAM		7,606	72,749	1,723	439	82,517	75,115
Aistriú (chuig) / ó C(h)úlchiste Caipitiúil	11		(379)			(379)	(668)
GLAN-IONCAM		7,606	72,370	1,723	439	82,138	74,447
CAITEACHAS							
Costais foirne	2	4,932	3,303	541	419	9,195	9,168
Costais Phinsin	16(b)	1,016	680	111	86	1,893	1,482
Comhairle Theicniúil	3	3,478	1,375	832	157	5,842	4,730
Caiteachais Dlíthiúla	4	508	1,794	40	41	2,383	2,052
Fógraíocht		13	3			16	23
Caiteachais Riaracháin	5	932	794	88	77	1,891	1,972
Luach Saothair na nInúcháirí		17	13	2	2	34	33
Caiteachais Áitribh agus Gaolmhara		741	616	69	86	1,512	1,455
Dímheas	6	435	324	40	51	850	673
Caillteanas ar Dhíol Feithicle						-	5
Síntiúis le hEagrais Idirnáisiúnta	14	693				693	636
		12,765	8,902	1,723	919	24,309	22,229
(EASNAMH)/ BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN		(5,159)	63,468	-	(480)	57,829	52,218

Tá an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 chuig 20 mar chuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo.

Jeremy Godfrey

Cathaoirleach

An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh

16 Márta 2016

Cuntas Leithreasaithe don bhliain dar críoch Dé Máirt 30 Meitheamh 2015

		An bhliain dar críoch 30 Meitheamh	An bhliain dar críoch 30 Meitheamh
		2015	2014
		Total	Total
	Nótaí	€'000	€'000
BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN		57,829	52,218
Lúide: Leithreasuithe			
is Iníoctha le Ciste Lárnach	12	(58,178)	(52,155)
Coigeartú don Cúlchiste Pinsin	12	349	(63)
BARRACHAS TUGTHA ANONN		0	0

Tá an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 chuig 20 mar chuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo.

Jeremy Godfrey

Cathaoirleach

An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh

16 Márta 2016

Ráiteas um Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta don bhliain dar críoch Dé Máirt 30 Meitheamh 2015

		An bhliain dar críoch 30 Meitheamh	An bhliain dar críoch 30 Meitheamh
		2015	2014
		Total	Total
	Nótaí	€'000	€'000
BARRACHAS		0	0
Toradh iarbhair lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime	16(ciii)	1,821	2,675
Ghnóthachain/(Caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsin	16(f)	1,828	(267)
Athruithe sna toimhdí faoi bhun luach reatha	16(cii)	(334)	(5,010)
Dlliteanais na scéime pinsin			
Aistrithe isteach don tseirbhís roimhe seo	16(g)	682	–
Ghnóthachain/(Caillteanais) Aitheanta Iomlána sa Bhliain Airgeadais		3,997	(2,602)
Gluaiseacht sa Chúlchiste Pinsin			
Iarmhéid an 1 Iúil		(7,722)	(5,183)
Ghnóthachain/(Caillteanais) Aitheanta Iomlána sa bhliain		3,997	(2,602)
Coigeartú don Cúlchiste Pinsin	12	(349)	63
Iarmhéid an 30 Meitheamh		(4,074)	(7,722)

Tá an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 chuig 20 mar chuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo.

Jeremy Godfrey

Cathaoirleach

An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh

16 Márta 2016

Clár Comhardaithe amhail an Dé Máirt 30 Meitheamh 2015

		30 Meitheamh	30 Meitheamh
		2015	2014
		€'000	€'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní Inláimhsithe	6	2,629	2,250
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe	7	9,613	9,252
Infheistíochtaí Gearrthéarmacha	8	91,705	91,609
Airgead sa Bhanc agus ar láimh agus Éarlaisí Gearrthéarmacha		65,786	14,181
		167,104	115,042
CREIDIÚNAITHE (Méideanna ag éirí dlite laistigh d'aon bhliain amháin)			
Creidiúnaithe	10	(167,104)	(115,042)
SÓCMHAINNÍ GLANA REATHA		0	0
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA		2,629	2,250
SÓCMHAINNÍ GLANA SEACHAS SÓCMHAINN / (DLITEANAS) PINSIN		2,629	2,250
Sócmhainn / (Dliteanas) Pinsin	16(ci)	(4,074)	(7,722)
GLANSÓCMHAINNÍ LENA nÁIRÍTEAR SÓCMHAINN / (DLITEANAS) PINSIN		(1,445)	(5,472)
ARNA nIONADÚ AG			
Cúlchistí Caipitiúla	11	2,629	2,250
Cúlchiste Pinsin		(4,074)	(7,722)
CÚLCHISTÍ LENA nÁIRÍTEAR SÓCMHAINN / (DLITEANAS) PINSIN		(1,445)	(5,472)

Tá an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 chuig 20 mar chuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo.

Jeremy Godfrey

Cathaoirleach

An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh

16 Márta 2016

Ráiteas um Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch Dé Máirt 30 Meitheamh 2015

	An bhliain dar críoch 30 Meitheamh	An bhliain dar críoch 30 Meitheamh
	2015	2014
Nótaí	€'000	€'000
RÉITEACH BARRACHAIS OIBRIÚCHÁIN LE INSREABHADH AIRGID GHLAN Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN		
Barrachas Oibriúcháin (roimh Leithreasuithe)	57,829	52,218
Difríocht idir muirear agus ranníocaíochtaí pinsin	349	(63)
Dímheas	850	673
Caillteanas ar Dhíol Sócmhainne	-	5
Ús Bainc	(33)	(271)
Aistriú Cúlchiste Caipitiúil	379	668
(Méadú) / Laghdú i bhFéichiúnaithe	(361)	(716)
(Laghdú) / Méadú i gCreidiúnaithe (seachas Ciste Lárnach)	(6,116)	(4,791)
INSREABHADH AIRGID GHLAN Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN	52,897	47,723
RÁITEAS UM SHREABHADH AIRGID		
Insreabhadh airgid ghlán ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	52,897	47,723
Toradh ar Infheistíochtaí		
- Ús bainc agus ús eile faighte	33	271
Caiteachas caipitil	(1,229)	(1,376)
Fáltas ó Dhíol Sócmhainne	-	30
Íocaíocht le Ciste Lárnach	12	(80,516)
Bainistiú Acmhainní Leachtacha		
- Méadú / (Laghdú) in Éarlaisí Gearrthéarmacha	(51,553)	6,225
- Méadú / (Laghdú) in Infheistíochtaí Gearrthéarmacha	(96)	27,687
(LAGHDÚ) IN IARMHÉID AIRGID	9	44

Tá an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 chuig 20 mar chuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo.

Jeremy Godfrey

Cathaoirleach

An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh

16 Márta 2016

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch Dé Máirt 30 Meitheamh 2015

		An bhliain dar críoch 30 Meitheamh	An bhliain dar críoch 30 Meitheamh
		2015	2014
		lomlán	lomlán
		€'000	€'000
1.	Ioncam Neamh-Thobhaigh		
	Táille Ceadúnúcháin Chumarsáide Leictreonaí		
	Táillí Ceadúnúcháin Raidió 2G & 3G	11,319	10,717
	Táillí Ceadúnúcháin Úsáide Léirscaoilte	18,125	16,703
	Táillí Ceadúnúcháin Raidió Eile	14,162	13,303
	Ceadúnúchán MMDS & Sraonaire	128	128
		43,734	40,851
	Ioncam Speictrim Chumarsáide Leictreonaí		
	Ioncam Speictrim 3G	24,100	24,100
	Ioncam Speictrim Úsáide Léirscaoilte	1,991	-
		26,091	24,100
Stiúradh Ceant Speictrim Il-Bhainc i ndáil le Ceadúnais Úsáide Léirscaoilte i rith na bliana 2012/13. Fógraíodh toradh an cheant an 15 Samhain 2012. B'ionann na réamhtháillí deiridh a fuarthas (ag brath ar aon aisíocaíochtaí táille ceadúnais dlíte) agus €481.7m. As an €481.7m, aithníodh €474.2m mar ioncam. D'íoc ComReg méideanna arbh fhiú €1.8m san iomlán iad de bharr rochtana moillithe ar mhíreanna a gnóthaíodh ag an gceant. Íocadh €3.6m mar shuim i bhfoirm lacáistí leis na tairgeoirí buacacha a roghnaigh léirscaoileadh luath a gceadúnas reatha. Ríomhadh gach aisíoc agus lacáiste a d'íoc ComReg i gcomhréir leis an modheolaíocht a imlíníodh sa Mheabhrán Faisnéise (Cáipéis ComReg 12/52). Is ionann an t-ioncam sa bhliain 2015 agus scaoileadh forála dár foráladh sa bhliain 2014. Ina theannta sin is amhlaidh arb ionann na táillí (roimh innéacsú) Úsáide Speictrim bhliantúla i leith na gceadúnas úd agus €372.94m san iomlán agus is ar bhonn bliantúil a gheofar iad síos go dtí an bhliain 2030, ar taifeadadh €18.125m de mar ioncam sa bhliain 2015.			
	Ioncam Eile		
	Ús Bainc	33	271
	Ilghnéitheach*	2891	360
		2924	631
* Áirítear leis an Ioncam Neamh-Thobhaigh Ilghnéitheach: a) Íocaíocht €2,500,000 sa bhliain 2015 (2014: €80,000 ag Eircom ag éirí as a theip chun spriocanna feidhmíochta sonracha a ghnóthú i ndáil le feidhmíocht cáilíochta seirbhíse Eircom maidir le gnéithe den Oibleagáid Seirbhíse Uilíche don tréimhse 2013/2014 (2014: 2012/2013). (b) Áirítear leis an Ioncam Ilghnéitheach 2015 méideanna éagsúla iníoctha le ComReg de bhun ghníomhaíochtaí comhlíonta agus forghníomhaithe a stiúradh sa tréimhse. Sa chás gur tugadh na gníomhaíochtaí úd chun conclúide le socraíocht dhlíthiúil, d'fhéadfaí bheith faoi réir chlásal rúndachta. (a) Íocaíocht €275,000 sa bhliain 2014 ag Eircom ag éirí as a admháil de shárú a oibleagáidí neamh-idirdhealaithe sa Mhargadh Miondíola do Rochain Chaolbhanda.			

						An bhliain dar críoch 30 Mei-theamh	An bhliain dar críoch 30 Mei-theamh
						2015	2014
		Cumarsáid Leictreonach		Post	PRS		
		Tobhach	Eile	Tobhach	Tobhach	Iomlán	Iomlán
		€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
2.	Costais foirne						
	Costais fostaithe i rith na bliana:						
	Pá agus Tuarastail #	4,499	3,013	494	382	8,388	8,364
	Costais Leasa Shóisialaigh	433	290	47	37	807	804
		4,932	3,303	541	419	9,195	9,168
	Ba mar seo a leanas é meánlíon foirne arna bhfostú ag an gCoimisiún i gcaitheamh na bliana, arna n-anailísiú de réir catagóire:	56	41	5	6	108	113
#Oibríonn an Coimisiún scéim luach saothair a bhaineann le feidhmíocht (arbh i Oifig an Stiúrthóra Rialála Teileachumarsáide a chéadbhunaigh í). As na costais iomlán do Thuarastail agus Pá, b'ionann €675,000 (nó 8%) den iomlán agus íocaíochtaí le baill foirne i gcomhréir le forálacha na scéime luach saothair a bhaineann le feidhmíocht agus le téarmaí a gcuid conarthaí fostaíochta. Áirítear leis na costais foirne íocaíocht foirceanta de €185,000 i ndáil le socraíocht a bhain le fostaí éigin. Áirítear leis na Caiteachais Dlíthiúla ranníocaíocht le costais dlíthiúla de €36,900 i ndáil leis an ábhar úd.							
Taispeántar thíos mionsonraí luach saothair na gCoimisinéirí.							
				Tuarastal	Eile Luach Saothair	Iomlán	
				€'000	€'000	€'000	
Kevin O' Brien – Cathaoirleach*				155		155	
Gerry Fahy - Coimisinéir				147	2	149	
Jeremy Godfrey – Coimisinéir**				152	2	154	
**Ina chathaoirleach go dtí 28 Feabhra 2015							
**Ina chathaoirleach ó 1 Márta 2015							
Is ionann Luach Saothair Eile agus costas an árachais leighis arna íoc ag ComReg. Ní shíneann teidlíochtaí pinsin na gCoimisinéirí thar na teidlíochtaí caighdeánacha sa tSamhailscéim Aoisliúntais do státseirbhísigh ná sa Scéim Pinsin Seirbhíse Singile Poiblí. Ní bhíonn Coimisinéirí incháilithe do phá a bhaineann le feidhmíocht.							

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch Dé Máirt 30 Meitheamh 2015

	30 Meitheamh	30 Meitheamh
	2015	2014
	€'000	€'000

3.	Comhairle Theicniúil		
	Comhairle Ghairmiúil & Theicniúil	4,239	3,271
	Bainistiú Teagmhálaithe	722	652
	Taighde Margaidh	170	99
	Monatóireacht ar Cháilíocht na Seirbhíse	442	363
	Oiliúint Foirne agus Forbairt Ghairmiúil	269	345
		5,842	4,730

4.	Caiteachais Dlíthiúla	2,383	2,052
	Fuair ComReg €200,000 do chostais ag éirí as cás dlíthiúil sa bhliain 2014. Sloinntear na caiteachais dlíthiúla glan ar an méid ú.		

5.	Caiteachais Riaracháin		
	Trealamh agus Cothabháil TF	584	560
	Síntiúis le Bunachair Shonraí/Tuairiscí Taighde	354	403
	Taisteal agus Cothabháil	258	270
	Comhdhálacha/Cruinnithe	120	223
	Post agus Teileachumarsáid	115	135
	Stáiseanóireacht	73	83
	Foilsitheoireacht agus Cur chun Cinn	74	41
	Earcaíocht	37	0
	Solas, Teas agus Glanadh	73	77
	Árachas	31	27
	Costais Riaracháin Eile	172	153
		1,891	1,972

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch Dé Máirt 30 Meitheamh 2015

	30 Meitheamh	30 Meitheamh
	2015	2014
	€'000	€'000

6.	TANGIBLE ASSETS					
		Technical Equipment	Computer Equipment	Fixtures, Fittings & Office Equipment	Motor Vehicles	Total
		€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
	an Tionscadail					
	Amhail Dé Luain 30 Meitheamh 2014	2,107	4,687	2,668	161	9,623
	Breiseáin	201	1,028	-	-	1,229
	Diúscairtí	-	-	-	-	-
	Amhail Dé Máirt 30 Meitheamh 2015	2,308	5,715	2,668	161	10,852
	Dímheas Carntha					
	Amhail Dé Luain 30 Meitheamh 2014	991	3,816	2,503	63	7,373
	Diúscairtí	-	-	-	-	-
	Muirear don tréimhse	229	554	47	20	850
	Amhail Dé Máirt 30 Meitheamh 2015	1,220	4,370	2,550	83	8,223
	Glanluach de réir na Leabhar					
	30 Meitheamh 2015	1,088	1,345	118	78	2,629
	30 Meitheamh 2014	1,116	871	165	98	2,250

7.	Féichiúnaithe	
	Dlite laistigh d'aon bhliain amháin:	
	Tobhach riaracháin na Cumarsáide Leictreonaí	1,062 840
	Tobhach riaracháin phoist	5 37
	Ioncamh ó Cheadúnais Raidió	7,832 7,400
	Ioncam Fabhraithe	37 104
	Réamhíocaíochtaí & Caiteachais In-aisghabhála	677 871
		9,613 9,252

8.	Infheistíochtaí Gearrthéarmacha	
	Infheistíochtaí Gearrthéarmacha	91,705 91,609
	Cuimsíonn na hInfheistíochtaí Gearrthéarmacha Nótaí Stáitchiste a ceannaíodh ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Theoranta. Is in infheistíochtaí gearrthéarmacha a chuireann ComReg an farasbarr an tsealúchais airgid. Is farasbarra arna nginiúint ag ComReg atá sna sealúcháin airgid sin den chuid is mó, ar iníoctha iad leis an Stáitchiste (mar a nochtar i Nóta 10) agus airgid a shealbhaítear ar iontaobhas i ndáil le tiomantais arna dtabhairt ag tríú páirtithe do ComReg (mar a nochtar freisin i Nóta 10).	

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch Dé Máirt 30 Meitheamh 2015

	30 Meitheamh	30 Meitheamh
	2015	2014
	€'000	€'000

9.	Réiteach an tSreafa Airgid Ghlain le Gluaiseacht i nGlan-Chistí		
	Méadú san airgead i rith na tréimhse	52	44
	Méadú / (Laghdú) in Éarlaisí Gearrthéarmacha	51,553	(6,225)
	Méadú / (Laghdú) in Infheistíochtaí Gearrthéarmacha	96	(27,687)
	Athrú i nGlan-Chistí	51,701	(33,868)
	Glan-Chistí Tosaigh	105,790	139,658
	Glan-Chistí Deiridh	157,491	105,790

10.	Creidiúnaithe		
	Méideanna ag éirí dlite laistigh d'aon bhliain amháin		
	Creidiúnaithe Trádála	1,025	1,200
	Creidiúnaithe Eile	5,796	11,551
	Cáin bhreisluacha	94	95
	Fabhrúithe	1,749	1,512
	Ioncamh iarchurtha (féach an anailís thíos)	28,995	29,424
	Párolla	702	695
	Iníoctha le Ciste Lárnach (féach Nóta 12)	128,743	70,565
		167,104	115,042
Tá Éarlaisí Airgid ag ComReg ar fiú €4.5m iad (a áirítear le Creidiúnaithe Eile) ar iontaobhas, agus baineann na h earlaisí úd le tiomantais faoi leith a thugann ComReg maidir lena fheidhmeanna rialúcháin agus áirítear an méid comhfhreagrach in iarmhéid Bainc an Choimisiúin ag deireadh na bliana.			
	Anailís ar Ioncam Iarchurtha		
	Ioncamh ó Cheadúnais Raidió	28,612	28,611
	Eile	383	813
		28,995	29,424
Sa chás go ndéantar athnuachan ar cheadúnais ar feadh tréimhse a shíneann thar dheireadh na bliana airgeadais, is amhlaidh a iarchuirtear cion éigin den ioncam úd chun an caiteachas sa bhliain dár gcionn a shásamh.			

11.	CÚLCHISTÍ CAIPITIÚLA		
	Iarmhéid Tosaigh	2,250	1,582
	Aistriú (chuig) / ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:		
	Breiseáin le sócmhainní seasta	1,229	1,376
	Amúchadh i gcomhréir le dímheas sócmhainne seasta	(850)	(673)
	Méid a fuasclaíodh ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta		(35)
	Glanméid sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	379	668
	Iarmhéid Deiridh	2,629	2,250

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch Dé Máirt 30 Meitheamh 2015

12.	LEITHREASÚ BARRACHAIS			
	Foráiltear le hAlt 30 den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 go bhféadann an tAire, le comhthoil an Aire Caiteachais agus Athchóirithe Phoiblí, an Coimisiún a threorú chun suimeanna a íoc leis an Státchiste. Is é an tAire a chinneann an tsuim a íoctar leis tar éis comhairliúcháin leis an gCoimisiún féin. Tá an Coimisiún ag feitheamh ar threoir ón Roinn i ndáil leis an gcinntiúchán deiridh i leith na suime is infíoctha leis an gCiste Lárnach do na blianta 2014 agus 2015.			
	Cinntítear an tsuim atá dlite don Státchiste trí thagairt a dhéanamh don fharasbarr a thaifeadann ComReg don thréimhse, arna choigeartú do roinnt míreanna mar a leagtar amach thíos.			
		Ollmhéid Dlite	Coigeartú Pinsin(b)	Glanmhéid Dlite
		€'000	€'000	€'000
	Iarmhéid dlite don Státchiste amhail Dé Luain 30 Meitheamh 2014	74,605	(4,040)	70,565
	Farasbarr don bhliain 2015	57,829		57,829
	Íoctha sa bhliain 2015	-		-
	Coigeartú don Chúlchiste Pinsin (a)	349		349
	Aisghlámadh Íocaíochta Chiste Pnsin (b)	0	0	0
	Iarmhéid amhail 30 Meitheamh 2015	132,783	(4,040)	128,743
	a) Is ionann coigeartú don chúlchiste pinsin agus an difríocht idir an méid pinsin a gearradh don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais thiar sa bhliain 2015 arbh fhiú €1,893,000 é, agus na ranníocaíochtaí fostóra don thréimhse arbh fhiú €1,544,000 iad.			
	b) rinne ComReg ranníocaíocht €5m san iomlán lena chiste pinsin(€2.5m sa bhliain 2008 agus €2.5m sa bhliain 2009, arbh fhiú €5m san iomlán é). Taispeántar an méid atá dlite don Státchiste glan dá ranníocaíocht a bhfuiltear á haisghabháil ag €320,000 in aghaidh na bliana de réir mar a dhéantar íocaíochtaí leis an Státchiste.			

13.	ÁITREABH AGUS CÓIRÍOCHT
	Tá an Coimisiún suite in áitreabh ag Cúirt na Mainistreach, Irish Life Mall, Sráid na Mainistreach Íochtaráí, Baile Átha Cliath 1. Faightear an t-áitreabh ar cíos ó Oifig na nOibreacha Poiblí ag cíos bliantúil ar fiú €900,000 in aghaidh na bliana é.

14.	BALLRÁOCHT SNA HEAGRAIS TEILEACHUMARSÁIDE IDIRNÁISIÚNTA
	Is í An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha a dhéanann íocaíochtaí áirithe leis na hEagrais Teileachumarsáide Idirnáisiúnta ó fháltais an Tobhaigh Riaracháin um Chumarsáid Leictreonach. Áirítear leis an muirear don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais €693,000 chun na críche sin.

15.	COIMISINÉIRÍ, FOIREANN AGUS COMHAIRLEOIRÍ/COMHAIRLIGH - NOCHTADH LEASANNA
	Chomhlíon na Coimisinéirí agus an fhoireann le ceanglais Alt 25 (Nochtadh Leasanna) den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Ní raibh aon idirbheart sa bhliain i ndáil le gníomhaíochtaí an Choimisiúin a raibh aon leas tairbheach ag Coimisinéirí ná aon chomhairleoir ná comhairleach iontu.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch Dé Máirt 30 Meitheamh 2015

	30 Meitheamh	30 Meitheamh
	2015	2014
	€'000	€'000

16. PINSIN	
a) Tuairisc na Scéime	
Is údarás rialála náisiúnta é An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide a bunaíodh faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Foráiltear in Ailt 26 agus 27 den Acht go ndéanfaidh an Coimisiún scéimeanna do dheonú sochar aoisliúntais leis na Coimisinéirí agus na baill foirne agus ina leithsean, faoi réir ag faomhadh Aireachta.	
Tá scéim pinsin le sochar sainithe i bhfeidhm do na Coimisinéirí agus d'fhostaithe an Choimisiúin.	
Chun críocha an tuairiscithe i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 – Sochair Scoir (FRS 17), tugadh nuashonrú den athbhreithniú achtúireach chun críche amhail Dé Máirt 30 Meitheamh 2015.	

b) Costais Phinsin		
Costas seirbhíse reatha	2,087	1,894
Costas úis	1,450	1,413
Toradh ionchais ar Shócmhainní Scéime	(1,295)	(1,431)
Costas seirbhíse caite		
Lúide: Ranníocaíochtaí Fostaithe	(349)	(394)
Iomlán	1,893	1,482

ci) Glandliteanas Pinsin		
Lena mbaineann:		
Cóirluach Sócmhainní Scéime	40,979	35,758
Luach Reatha na nOibleagáidí Cistithe	(45,053)	(43,480)
Glan (-Dliteanas)/-Sócmhainn	(4,074)	(7,722)

cii) Luach Reatha na nOibleagáidí Scéime ag tús na bliana	43,480	35,749
Costas seirbhíse reatha	2,087	1,894
Costas Úis	1,450	1,413
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach	(1,494)	5,277
Sochair Íoctha	(441)	(815)
Préimheanna Íoctha	(29)	(38)
Luach Reatha na nOibleagáidí Scéime ag deireadh na bliana	45,053	43,480

ciii) Athrú um Shócmhainní Scéime		
Cóirluach Sócmhainní Scéime ag tús na bliana	35,758	30,566
Toradh ionchais ar Shócmhainní Scéime	1,295	1,431
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach	1,821	2,675
Ranníocaíochtaí Fostóirí	1,544	1,545

		30 Meitheamh	30 Meitheamh
		2015	2014
		€'000	€'000

16.	PINSIN (Ar Lean)		
ciii)	Athrú um Shócmhainní Scéime (ar lean)		
	Ranníocaíochtaí Ball	349	394
	Aistrithe isteach don tseirbhís roimhe seo	682	-
	Sochair íoctha ón Scéim	(441)	(815)
	Préimheanna íoctha	(29)	(38)
	Cóirluach Sócmhainní Scéime ag deireadh na bliana	40,979	35,758
	An cleachtadh reatha de mhéadú na bpinsean i gcomhréir leis an mboilsciú; áirítear é sa tomhas den oibleagáidí sochair shainithe.		

d)	Comhdhéanamh Sócmhainne Scéime		
	B'ionann sócmhainní na scéime ag deireadh na bliana:		
	Cothromais	51.8%	53.4%
	Bannaí	43.2%	45.4%
	Maoín	1.1%	1.1%
	Eile	3.9%	0.1%
		100.0%	100.0%
	Toradh iarbhair lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime		
	Toradh iarbhair	3,116	4,106
	Lúide: Toradh Ionchais	(1,295)	(1,431)
		1,821	2,675
	Ba chun an toimhde i leith an ráta fhadtéarmaigh den toradh ionchais a fhorbairt a bhreithnigh an Coimisiún an leibhéal reatha de thorthaí ionchais ar infheistíochtaí gan riosca (bannaí rialtais den chuid is mó), an leibhéal stairiúil de riosca préimhse a bhaineann le haicmí sócmhainne eile ina ndéantar an phunann a infheistiú agus na hionchais do thorthaí i leith gach aicme sócmhainne amach anseo. Ualaíodh an toradh ionchais i leith gach aicme sócmhainne ansin bunaithe ar an leithdháileadh sócmhainne sprice chun an toimhde don ráta fadtéarmach torthaí ar shócmhainní a fhorbairt i leith na punainne. B'éard ba thoradh leis sin gur roghnaíodh an toimhde 3.55% amhail 30 Meitheamh 2014. Is ionann an toimhdiú 2.7% amhail 30 Meitheamh 2015 agus an toimhdiú ráta lascaine a cuireadh chun feidhme in áireamh na ndlíteanas scéime. ** Tugtar na torthaí sócmhainne mar ghlanmhéid i gcoinne tobhaigh phinsin.		
	Meántoimhdí ualaithe as ar baineadh leas chun oibleagáidí sochair a chinntiú		
	Ráta Lascaine	2.70%	3.20%
	Ráta méadaithe cúitimh	3.00%	3.50%
	Meántoimhdí ualaithe as ar baineadh leas chun caiteachas pinsin a chinntiú		
	Ráta Lascaine	3.20%	3.80%
	Toradh ionchais fhadtéarmach ar shócmhainní scéime	2.70%	3.55%

e)	Toimhdí Airgeadais & Déimeagrafacha		
	Ba iad na Toimhdí Airgeadais as ar baineadh leas chun cuspóirí FRS 17:		
	Ráta lascaine	3.20%	3.80%
	Méaduithe tuarastail	3.00%	3.50%
	Méaduithe pinsin	2.50%	3.00%
	Méaduithe boilscithe	2.50%	3.00%

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch Dé Máirt 30 Meitheamh 2015

16.	PINSIN (ar lean)	
e)	Toimhdí Airgeadais & Déimeagrafacha (Ar Lean)	
	Ba iad seo a leanas na Toimhdí Déimeagrafacha ar baineadh leas astu	
	2015	2014
Mortlaíocht Réamh-Scoir*	S2PMA -1 le CMI 2013 (1.5%)	108% de PNM/FL00-1
Mortlaíocht Iar-Scoir*	Feabhsuithe CSO ón mbliain 2006 ar aghaidh do gach ball.	Feabhsuithe CSO ón mbliain 2006 ar aghaidh do gach ball.
Líon Lucht Scoir	Glactar leis an toimhde go dtéann gach ball a ghlac ballraíocht roimh 1 Aibreán 2004 ar scor ag aois 60 bliain agus go dtéann gach ball eile ar scor ag aois 65 bliain	Glactar leis an toimhde go dtéann gach ball a ghlac ballraíocht roimh 1 Aibreán 2004 ar scor ag aois 60 bliain agus go dtéann gach ball eile ar scor ag aois 65 bliain
Scor Easláinte	Liúntas ar bith	Liúntas ar bith
Luathscor	Liúntas ar bith	Liúntas ar bith
Tarraingtí Siar	Liúntas ar bith	Liúntas ar bith
Céatadán pósta	Glactar leis an toimhde go mbíonn 90% d'Fhireannaigh agus 75% de Bhaineannaigh pósta.	Glactar leis an toimhde go mbíonn 90% d'Fhireannaigh agus 75% de Bhaineannaigh pósta.
Difríocht Aoise idir céilí	Glactar leis an toimhde go mbíonn an fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile	Glactar leis an toimhde go mbíonn an fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile
*Bunaítear na toimhdí mortlaíochta a roghnaíodh ar tháblaí caighdeánta a fhreagraíonn don ghnáthmhortlaíocht pinsinéara, agus ceadaítear leo d'ionchas saoil a théann i méid le himeacht ama.		

30 Meitheamh	30 Meitheamh	30 Meitheamh	30 Meitheamh	30 Meitheamh
2015	2014	2013	2012	2011
€'000	€'000	€'000	€'000	€'000

f)	Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus caillteanais ó thaithí				
Oibleagáidí sochair shainithe	45,053	43,480	35,749	29,622	18,871
Cóirluach Sócmhainní Scéime	(40,979)	(35,758)	(30,566)	(26,286)	(23,776)
Easnamh / (Barrachas) don Scéim chistithe	4,074	7,722	5,183	3,336	(4,905)
Coigeartú ó Thaithí ar Shócmhainní Scéime	1,821	2,675	1,379	(602)	280
céatadán de shócmhainní scéime	4.4%	7.5%	4.5%	(2.3%)	1.2%

Gnóthachain / (caillteanais) ó Thaithí ar Dhliteanais Scéime						
méid	1,828	(1,549)	(267)	397	388	
céatadán de Dhliteanais Scéime	4.1%	(3.6%)	(0.8%)	1.3%	2.1%	

g) Seirbhís Inphinsin roimhe seo

Baineann dliteanais na scéime pinsin le sochair scoir ag éirí as seirbhís leis an gCoimisiún agus seirbhís le comhlachtaí poiblí eile sular glacadh le post sa Choimisiún mar arb eol an tseirbhís úd don Choimisiún. Tá an Coimisiún i dteideal costas chistiú na seirbhíse roimhe sin a aisghabháil ó chomhlachtaí poiblí eile faoi théarmaí a bhallraíochta sa Líonra Aistrithe Seirbhíse Poiblí.

Ba €682,00 é luach iomlán na n-íocaíochtaí úd a fuarthas sa bhliain chuig 30 Meitheamh 2015, i gcomhair seirbhíse aistrithe ag baill roimh 30 Meitheamh 2015.

Taispeántar na híocaíochtaí i ndáil le seirbhís aistrithe isteach (nuair a fhaightear í) mar mhír ar leithligh sa Ráiteas um Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána.

h) Cistiú na bPinsean

Tá an Coimisiún ag dúil le ranníocaíocht €1.5m a dhéanamh lena scéim pinsin sa bhliain 2016.

17. DLITEANAS TEAGMHASACHA

Foráladh sna ráitis airgeadais ina n-iomláine do na costais dlíthiúla a tabhaíodh go nuige seo. Tá baint ag an gCoimisiún áfach le roinnt cásanna dlíthiúla arb éiginnte iad na torthaí leo. Níor foráladh do chostais fhéideartha na todhchaí i ndáil leis na cásanna úd de bharr na héiginnteachta timpeall an toraidh agus na gcostas féideartha a d'fhéadfaí a thabhu.

18. IDIRBHEARTA LE PÁIRTITHE GAOLMHARA

Bhí idirbhearta ag an gCoimisiún le ranna rialtais eile agus le comhlachtaí stáit eile mar chuid de ghnáthchleachtadh an ghnó.

19. ASBHAINN A BHAINNEANN LE PINSEAN

Íocadh an tsuim de €706,000 a asbhaineadh ó thuarastail i ndáil leis an Asbhainn a Bhaineann le Pinsean leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha sa bhliain dar críoch Dé Máirt 30 Meitheamh 2015.

20. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Ba é Jeremy Godfrey, an Cathaoirleach, a thug faomhadh do na ráitis airgeadais seo, ar son an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide, an 16 Márta 2016.

**An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide**

Bloc DEF,
Cúirt na Mainistreach,
Lárionad Irish Life,
Sráid na Mainistreach Íochtaráí,
Baile Átha Cliath 1

Fón: +353 1 8049600
Facs: +353 1 8049680